



An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN
MEÁN FÓMHAIR 2011 – LÚNASA 2012



Tuarascáil an Uachtaráin An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

Meán Fómhair 2011 – Lúnasa 2012

Le cur faoi bhráid Údarás Rialaithe an Choláiste Ollscoile,
Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath
ag a gcruinniú an 11 Deireadh Fómhair 2012.

ISBN: 978-1-905254-69-9

Íomhánna ar leathanach 1

- 1. An Taoiseach Enda Kenny TD ag oscailt an chéad chéim de Lárionad Eolaíochta UCD (Ionad um Fhionnachtain Drugaí agus Nuálaíochta íocht Móilíní UCD) i Meán Fómhair 2011, a chuireann 6,300m² de spás taighde eolaíochta ar fáil do 300 taighdeoir a oibríonn sna heolaíochtaí cógaisíochta, bia agus sláinte, agus nanaimhíochaine**
- 2. Scoláire Taibh-Ealaíona *Ad Astra* UCD, Sam McGovern, i rith cleachtaí do léiriú UCD DramSoc de Hamlet, Eanáir 2012**
- 3. Ar ócáid chomórath cúig bliana Institiúid Confucius UCD, bhronn an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, an chéad bhonn Confucius UCD ar a Oirirceas an tUas. Guo Jinlong, Méara Bhéising, le linn a chuarie ar UCD i Meán Fómhair 2011**
- 4. Bronnadh Leas-Uachtaránacht Chumann Dlí UCD ar Uachtarán na hÉireann, Micheál D Ó hUigín. Thug an tUachtarán Ó hUigín aitheasc do na mic léinn agus do na haíonna i UCD sular ghlac sé leis an ngradam**
- 5. Ar ócáid a chéad chuarie ar Bhaile Átha Cliath i mí Eanáir 2012, thug Leas-Phríomh Aire na Ríochta Aontaithe, Nick Clegg, cuairt ar Institiúid na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus Bithleighis Mhic Con Mí UCD, áit ar chas sé le hionadaithe ó GlaxoSmithKline, agus ón gComharghrúpa Taighde Oinceolaíochta Uile-Éireannach, a oibríonn le rochtain luath ar chóireáil nua ailse a thabhairt d'othair**
- 6. Thug Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) aitheantas do ghnóthachtálacha cúigear mac léinn de chuid UCD, atá aitheanta ar fud an domhain, trí iad a chlárú ina gcomhaltai den acadamh. Sa ghrianghraf (ó chlé go deas) tá: Patrick Lonergan, Ollamh le hAthghiniúint Ainmhithe UCD; Peter Lynch, Ollamh le Meitéareolaíocht UCD, an tOllamh Luke Drury, Uachtarán an RIA; Robert Gerwarth, Ollamh le Stair UCD; agus Richard Sinnott, Ollamh le hEolaíocht Pholaitiúil UCD. Cláraíodh John Coakley, Ollamh le Polaitíocht UCD, in absentia**
- 7. Tugadh onóir do na daoine seo ag bronnadh céimeanna UCD ar Lá Bloomsday 16 Meitheamh 2012: (clé go deas) an tOllamh Laura Mulvey; Jim Sheridan; Joan Bergin; Uachtarán UCD, an Dr Hugh Brady; Brenda Fricker; Daniel Day-Lewis; agus faighteoir Bhonn Ulysses, an Dr Tony Scott**
- 8. Cuireann Lárionad Mac Léinn nua UCD saoráidí leathana ar fáil, lena n-áirítear linn snámha 50 méadar ar chaighdeán Oilimpeach, stiúideonna aclaíochta agus damhsa, saoráidí scannáin agus damhsa, agus Seomra Díospóireachta nua Fitzgerald**



Ireland's EU Structural Funds
Programmes 2007-2013
Co-funded by the Irish Government
and the European Union



EUROPEAN SOCIAL FUND

Clár

Réamhrá ón Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD 2

Coláistí 5

Coláiste Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus Leigheas Tréidliachta UCD 6

Coláiste Ealaíon agus an Léann Ceilteach UCD 8

Coláiste Gnó agus Dí UCD 10

Coláiste Innealtóireachta agus Ailtireachta UCD 12

Coláiste Eolaíochtaí Sláinte UCD 14

Coláiste Eolaíochtaí Daonna UCD 16

Coláiste Eolaíochta UCD 18

Struchtúr Eagraíochtúil UCD 20

Oideachas 21

Próifíl Mac Léinn 22

Rannpháirtíocht Luath agus Bhuan na Mac Léinn a Chothú 22

Disciplíní agus Cláir Acadúla a Láidriú agus a Fheabhsú 24

Cruthaíocht, Nuálaíocht, Fiontraíocht agus Saoránacht Ghníomhach a Spreagadh 24

Oideachas Iarchéime a Fhás agus a Fhorbairt 24

Eispéireas Mhic Léinn a chur ar Bhonn Idirnáisiúnta 25

Rannpháirtíocht a Leathnú agus Tacú le Foghlaim ar Feadh an tSaoil 25

Teagasc, Nuálaíocht san Fhoghlaim agus Forbairt Acadúil 26

Caighdeán 26

Taighde 27

Maoiniú Taighde 28

Príomh-Mhéadrachtaí Taighde agus Táscairí 30

Feidhmíochta 30

Forbairt Infreastruchtúir 30

Mór-Théama Taighde: Domhaneolaíochtaí, Fuinneamh agus an Comhshaoil 31

Mór-Théama Taighde: Éire Dhomhanda 32

Mór-Théama Taighde: Sláinte agus Cúram Sláinte a Sheachadadh 34

Mór-Théama Taighde: Eolas, Ríomhaireacht agus Cumarsáid 36

Mór-Chláir, Ionaid agus Institiúidí Taighde UCD 38

Nuálaíocht agus Compháirtíocht 39

Tionchar Eolas agus Shaineolas UCD a Uasmhéadú 40

Nuálaíocht agus Fiontraíocht a Chothú ag an Trú agus ag an gCeathrú Leibhéal 42

Nuálaíocht a Chothú i measc Fhoireann UCD 42

Eispéireas an Mhic Léinn 43

Seirbhísí Riaracháin agus Tacaíochta do Mhic Léinn 44

Spóirt, Cumainn agus Gníomhaíochtaí Eile 46

Fondúireachtaí Cumasúcháin 47

Airgeadas 48

Acmhainní Daonna 49

An Leabharlann, Bainistiú Faisnéise agus Eolais 50

Caidrimh Ollscoile 51

Forbairt agus Caidrimh Alumni 52

Forbairt Chaipitil 54

Dámhachtainí agus Gradaim 55



Réamhrá ón Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD

Fís

Agus sinn ag teannadh le lárphointe Phlean Straitéiseach UCD go 2014 *Intinní Domhanda a Chruthú*, is féidir leis an Ollscoil machnamh ar an dul chun cinn mór atá déanta go dtí seo. Áirítear air sin an fhorbairt bhreise atá déanta ar churaclam *Horizons* UCD, bunú *Acadamh Ad Astra* UCD, an tosaíocht a tugadh do na ceithre mór-théama taighde a thagann le chéile le cuspóirí beartais taighde náisiúnta, an clár oibre idirnáisiúnaithe agus na mór-thionscadail infreastruchtúir campais, mar athfhorbairt Ionad Eolaíochta UCD. Tá go leor fós le déanamh de réir mar a dhéanaimid bealaí a mheas chun ár nOllscoil a chur chun cinn, cur lenár gclú tuilleadh, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus cur le téarnamh na hÉireann. Is iad sin na spriocanna atáimid ag iarraidh a bhaint amach ag déanaimid iad a bhaint amach trí chur lenár sármhaitheas i dteagasc agus i dtaighde agus trínár ndícheall a dhéanamh trínár gclár oibre nuálaíochta chun ár n-eolas agus saineolas a léiriú chun leasa gheilleagar, chultúr agus shochaí na hÉireann.

Príomh-Thionscnaimh agus Éachtaí

Cuireadh Céim a hAon d'Ionad Eolaíochta UCD i gcrích i Meán Fómhair 2011, agus d'oscail an Taoiseach Enda Kenny, TD é. Agus é ar cheann de na príomh-fhorbairtí eolaíochta atá ag tarlú laistigh den Stát, is dearbhú é Ionad Eolaíochta UCD ar na daoine sin a bhfuil baint acu le heolaíocht agus eolaíochtaí feidhmeacha, idir thaighde, nuálaíocht agus teagasc, san Ollscoil. De réir mar a leathnófar an t-ionad trí chéimeanna a dó agus a trí, tacófar leis an eolaíocht is nua-aimseartha a sheachadadh trí shaoráidí den chéadscóth a chur ar fáil.

Tá dul chun cinn mór déanta againn freisin lenár n-iarrachtaí idirnáisiúnaithe. Tá comhaontú idir UCD agus *Ollscoil Teicneolaíochta Beijing* institiúid ardoideachais nua den chéadscóth a bhunú, Coláiste Idirnáisiúnta Beijing-Baile Átha Cliath.

Ó thaobh an oideachais de, tugtar deiseanna agus tacaí uathúla do mhic léinn den scoth le bunú *Acadamh Ad Astra* UCD. Déantar iad sin a chur i gcrích le trí shnáithe: léiríonn Scoláirí Acadúla *Ad Astra* UCD cumas eisceachtúil ina gcuid staidéar, léiríonn Scoláirí Scoth-Lúthchleasa *Ad Astra* UCD cumas eisceachtúil i spórt agus léiríonn Scoláirí Taibh-Ealaíon *Ad Astra* UCD cumas eisceachtúil ina dtalann agus a dtiomantas do thaibhiúchán.

Oideachas

Is beag an faoiseamh a fuair an geilleagar, idir náisiúnta agus dhomhanda, i rith na bliana. Tá cúrsaí i ndroch-chaoi fós, agus dá bhrí sin is scéal an-dearfach é gur tháinig ardú 1.3% ar líon mac léinn UCD. Tá spriocanna leagtha síos againn cion na mac léinn, idir iarchéime agus idirnáisiúnta, a mhéadú thar thréimhse an Phlean Straitéisigh, agus, tar éis méadú anuraidh, léiríodh fás freisin in 2011/12. D'ardaigh líon na mac léinn iarchéime 2.8%,

agus tá an t-ardú 9% i líon na mac léinn idirnáisiúnta tráthúil agus fáiltítear roimhe chomh maith. Léiríonn na mic léinn sin 28.9% agus 20.5% faoi seach de líon na mac léinn in UCD faoi láthair. Leanamar ar aghaidh freisin lenár n-iarrachtaí cur le líon na mac léinn neamhthraidisiúnta arb ionann iad agus 23% de líon na mac léinn ag an leibhéal fochéime.

D'athraigh struchtúr ár gcoláistí agus scoileanna i rith na bliana. Is éard is cuspóir leis struchtúr acadúil na hOllscoile a mhionchóiriú agus ailíniú na bpríomhdhisciplíní agus clár fochéime agus iarchéime a fheabhsú. Cruthaíodh seacht gcoláiste agus 38 scoil mar thoradh air sin.

Tar éis cuairt Bhord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann (IUQB) anuraidh, fuairamar tuairisc an-dearfach a dhearbhaigh go bhfuil próisis dhearbhu cáilíochta chuimsitheacha againn ag an leibhéal institiúide agus laistigh de na gníomhaíochtaí croiláir, is iad sin teagasc agus taighde. D'fhorbraíomar plean gníomhaíochta, ag tógáil ar mholtaí an Bhoird, ar ghlac Bord Bainistíochta an IUQB leis i mí an Mhárta 2012.

Taighde

Leanadh le ról UCD mar threoraí náisiúnta i ndáil le maoiniú taighde. Cé go bhfuil maoiniú na bliana seo níos lú ná figiúirí na bliana seo caite, mar thoradh i bpáirt, go raibh €25.7 milliún i dtionscadail PRTLÍ arna ndámhachtain ag an HEA san áireamh an bhliain roimhe sin, síníodh conarthaí le maoiniú seachtarach in 2011/12 arbh fhiú €75.1 milliún iad. Tá leibhéil mhaoinithe níos ísle ná na buaicphointí a baineadh amach sa tréimhse 2007-2009, agus is dócha gur mar sin a fhanfaidh siad, ach bhí €14.1 milliún i maoiniú AE san áireamh sa maoiniú iomlán a bhí spriocdhírthe go sonrach ag lucht taighde UCD. Leanfar leis an treocht sin.

Nuálaíocht

Ceapadh an tOllamh Peter Clinch le bheith i gceannas ar Oifig an Leas-Uachtaráin don Nuálaíocht, agus é mar mhisean aige cur le luach agus caighdeán gníomhaíochtaí nuálaíochta UCD. Táthar á bhaint sin amach trí chomhaontuithe cheadúnúcháin, comhadú paitinní agus nochtadh aireagán, chomh maith le comhpháirtíochtaí le tionscail. Áirítear ar éachtaí i rith na bliana: an fógra i ndáil le hollúnachtaí, scoláireachtaí agus sraith léachtaí bhliantúil *Elan Corporation plc.*; plean forbartha thar na trí bliana atá romhainn le *ResMed Inc.*, treoraí domhanda maidir le tairgí liachta a fhorbairt agus a dhéanamh chun neamhoird codlata a chomhrac; agus comhdú 39 iarratas paitinne thar gach réimse de na heolaíochtaí beatha, den innealtóireacht agus den teicneolaíocht cumarsáide faisnéise. Tá tionchar don Ollscoil, dá comhpháirtithe agus don saol sóisialta agus geilleagrach in Éirinn á uasmhéadú ag gníomhaíochtaí den sórt sin.



“Tá sé tábhachtach aird a tharraingt freisin ar iarrachtaí na mball foirne sin a bhfuil obair agus freagrachtaí breise glactha acu i rith na bliana. Leis an bhfreagracht agus obair bhreise sin, cinnteofar go n-éireoidh go maith leis an Ollscoil i ngach réimse gníomhaíochta agus go bhfaighidh ár mic léinn an caighdeán oideachais is airde.”

Idirnáisiúnú

Tá fócas UCD ar mhic léinn agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta ina phríomhghné dár bPlean Straitéiseach. Trí naisc den sórt sin a bhunú, ní hamháin a dhéanaimid foinsí ioncaim neamh-Stáitchiste a mhealladh, ach cuirimid lenár bpróifíl go hidirnáisiúnta agus cuirimid le sochaí an domhain ag an am céanna trí thaighde, jabanna a chruthú, naisc gheilleagracha agus eolas a scaipeadh. Chomh maith leis sin, cuirtear raon éagsúil deiseanna ar fáil do mhic léinn na hOllscoile de chuid na hÉireann le staidéar nó obair dheonach a dhéanamh thar lear.

Is éard is aidhm faoin bPlean Straitéiseach ná líon na mac léinn idirnáisiúnta a ardú go 25% de líon na mac léinn, a mbeidh 15% de sin déanta suas de mhic léinn neamh-AE. Tá cuma fíordhearfach ar an gcéatadán idirnáisiúnta reatha de 20.5% i ndáil leis sin.

Mar a luaitear thuas, tá obair ar siúl chun an chéad ghrúpa mac léinn a earcú go dtí Coláiste Idirnáisiúnta Beijing-Baile Átha Cliath, an chéad chéim d’Ollscoil Idirnáisiúnta Beijing-Baile Átha Cliath. Sa choláiste nua, díreofar ar réimsí ábhartha d’fhorbairt fiontar rathúil idir an tSín agus Éire, lena n-áirítear nuálaíocht agus fiontraíocht.

Airgeadas

I bhfianaise na ndeacrachtaí geilleagracha leanúnacha, bhí dúshlán airgeadais bhreise os comhair earnáil na n-ollscoileanna in Éirinn. Tharla roinnt laghduithe i maoiniú Stáit, agus mar gheall air sin tá an Ollscoil go leanúnach ag cuardach bealaí chun cur le héifeachtúlachtaí, chun costais a ísliú agus chun sruthanna ioncaim eile a chruthú. D’éirigh le UCD cur go mór lena ioncam ó fhoinsí neamh-Stáitchiste, tagann níos mó ná 40% dár maoiniú anois as an gcatagóir sin.

Tá sé tábhachtach aird a tharraingt ar iarrachtaí thiomanta agus leanúnacha fhoireann UCD, a bhfuil ciorruithe i maoiniú de na deicheanna de mhíliúin déanta ina leith agus fós tá siad in ann cur le líon na mac léinn agus caighdeán ár gclár acadúil a chothabháil.

Forbairt an Champais

Is mór is fiú é a bheith ar eolas go bhfuil pleananna forbartha caipitil UCD in ainneoin na géarchéime geilleagraí. Mar is cóir d’ollscoil den chéad scoth, táimid ag cur lenár gcampas trí shaoráidí acadúla, cónaitheacha agus fóillíochta a fhorbairt. Ba é an áit ba shuntasáí é sin ná le hoscailt an Ionaid Mac Léinn nua, atá anois ina fhócas le haghaidh ghníomhaíocht shóisialta, chruthaitheach agus spóirt ar Champas Belfield.

Freastalóidh an tsaoráid nua-aimseartha seo, atá maoinithe cuid mhór ag na mic léinn, ar raon éagsúil de ghníomhaíochtaí foghlama agus fóillíochta mac léinn agus tá sé ina dhlúthchuid de mhisean UCD eispéireas oideachais iomlánaíoch a chur ar fáil.

Rinneadh dul chun cinn mór ar dhá phríomhthionscadal eile in 2011/12: Ionad Eolaíochta UCD agus Scoil Díl Sutherland UCD.


Tá céim a dó d’Ionad Eolaíochta UCD á tógáil tar éis céim a haon a oscailt i Meán Fómhair 2011 agus táthar i mbun pleanála le haghaidh céim a trí. Nuair a chuirfear i gcrích é, beidh Ionad Eolaíochta UCD mar an infheistíocht chaipitil is mó in eolaíocht i Stát na hÉireann riamh.

Síníodh conarthaí tógála do fhoirgneamh le haghaidh Scoil Díl Sutherland UCD nua go luath in 2012. Tá sé sceidealaithe go mbeifear istigh san fhoirgneamh ag deireadh an tsamhraidh 2013, agus rachaidh sé chun leasa na mac léinn, lucht acadúil agus an ghairm dlí i gcoitinne.

Focal Scoir

Tá an tÚdaras Rialaithe, faoi chathaoirleacht Dermot Gallagher, ag leanúint ar aghaidh ag cur treoir ríthábhachtach agus taithí ar fáil agus sinn ag déanamh ár ndícheall fíis straitéiseach UCD a bhaint amach. Tá sé tábhachtach aird a tharraingt freisin ar iarrachtaí na mball foirne sin a bhfuil obair agus freagrachtaí breise glactha acu i rith na bliana. Leis an bhfreagracht agus obair bhreise sin, cinnteofar go n-éireoidh go maith leis an Ollscoil i ngach réimse gníomhaíochta agus go bhfaighidh ár mic léinn an caighdeán oideachais is airde.

Ba bhliain dúshlánach eile a bhí in 2011/12, ach leanaimid ar aghaidh ag dul i ngleic leis na dúshlán sin agus le dea-thorthaí a bhaint amach. Agus sinn ag iarraidh eolas a chur chun cinn, an fhírinne a bhaint amach agus an fhoghlaim a chothú, léiríonn Plean Straitéiseach UCD *Intinní Domhanda a Chruthú* go bhfuilimid dírithe ar shármhaitheas a bhaint amach in oideachas, i dtaighde agus i nuálaíocht. Leagtar amach an tslí a bhfuilimid á bhaint sin amach sa tuarascáil seo.



Hugh Brady
An tUachtarán

1

COLÁISTÍ

Chuir bunú trí choláiste nua i gcaitheamh na bliana mionchóiriú struchtúr acadúil na hOllscoile go seacht gcoláiste agus 38 scoil i gcrích. Tá na forbairtí sin leagtha amach chun cur le hailíniú na bpríomhdhisciplíní agus cláir fochéime agus iarchéime, feiceálacht cláir a fheabhsú do mhic léinn ionchais, tionscal agus rialtas, agus chun tacú le rannpháirtíocht UCD leis an gclár oibre nuálaíochta náisiúnta.

CLÁR

Scoil Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus Leigheas Tréidliachta UCD	6
Coláiste Ealaíon agus Léann Ceilteach UCD	8
Coláiste Gnó agus DÍ UCD	10
Coláiste Innealtóireachta agus Ailtireachta UCD	12
Coláiste Eolaíochtaí Sláinte UCD	14
Coláiste Eolaíochtaí Daonna UCD	16
Coláiste Eolaíochta UCD	18
Struchtúr Eagraíochtúil UCD	20

An Plean Straitéiseach

Bunaíodh Coláiste Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus Leigheas Tréidliachta UCD an 1 Meán Fómhair 2011, agus tá sé comhdhéanta de Scoil Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD agus Scoil Leigheas Tréidliachta UCD. Feidhmíonn na scoileanna go neamhspleách ach tá an tiomantas straitéiseach acu maidir le caighdeán clár, earcú mac léinn agus taighde a fheabhsú. Tá siad tiomanta cur le téarnamh geilleagrach náisiúnta tríd an mbaint atá acu i dtionscnaimh náisiúnta. Sna scoileanna, táthar ag díriú ar níos mó ioncain nach ioncam Státhchiste é agus tá cláir nuálacha nua (iarchéime agus idirnáisiúnta) á seachadadh acu, a chuirfidh go mór le hairgeadas UCD agus a laghdóidh chomh mór is a bhraitear ar mhaoiniú Stáit.

In ainneoin timpeallacht mhaoinithe dheacair le bliain anuas, sa dá scoil tugadh aghaidh ar phríomhchuspóirí de Phlean Straitéiseach UCD go 2014 *Intinní Domhanda a Chruthú*, go háirithe maidir le cur le príomhthéamaí taighde na hOllscoile sna Domhaneolaíochtaí, i bhFuinneamh agus an Comhshaol, agus i Sláinte agus i gCúram Sláinte a Sheachadadh. Tá raon caidreamh institiúideach idirnáisiúnta inbhuanaithe agus fadtéarmach á bhforbairt, chun deiseanna atá leathnaithe go mór do shoghluaiseacht agus malartú mac léinn a chur ar fáil, chomh maith le nuálaíocht a chothú i measc na mac léinn agus na mball foirne.

Forbairtí go dtí seo

Ba bhliain í bliain acadúil 2011/12 ar bhain an Coláiste nua-bhunaithe go leor amach. B'iad na cláir fochéime fós an príomhbhealach ar tugadh ioncam isteach; chláir níos mó mac léinn ná riamh mar gheall ar an éileamh ar chlár i dtalmhaíocht agus eolaíocht an chothaithe. I Scoil Leigheas Tréidliachta UCD, tugadh isteach Teastais Iarchéime i Sláinte Bólachta agus i Leigheas Spóirt Cainíneach, chomh maith le Dochtúireacht i Speisialtóireacht i Leigheas Tréidliachta (DVMS).

Leanadh ar aghaidh sna scoileanna le go leor maoiniú taighde a bhaint amach agus bronnadh dámhachtainí ar Phríomh Imscrúdaitheoirí (PI) i Scoil Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD de €8.4 milliún, ó raon gníomhaireachtaí maoinithe, lena n-áirítear Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Fiontraíocht Éireann, agus an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Bhí comhaontais thábhachtacha idir cliniceoirí tréidliachta

agus buntaighdeoirí mar thoradh ar straitéis taighde dhírithe nua a d'fhorbair Scoil Leigheas Tréidliachta UCD, agus méadú mór i líon na n-iarratas sa scéim síolmhaoinithe ar éirigh leo.

D'fhorbair Scoil Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD naisc chomhoibríochá láidre leis an tionscal talmhaíochta agus bia trí bheith spriocdhírthe agus an Comhaontú Náisiúnta Comhpháirtíochta Taighde Talmhaíochta, Oideachais agus Nuálaíochta á fhorbairt idir UCD agus Teagasc. Leis an gComhpháirtíocht, déanfar ceannasaíocht eolaíochta agus theicniúil UCD agus Teagasc a thógáil mar bhonn taca ag iomaíochas idirnáisiúnta, forás agus forbairt inbhuanaithe na hearnála talmhaíochta, chomh maith le hoideachas den chéad scoth a chur ar fáil.

Leanadh sa Choláiste le naisc idirnáisiúnta láidre a thógáil, bhí toscaireacht ó UCD rannpháirteach i misean trádála de chuid na hÉireann chun na Síne, faoi cheannas an Aire Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Simon Coveney TD. Tugadh cuairt ar dhá phríomh-ollscoil talmhaíochta sa tSín agus bunaíodh naisc thaighde agus oideachais leo. Bhí an Colaiste rannpháirteach freisin i siníú Meabhráin Tuisceana idir UCD agus príomh-tháirgeoir déiríochta sa tSín, Dairy United, a mbeidh conarthaí ar fiú na milliúin euro iad le haghaidh táirgí agus seirbhísí, tionscadail thaighde agus seirbhísí oideachais agus oiliúna a chur ar fáil mar thoradh air.

Lean an Coláiste ag tacú le clár oibre nuálaíochta UCD agus bhunaigh beirt acadóirí i Scoil Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD cuideachtaí nua chun torthaí a dtaighde a chur ar bhonn tráchtála. Tacaíonn *SireBank* le pórú caorach, idir ghinealaigh agus thráchtála, agus d'fhorbair *Equilume* réiteach nua i dteiripe solais chun éifeachtúlacht atáirgthe i gcapaill a uasmhéadú.

Baineadh garspriocanna móra amach lena chinntiú go mbaineann Ospidéal Tréidliachta UCD na hardchaighdeáin amach a theastaíonn le hoideachas cliniciúil a chur ar mhic léinn. Suiteáladh córas bogearraí cliniciúil agus airgeadais nua, cuireadh córas riaracháin nua i bhfeidhm agus, a bhuíochas do fhlaithiúlacht alumni, forbraíodh saotharlann Scileanna Cliniciúla nua a úsáidfear do theagasc agus d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

Tá Coláiste Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus Leigheas Tréidliachta UCD comhdhéanta de dhá scoil:

Príomhoide an Choláiste: An tOllamh Maurice Boland

Scoil Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD
Ceann Scoile/Déan
An tOllamh Alexander Evans

Scoil Leigheas Tréidliachta UCD
Ceann Scoile/Déan
An tOllamh Grace Mulcahy

*Amhail Meán Fómhair 2011



1



2



3



4



5



6



7

1. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag sínú chomhaontú compháirtíochta UCD/Teagasc chun feabhas a chur ar thaidhde, oideachas agus nuálaíocht talmhaíochta, bhí: An tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc; Uachtarán UCD, an Dr Hugh Brady; agus Michael Berkery, iar Leas-Phríomhfheidhmeannach, IFA. Bhí an tUas Berkery ina chathaoirleach ar Mheitheal Oibre idir UCD agus Teagasc le bealaí chun an comhoibriú fadtéarmach idir an dá eagraíocht a dhéanamh foirmiúil agus níos láidre
2. An tOllamh Maurice Boland, Príomhoide, Coláiste na Talmhaíochta, na hEolaíochta Bia agus an Leighis Tréidliachta UCD, ag an 6ú Siompóisiam Réitigh Déiríochta *Optimising Production Efficiencies, Lowering Environmental Impact*, a d'óstáil UCD i gcomhar le Alltech
3. Seastán Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD ag Craobhchomórtas Náisiúnta Treafa, Baile Átha Í 2011, áit a chuir an Scoil a cláir agus taighde chun cinn i measc mac léinn lonchasaigh agus an tionscail
4. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag Lá Gairmeacha na Talmhaíochta, na hEolaíochta Bia agus an Chohaithe Daonna UCD bhí: An tOllamh Alex Evans, Déan na Talmhaíochta UCD; Maeve Dineen, alumnus na hEolaíochta Talmhaíochta UCD agus Eagarthóir Gnó, *Irish Independent*; An Dr Karina Pierce, Uachtarán, Cumann na hEolaíochta Talmhaíochta; agus an tUas. Pdraig Kelly, mac léinn sa bhliain dheiridh le hEolaíocht Talmhaíochta UCD agus Cathaoirleach ar Choiste Gairmeacha na hEolaíochta Talmhaíochta
5. Ag ócáid chun 70ú breithlá an Chumainn Eolaíochta Talmhaíochta (ASA) a cheiliúradh bhí (clé go deas): Owen Killian, Príomhfheidhmeannach, Arysza, agus Matt Dempsey, Eagarthóir an *Irish Farmers Journal* (aoichainteoirí); leis an Dr Karina Pierce, Uachtarán an ASA agus ball foirne Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD; agus Uachtarán UCD, an Dr Hugh Brady
6. Ag sínú an Mheabhráin Tuisceana idir UCD agus príomh-tháirgeoir déiríochta na Síne, Dairy United, sa tSín, bhí (clé go deas): Julie Sinnamon, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Enterprise Ireland; An tOllamh Grace Mulcahy, Déan, Scoil an Leighis Tréidliachta UCD; Simon Coveney TD, An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara; agus an tUas Lee Zhenghong, Bainisteoir Ginearálta, Dairy United
7. An tAire Taighde agus Nuálaíochta, Sean Sherlock TD (I), ag bronnadh Ghradam Enterprise Ireland 'One to Watch' 2012 ar an Dr Barbara Murphy, Ceann na hEolaíochta Eachaí ag UCD, ag Feirm Taighde Lyons de chuid UCD i mBaile Átha Cliath. Bhí an gradam mar aitheantas ar a cuid oibre maidir le masc solais teiripeach do chapail a fhorbairt. Sa phictiúr freisin tá an Dr Keith O'Neill, Enterprise Ireland

An Plean Straitéiseach

Bhain Coláiste Ealaíon agus Léann Ceilteach UCD amach roinnt cuspóirí in 2011/12, ag teacht le fíis agus aidhmeanna Phlean Straitéiseach UCD go 2014 *Intinní Domhanda a Chruthú*.

Lean an Coláiste ar aghaidh ag cur feabhais ar a chlár agus rannpháirtíocht mac léinn a chothú, cur le rannpháirtíocht, líon níos mó de mhic léinn idirnáisiúnta a mhealladh agus soláthar oideachais iarchéime a chur chun cinn. Fuair an Coláiste aiseolas dearfach in athbhreithniú cáilíochta agus i suirbhéanna mac léinn, agus cuireadh le sármhaitheas i dteagasc, i bhfoghlaim agus i dtaighde. Forbraíodh roinnt tionscadal nuálach freisin, agus tarraingíodh ar éachtaí na mball foirne agus na mac léinn araon. Tógann siad sin ar láidreachtaí atá ann cheana féin i mbailiúcháin agus i stoc cartlainne, agus cuireann siad le próifíl an Choláiste trí imeachtaí móra a réachtáil agus trí obair a dhéanamh i gcomhar le gníomhaireachtaí cultúir náisiúnta agus idirnáisiúnta agus Stáit chun saol sóisialta agus cultúrtha na hÉireann a fhorbairt sa domhan i gcoitinne.

Forbairtí go dtí seo

Sheol Scoil Céimithe an Choláiste, faoi stiúir an Dr Alexander Wilkinson, ábhar bolscaireachta nua ar fud an Choláiste agus tá Sárthaispeántas iarchéime Ar Líne á fhorbairt, ina dtarraingeofar aird ar ardleibhéal agus éagsúlacht an taighde iarchéime. Bunaíodh dhá chlár iarchéime theagasccha nua: an MA i Nua-Theangacha; agus an MFA i Scríbhneoireacht Chruthaitheach. Cuireadh an chéad PhD cleachtas-bhunaithe i gcrích i mbliana freisin, atá ina eiseamláir den tiomantas i ndáil le modhanna nua foghlama i gcomhthéacs mínithe taighde agus nuálaíocht a leathnú.

Leanadh le hidirnáisiúnta a chur chun cinn i gcomhar le UCD Idirnáisiúnta agus an tIonad do Staidéar Thar Lear. Bhí an Clár nua Saorealaíon agus Eolaíochta á fhorbairt agus dhírigh an Coláiste ar líon na mac léinn idirnáisiúnta ina chlár go léir a mhéadú.

I dTeagasc agus Foghlaim, chomh maith le rannpháirtíocht mac léinn, lean an Dr Fionnuala Dillane, Scoil Bhéarla, Drámaíochta agus Scannánaíochta UCD, a ghnóthaigh Gradam Teagaisc an

Uachtaráin, lena cuid oibre ar na Clinicí Scríbhneoireachta Buail Isteach; tá cur chuige na Scoile maidir le scileanna mac léinn a theagasc á fhorbairt ag an Dr Michael Staunton, Scoil Staire agus Cartlannaíochta UCD, agus Ánra Teagaisc agus Foghlama UCD; agus thacaigh an Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama, an tUasal Feargal Murphy, le roinnt tionscadal, lena n-áirítear síneadh a chur leis an modúl 'Introduction to the BA' feadh Chéim a hAon den chéim BA. Léiríodh an feabhas ar thimpeallacht foghlama na mac léinn leis an aiseolas dearfach a fuarthas ó shuirbhé mac léinn na hOllscoile.

Lean an Coláiste ar aghaidh le gníomhaíocht thaighde nuálach, idirdhisciplíneach agus chomhoibríoch a fhorbairt. Fuair comhghleacaithe an iliomad gradam taighde, lena n-áirítear: sé Dhámhachtain 'Smaointe Nua' Rialtas na hÉireann IRCHSS (Comhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta); sé dhámhachtain faoi Shíol-Mhaoiniú UCD: Scéim Nuálaíochta Luathchéime; agus sé cinn déag de Chomhaltachtaí lardhochtúireachta IRC agus Scoláireachtaí iarchéime, atá ina n-eiseamláir de ghníomhaíocht taighde nuálach an Choláiste, rud a chuirfidh an próifíl taighde den scoth atá ag an gColáiste cheana féin chun cinn.

Lean comhaltaí an Choláiste ar aghaidh ag tarraingt clú orthu féin go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Áirítear iad seo a leanas ar shamplaí d'éachtaí na bliana seo: an tOllamh Robert Gerwarth, Scoil Staire agus Cartlannaíochta UCD, a toghadh ina chomhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann; an Dr Lynda Mulvin, Scoil Stair na hEalaíne agus Polasáí Cultúir UCD agus Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta, ar bhronn Cumann Staraithe Ailtireachta Mheiriceá Comhaltacht Samuel H Cress uirthi; an tOllamh Mary Clayton, Scoil Bhéarla, Drámaíochta agus Scannánaíochta UCD, a toghadh ina hUachtarán ar an International Society of Anglo-Saxonists; an Dr Phyllis Gaffney, Scoil Teangacha agus Litríochtaí UCD, ar bhronn rialtas na Fraince an gradam Chevalier dans l'Ordre des Palmes Académiques uirthi; agus an tUasal Deasún Ó Riain, Scoil Ghaeilge, Léann Ceilteach, Béaloideas Éireann agus Teangeolaíochta UCD, a fuair Gradam Fochéime na hÉireann agus Thuaisceart Éireann.

Tá Coláiste Ealaíon agus Léann Ceilteach UCD comhdhéanta d'ocht scoil:

Príomhoide an Choláiste: An tOllamh Maeve Conrick
Leas-Phríomhoide: An tOllamh Liam Mac Mathúna
Stiúrthóir Scoil na gCéimithe: An Dr Alexander Wilkinson

Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama: An tUasal Feargal Murphy
Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta: An Dr Lynda Mulvin

Scoil Seandálaíochta UCD

Ceann Scoile
 An tOllamh Tadhg O'Keeffe

Scoil Clasaici UCD

Ceann Scoile
 An Dr Philip de Souza

Scoil Staire agus Cartlannaíochta UCD

Ceann Scoile
 An Dr John McCafferty

Scoil Teangacha agus Litríochtaí UCD

Ceann Scoile
 An Dr Michael Brophy

Scoil Stair Ealaíne agus Pholasáí Cultúir UCD

Ceann Scoile
 An Dr John Loughman

Scoil Bhéarla, Drámaíochta agus Scannánaíochta UCD

Ceann Scoile
 An tOllamh Anne Fogarty

Scoil Ghaeilge, Léann Ceilteach, Béaloideas Éireann agus Teangeolaíochta UCD

Ceann Scoile
 An tOllamh Liam Mac Mathúna

Scoil Ceoil UCD

Ceann Scoile
 An tOllamh Julian Horton

*Amhail Meán Fómhair 2011

Déan na nDán An Dr Joe Brady




1



2



3



4



5

1. Deasún Ó Riain, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD, a fuair Gradam na Gaeilge agus na Litríochta ag na Gradaim Fochéime 2012, in éineacht le hIar Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Iosa

2. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag comhdháil dhébhlíantúil Chumann Léinn Cheanada in Éirinn (ACSI), a d'óstaigh UCD, tá: An tOllamh John Kelly, Stiúrthóir Feidhmíocháin, Ireland-Canada University Foundation agus Iar-Chláraitheoir UCD; An tOllamh Jane Koustas, Craig Dobbin, Cathaoirleach Léinn Cheanada, UCD; An tOllamh Maeve Conrick, Príomhoide, Coláiste na nEalaíon & an Léinn Cheiltigh UCD, agus Uachtarán ACSI; An tOllamh David Wilson, Ollscoil Toronto, príomhchainteoir; agus an tOllamh Seamus Smyth, Uachtarán Emerítus NUI Maigh Nuad agus Comhchathaoirleach ar Ireland-Canada University Foundation

3. An tUas. Rory Lynch, mac léinn Ceoil fochéime agus Scoláire sna Taibh-Ealaíona Ad Astra UCD

4. Clúdach an réamheolaire nua a chuir amach Coláiste na nEalaíon & an Léinn Cheiltigh UCD chun a raon clár iarchéime a chur chun cinn

5. Tugann An Chomhairle Ealaíon agus Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD tacaíocht do Mary Morrissy, Scríbhneoir Cónaitheach UCD

6. Taispeántas Chéimithe Coláiste na nEalaíon & an Léinn Cheiltigh ar Líne UCD, lenár áiríodh Fiona Hackett, Institiúid Clinton don Léann Meiriceánach UCD, ag plé a clár PhD cleachtas-bhunaithe

6 graduate showcase
College of Arts and Celtic Studies, UCD

home archives blog repository contact

Fiona Hackett on Terra Incognita: Photography, Seismology and the Imagining of Southern California

Posted on 20 April 2012

Fiona Hackett (Clinton Institute for American Studies) talks about her PhD on photography, seismology and Southern California. It was the first practice-based PhD to be undertaken in the College and demonstrates the value of the traditional format of the doctoral thesis.

About this site

This site was developed in 2012 to showcase the caliber and variety of graduate research undertaken in the various faculties in UCD.

9 Upcoming Events / News/Links of

Tags: Photography, Practice-Based PhDs [More](#)

Scoil Gnó agus Dí UCD

www.ucd.ie/businessandlaw

An Plean Straitéiseach

Tá dhá scoil sa Choláiste, atá chun tosaigh ina gcuid réimsí in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Agus sinn ag tabhairt an dá scoil láidir seo le chéile laistigh den Choláiste, cruthaítear deiseanna níos fearr chun obair i gcomhar a threisiú agus chun comhchlár nua teagaisc agus taighde a fhorbairt. Cruthaítear scála chun a chur ar chumas na scoileanna dul san iomaíocht ar shlí níos éifeachtaí go hidirnáisiúnta, níos mó acmhainní a fháil agus dul san iomaíocht le haghaidh tionscadal taighde níos substaintiúla, agus tá tiomantas faoi leith acu cur le téarnamh náisiúnta.

Agus an margadh oideachais domhanda á aithint, ba iad príomhthéamaí na bliana earcú go hidirnáisiúnta le haghaidh foireann teagaisc agus mic léinn, agus eispéiris idirnáisiúnta a chur ar fáil d'fhoireann teagaisc agus do mhic léinn Éireannacha. Ba é an fócas a bhí fós ag Scoil Gnó UCD, mar scoil gnó dhomhanda na hÉireann, a chreidiúnuithe idirnáisiúnta mar aon lena seasamh i rangú an domhain a choinneáil mar bhearta cáilíochta aitheanta idirnáisiúnta, agus shocraigh Scoil Dí UCD 'Bunathrú Dí' mar a misean straitéiseach.

Forbairtí go dtí seo

Thosaigh an dá scoil an bhliain le déin nua, agus chuir an bheirt acu foirne bainistíochta nua i bhfeidhm chun na scoileanna a athdhírú agus a gcumas teagaisc agus taighde a neartú. Rinne Scoil Dí UCD 100 bliain de chéimithe Dí a chomórath agus rinneadh an bhliain a chomórath trí thús a chur le hobair tógála ar fhoirgneamh nua Scoil Dí Sutherland UCD, atá le cur i gcrích an bhliain seo chugainn.

Léiríodh tiomantas an Choláiste do théarnamh náisiúnta trí fhoireann de thríocha duine, idir fhoireann teagaisc agus mhic léinn, a dhírú ar an dara Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain, arna reáchtáil ag Rialtas na hÉireann.

Lean líon na mac léinn baile mar aon le mic léinn idirnáisiúnta, ar aghaidh ag fás agus léiríodh forás sa dá scoil i ndiaidh leasuithe curaclaim níos luaithe. Tharla brú isteach i margadh staidéir iarchéime na hIndia, brú ar éirigh leis, agus bhí beagnach 40% d'iontógáil i Scoil Chéimithe Gnó Michael Smurfit UCD ina mic léinn idirnáisiúnta.

Neartaigh Scoil Chéimithe Gnó Michael Smurfit UCD a réimse idirnáisiúnta tuilleadh mar bhunchomhalta den Líonra Domhanda d'Ard-Bhainistíocht, ar líonra Yale-urraithe é de 20 de na scoileanna ceannais ar shé ilchríoch. Tá comhaontas forbartha freisin ag an scoil leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus grúpa ambasadóirí na hAfraice in Éirinn, chun feasacht maidir le trádáil leis an Afraic a chur chun cinn.

D'éirigh le Scoil Gnó UCD a hathbhreithniú cáilíochta a chur i gcrích agus choinnigh a creidiúnú triarach a choinneáil nuair a rinneadh a creidiúnú AMBA a athnuachan go rathúil i ndiaidh dian-athbhreithnithe agus cuairt ar an láthair. Rinneadh na ranguithe idirnáisiúnta a chothabháil ar tháscairí cáilíochta tábhachtacha iad, go háirithe do mhic léinn idirnáisiúnta.

D'óstáil Scoil Dí UCD roinn comhdhálacha móra agus d'éirigh leis an scoil roinnt deontas taighde nua agus scoláireachtaí taighde iarchéime ó IRCHSS a bhaint amach. D'fhoilsigh foireann acadúil ag an Scoil leabhair mhóra le clódirí ollscoile agus díl clúiteacha, chomh maith le hailt in go leor de na hirísí idirnáisiúnta piarmheasúnaithe clúiteacha.

Lean an Coláiste lena chumas teagaisc agus taighde a neartú trí fiche ball nua a fhostú chun na foirne teagaisc. Agus deichniúr díobh seo tagtha ó thar lear, cuireann sé sin tuilleadh le dintiúir idirnáisiúnta an Choláiste, agus léiríonn sé muinín an phobail acadúil idirnáisiúnta in Éirinn.

Léiríodh an tiomantas don todhchaí le cláir MSc in Airgeadas Fuinnimh agus Comhshaoil, agus Margaíocht Dhigiteach, chomh maith le BCL nua i nDíl le Ceartas Sóisialta. Chuir siad sin le príomhthéamaí sa Plean Straitéiseach.

Tá Scoil Dí UCD ag díriú ar chláir malartaithe eolais níos leithne chun taighde a roinnt le pobail chleachtóirí agus pholasaí, agus tá Scoil Dí UCD ag leanúint lena cumais Oideachais Feidhmeannaigh a thógáil i ndiaidh Stiúrthóir nua a cheapadh.

Tá Coláiste Gnó agus Dí UCD comhdhéanta de dhá scoil:

Príomhoide an Choláiste: An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh

Scoil Gnó UCD

Ceann Scoile/Déan

An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh

Scoil Dí UCD

Ceann Scoile/Déan

An tOllamh Colin Scott

**Amhail Meán Fómhair 2011*



1



2



3



4



5



6



7

1. An Taoiseach, an tUas. Enda Kenny TD, le mic léinn (clé go deas) Christine Cullen, Christina O'Conner, Ciara McGinley agus Aine Casserly ag bricfeasta gnó an MSc i gCleachtas Margáiochta
2. Scoláirí *Aspire* (clé go deas) Ronan Cooney, Chloe Barton, Niamh Donnelly agus John O'Brien ag seoladh an chláir scoláireachta *Aspire 2012*
3. Helen Brophy (ar chlé), Stiúrthóir an Oideachais Fheidhmeannaigh ag Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD, agus an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Déan, Scoil Gnó UCD, ag seoladh *Executive Edge 2012*. Léiríonn *Executive Edge* cumais oideachais feidhmeannaigh Scoil Gnó UCD
4. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag Comhdháil Idirnáisiúnta an Ghrúpa Staidear Bunreachtúil UCD tá: An tOllamh Imelda Maher; An tOllamh Colin Scott, Déan, Scoil Díl UCD; an Breitheamh Susan Denham Oinigh, Príomh-Bhreitheamh; agus An tOllamh Philip Pettit, Ollscoil Princeton
5. An tOllamh Imelda Maher, Ruairi Quinn TD, An tAire Oideachais agus Scileanna, príomhdheontóir Peter Sutherland SC, agus Uachtarán UCD, An Dr Hugh Brady, ag breathnú ar an dul chun cinn ar fhoirgneamh nua Scoil Díl Sutherland UCD
6. Mac Léinn CEMS de chuid Scoil Smurfit UCD, Lukas Decker, buaiteoir Chomórtas Plean Gnó Uile Éireann *The Ireland Funds*, le (ar chlé) Kieran McLoughlin, Uachtarán agus CEO *Worldwide Ireland Funds*, agus William S McKiernan, bunaitheoir *CyberSource* agus Cathaoirleach ar phainéal na moltóirí
7. Mac léinn BCL na tríú bliana, Brian McCormick, ag glacadh leis an duais Díospóireachta/Cur i Láthair thar ceann Scoil Díl UCD ag Gradaim Díl na hÉireann

An Plean Straitéiseach

Bunaíodh Coláiste Innealtóireachta agus Ailtireachta UCD an 1 Meán Fómhair 2011, agus ceapadh an tOllamh Gerry Byrne ina Phríomhoide ar an gColáiste. Is é fíís an Choláiste a bheith ina choláiste domhanda, agus aghaidh a thabhairt ar cheisteanna domhanda a bhfuil réitigh dhomhanda ag teastáil uathu. Is é misean an Choláiste a bheith ina cheannaire domhanda i ngnéithe innealtóireachta agus ailtireachta agus i dtaighde, foghlaim agus teagasc domhanda chomh maith. Bainfear é sin amach trí ardchláir náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur ar fáil. Tá sé mar aidhm ag an gColáiste freisin fócas nuálaíochta agus deartha a choinneáil trí chomhoibriú idirhisciplíneach nua agus cinn atá ann cheana féin agus comhpháirtíochtaí tionsclaíocha a fheabhsú agus a fhorbairt.

Forbairtí go dtí seo

Rinneadh disciplíní innealtóireachta agus ailtireachta in UCD araon a chomórath in 2011. Sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD (BArch 1969) comórath céad bliain de Scoil Ailtireachta UCD i Meán Fómhair 2011. Nochtadh síleáil chomórtha, ar a liostaítear na 2,047 céimí BArch de chuid na Scoile, agus déantar an chéad céad bliain de chuid na Scoile a dhoiciméadú agus imeachtaí atá le tarlú a liostú ar láithreán gréasáin nua (www.ucdarchitecture.ie). Tionóladh ceiliúradh ar Innealtóireacht UCD i nDeireadh Fómhair 2011, agus ba é an tOllamh David O'Reilly, iar-Chathaoirleach agus CEO an Chevron Corporation, a thug an spreagaitheasc: *Can Engineers Save the Irish Economy?*

Tá an Coláiste ag leanúint ar aghaidh ag leathnú a phunainn de chlár idirnáisiúnta, le ceann dá dhá chlár nua lonnaithe in Beijing. Déanfar é sin a sheachadadh i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta Beijing, in 2012/13. Síníodh Meabhán Tuisceana i mí na Samhna 2011 idir UCD agus Coláiste Ollscoile TATI (TATIUC), Terengganu, an Mhalaeisia. Leis sin, neartaítear an comhoibriú le UCD ar raon clár Innealtóireachta ag an

leibhéal fochéime agus iarchéime, agus tá fócas tosaigh ar chlár fochéime in Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonach; aistroidh mic léinn isteach i gclár UCD ó 2012.

Tá Fuinneamh agus Dearadh ina bpríomhréimsí tosaíochta don Choláiste. I ndáil leis sin, tugadh Máistreacht nua isteach in Innealtóireacht Fuinnimh Leictirigh anuraidh agus earcaíodh beirt acadóirí sinsearacha in Innealtóireacht Córas Cumhachta. I réimse an Deartha, chomh maith le modúil nua a bhaineann le Dearadh a chur san áireamh, d'fhorbair an Coláiste Líonra Dearadh Cruthaitheach Bhaile Átha Cliath. Cruthaíodh é sin i gcomhar le Scoileanna Gnó, Ríomheolaíochta agus Faisnéisíochta UCD, agus an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (NCAD), chun feasacht agus rannpháirtíocht mac léinn a spreagadh i ngníomhaíochtaí deartha feadh UCD.

Leanadh le Straitéis Oideachais UCD a chur i bhfeidhm. Bhí sé sin dírithe ar chaighdeán teagaisc a mheasúnú agus a fheabhsú trí shonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla éagsúla a úsáid. Chuir Scoil Ailtireachta UCD tionscadal mór i gcrích le Teagasc agus Foghlaim UCD ar athdhearadh straitéiseach de mheasúnú Chéim a hAon. Cuirfear athruithe comhaontaithe i bhfeidhm do mhic léinn céadbhlíana in 2012/13.

Tá Deontas Taighde Neamhspleách Tosaigh ón Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC), a bronnadh le déanaí ar an Dr Eoin Casey, Scoil Innealtóireacht Cheimiceach agus Bhithphróis UCD á úsáid, agus measann an Coláiste go n-éireoidh leo tuilleadh a bhaint amach ón ERC. Tá roinnt clár PRLT15 á n-úsáid ag an gColáiste freisin, lena n-áirítear Comhaltachtaí PhD i dTeileachumarsáid, Comhtháthú Greille Athnuaiteán, Giniúint Dháilte agus Éileamh Solúbtha, agus Clár Oideachais agus Taighde Iarchéime nua (GREP) in Innealtóireacht.

Tá an Coláiste ag leanúint le naisc thionscail a neartú le ceapachán Bainisteoirí Forbartha Gnó ar an Tionscadal KARIM, arna mhaoiniú ag an gClár Eorpach Thiar-Thuaidh IVB INNTEREG AE, a dtiocfaidh tráchtáil na dtionscadal maoinithe as.

Tá Coláiste Innealtóireachta agus Ailtireachta UCD comhdhéanta de shé scoil:

Príomhoide an Choláiste /An Déan Innealtóireachta:

An tOllamh Gerald Byrne

Leas-Phríomhoide agus Comh-Dhéan na gClár

Innealtóireachta Teagasctha: An tOllamh Michael Bruen

An Déan Ailtireachta: An tOllamh Hugh Campbell

An Comh-Dhéan Ailtireachta: An tUasal Dan Sudhershan

Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta agus Stiúthóir Scoil

Taighde na gCéimithe: An tOllamh Tony Fagan

Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama: An tOllamh Colm O'Donnell †

Leas-Phríomhoide Idirnáisiúnta agus Forbartha:

An tOllamh David FitzPatrick

† Arna cheapadh Nollaig 2011

Scoil Ailtireachta UCD

Ceann Scoile/Déan

An tOllamh Hugh Campbell

Scoil Innealtóireacht

Bhithchórais UCD

Ceann Scoile

An tOllamh Francis Butler

Scoil Innealtóireacht Cheimiceach

agus Bhithphróis UCD

Ceann Scoile

An tOllamh Don MacElroy

Scoil Innealtóireacht Shibhialta,

Struchtúrtha agus Chomhshaoil UCD

Ceann Scoile

An Dr Mark Richardson

Scoil Innealtóireacht Leictreach,

Leictreonach agus Chumarsáide UCD

Ceann Scoile

An tOllamh Tom Brazil



Scoil Innealtóireacht Mheicniúil

agus Ábhar UCD

Ceann Scoile

An tOllamh Michael Gilchrist

*Amhail Meán Fómhair 2011



1. Cathal Leahy, Scoil na hInnealtóireachta Comhshaoil, Struchtúr agus Sibhialta UCD, a bhuaigh an duais 'An Páipéar is Fearr ó Thaighdeoir Óg' sa 6ú Chomhdháil Idirnáisiúnta ar *Weigh-in-Motion*, Dallas, Texas, i Meitheamh 2012

2. *Bliainiris speisialta* é UCD Architecture 100 le ceiliúradh a dhéanamh ar Chomóradh Céad Bliain na Scoile. Sa bhliainiris tá aistí léirmheastóireachta agus léirmheasanna ar léachtaí agus ar thaispeántais. Léirítear ann freisin an raon oibre fochéimie agus taighde atá déanta san Ailtireacht agus sa Tirdhreacht

3. D'aistrigh EnBio, cuideachta nuathionscanta, chuig NovaUCD in 2011 le bheith gar don Ghrúpa Innealtóireachta Dromchla, faoi stiúir an Dr Denis Dowling, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD. Tá teicneolaíocht brataithe micreabhlast-bhunaithe nua forbartha ag EnBio, ar a dtugtar CoBlast, lena húsáid sna hearnálacha feistí liachta agus aerospáis. Sa ghrianghraf tá spréacha ón tuairgneáil cháithnín tríd an bpróiseas deascaidh CoBlast a úsáid

4. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag Ceiliúradh ar Innealtóireacht UCD: Inné, Inniu is Amárach, tá: Michael Loughnane, Uachtarán, Cumann na gCéimithe Innealtóireachta; Uachtarán UCD, An Dr Hugh Brady; An tOllamh David O'Reilly, iar-Chathaoirleach agus CEO Chevron Corporation; agus An tOllamh Gerry Byrne, Príomhoide, Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD

5. An tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, agus Jennifer O'Donnell, mac léinn Ailtireachta UCD sa bhliain deiridh, ag cur an suiteáil síleála 56m² a dhear na mic léinn i láthair, chun comóradh 100 bliain na Scoile Ailtireachta i UCD a cheiliúradh

6. *Scoláirí Ad Astra* UCD ag déanamh staidéir ar an Innealtóireacht (clé go deas): Luciano Van Rheenen, Mark McDonnell, Sinead Cullen, Conor Waldron, Ciara Keyes agus Rory Gogarty

7. Ceapadh an tOllamh Orla Feely, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD, ina comhalta leis an gcomhairle nua Comhairle na hÉireann um Thaighde. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag an gceirniú tionscnaimh tá: An Dr Ivan Coulter, Sigmoid Pharma; An tOllamh Sheila Greene, TCD; An tOllamh Orla Feely, UCD; Sean Sherlock TD, An tAire Taighde agus Nuálaíochta; Tom Boland, CEO, HEA; An tOllamh Thomas Cooney, DIT; An tOllamh David Lloyd, Cathaoirleach IRC; An tOllamh John Brewer, Oilscóil Aberdeen; An Dr Eucharía Meehan, Stiúrthóir an IRC; agus An tOllamh Rowena Pecchenino, NUIM



Coláiste Eolaíochtaí Sláinte UCD

An Plean Straitéiseach

Cruthaíodh é an 1 Meán Fómhair 2011, agus tá an Coláiste comhdhéanta de thrí scoil: Scoil Leighis agus Eolaíocht Leighis UCD; Scoil Altranais, Chnámhseachais agus Chórais Sláinte UCD; agus Scoil Sláinte Phoiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht Daonra UCD. Le chéile tá clú an Choláiste mar ionad sármhaitheasa coinnithe agus curtha chun cinn acu in oideachas cúram sláinte. Baineadh é sin amach trí fhorbairt clár, cláir iarchéime nua a thabhairt isteach, feabhsúcháin in eispéireas na mac léinn, agus glacadh le teicneolaíocht agus modhanna teagaisc nuálacha.

Cuireann an Coláiste go mór le téama taighde straitéiseach UCD de Shláinte agus Cúram Sláinte a Sheachadadh agus tá a ghníomhaíocht taighde méadaithe go mór ag an gColáiste. Ag teacht leis an aidhm straitéiseach líon na mac léinn idirnáisiúnta a mhéadú, tharraing clár Scoil Samhraidh nua mic léinn ó roinn ollscoileanna sna Stáit Aontaithe.

Forbairtí go dtí seo

Chuir Scoil Leighis agus Eolaíocht Leighis UCD athbhreithnithe creidiúnaithe fochéime seachtracha i gcrích go rathúil arna ndéanamh ag Comhairle na nDoctúirí Leighis agus Institiúid Radagrafaíochta agus Teiripe Radaíochta na hÉireann, agus tugadh ardmholadh do chlár as an athchóiriú curaclaim a rinneadh le linn timthrialta tuairiscithe roimhe seo.

Sna struchtúir rialachais don Choláiste nua, rinneadh comhalta d'Fheidhmeannacht an Choláiste nua den Dr Martin McNamara, an Ceann Scoile agus Déan Altranais. Ba é an Dr McNamara ionadaí Chumann Ollscoileanna na hÉireann ar an athbhreithniú náisiúnta ar na céimeanna altranais agus cnámhseachais.

Lean Scoil Altranais, Chnámhseachais agus Chórais Sláinte UCD ag treisiú a láidreachtaí sa réimse staidéir iarchéime teagasctha agus d'éirigh leis an Scoil sa chéad tairiscint iomaíoch náisiúnta chun Máistir Eolaíochta in Altranais (ArD-Cleachtas: Gaistreintreolaíocht), a sheachadadh i gcomhar le hOspidéal Ollscoile Naomh Uinseann.

Chuir Scoil Leighis agus Eolaíocht Leighis UCD a punann taighde faoi threoir imscrúdaitheoirí chun cinn, tá níos mó ná 200 ball foirne taighde-ghníomhach le deontais á mbainistiú

ar fiú tuairim is €94 milliún iad. Lean gníomhaíocht thaighde cliniciúil ag fás laistigh d'Ionaid Thaighde Chliniciúla UCD in Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae agus in Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann. Tá ocht dtionscadail i ndáil le trialacha cliniciúla á n-urrú ag an Scoil anois agus táthar ag tacú le breis agus 75 staidéar gníomhach faoi stiúir imscrúdaitheoirí.

Chomh maith leis an €1.03 milliún, arna áirithiú ag an Ionad Náisiúnta um Dhaoine Scothaosta a Chosaint, d'áirithigh an tOllamh Abbey Hyde, Scoil Altranais, Chnámhseachais agus Chórais Sláinte UCD maoiniú dar luach €180K, chun dul i mbun staidéir ar shláinte ghnéis agus riachtanais oideachais ghnéis daoine óga i gcúram in Éirinn.

Fuair an Dr Tara Cusack, Scoil Sláinte Phoiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht Daonra UCD, Comhaltacht Teagaisc ó Chomhaontas Ardoideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath (DRHEA), agus toghadh an tOllamh Richard Tremblay ina Chomhalta den American Association for the Advancement of Science. Ghnóthaigh Susan Murphy Uasal, mac léinn PhD, Scoláireacht Taighde Chumann Péine na hÉireann, agus ba í buaiteoir 2012 Sparántacht Taighde O'Driscoll O'Neill Chumann Fisiteiripeoirí Cairte na hÉireann freisin í.

Bhí beirt mhac léinn de chuid Scoil Sláinte Phoiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht Daonra UCD, atá mar chuid de chlár Scoth Lúthchleasaithe *Ad Astra* UCD, rannpháirteach sna Cluichí Oilimpeacha i Londain in 2012: Arthur Lanigan O'Keefe (an Peantatlan Nua-Aimseartha) agus Annalise Murphy (Seoltóireacht).

Ghlac Scoil Leighis agus Eolaíocht Leighis UCD, i gcomhpháirtíocht le RCSI, comhúinéireacht iomlán de Choláiste Leighis Penang. Is céim thábhachtach é sin maidir le láithreach UCD sa Mhalaeisia, atá ar siúl le breis agus 25 bliain, a threisiú. Tá deiseanna roghnacha cliniciúla/taighde den sórt sin thar lear forbartha freisin le hinstiúidí, lena n-áirítear Ollscoil Quínnipiac, Ollscoil Queensland agus Scoil Leighis Harvard.

Sa bhliain acadúil seo caite, shínigh Scoil Sláinte Phoiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht Daonra UCD Meabhrán Tuisceana ag leibhéal scoile le hOllscoil Shenzhen (SZU) agus Ollscoil Spóirt Shanghai.

Tá Coláiste Eolaíochtaí Sláinte UCD comhdhéanta de thrí scoil:

Príomhoide an Choláiste: An tOllamh Maurice Boland

Scoil Leighis agus Eolaíocht Leighis UCD

Ceann Scoile/Déan
An tOllamh William Powderly

Scoil Altranais, Chnámhseachais agus Chórais Sláinte UCD

Ceann Scoile/Déan
An Dr Martin McNamara

Scoil Sláinte Phoiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht Daonra UCD

Ceann Scoile/ Déan Sláinte Poiblí
An tOllamh Cecily Kelleher

An Déan Fisiteiripe

An Dr Deirdre Hurley-Osing

*Amhail Meán Fómhair 2011



1



2



3



4



5



6



7

1. Mic Léinn Leighis UCD leis an Ollamh Bill Powderly, Déan an Leighis, ag searmanas *White Coat*, Eanáir 2012, a dhéanann ceiliúradh ar thús ollíúint chliniciúil na mac léinn
2. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag seoladh na tuarascála *Enabling Recovery: The Benefits of Supporting Socialisation*, i Meitheamh, tá: An Dr Jonathan Drennan, Scoil an Altranais, an Chnámhseachais agus na gCóras Sláinte UCD; Kathleen Lynch TD, Aire Stáit, an Roinn Sláinte agus an Roinn Dí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta; An Dr Ann Sheridan, Scoil an Altranais, an Chnámhseachais agus na gCóras Sláinte UCD; agus An Dr Martin McNamara, Déan an Altranais
3. Sa ghrianghraf (clé go deas) tá Mary Anne Kenny, Leas-Eagarthóir, *Irish Medical Times*; Valerie Toe, mac léinn Leighis UCD agus buaiteoir bonn óir i nGradaim Taighde na Mac Léinn Samhraidh; agus An tOllamh Michael Keane, Ceann Leighis agus Speisialtachtaí Leighis, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD
4. An Dr David O'Connor, Cathaoirleach, Institiúid Bitheolaíochta na hÉireann, ag bronnadh an gradam don líon pointí ab airde sa bhitheolaíocht san Ardeistiméireacht ar John McCormick, Stage One Medicine agus Scolaire *Ad Astra* UCD
5. An tOllamh Bill Powderly, Déan an Leighis, le mic léinn ó Choláiste Leighis Penang, ag searmanas chun slán a fhágáil leo agus iad ag filleadh ar an Malaéis
6. Keith Wood, imreoir rugbaí idirnáisiúnta agus aoichainteoir (sa lár) le mic léinn ó Scoil na Sláinte Poiblí UCD, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra: Paul Joyce, Elma Beirne, Emer O'Connell agus Zhuo Chen, ar an Modúl Oibríochtaí Rugbaí Aontais agus Club (MSc i mBainistíocht Spóirt agus Aclaíochta 2011/12)
7. An tOllamh Cecily Kelleher, Déan na Sláinte Poiblí, leis an Ollamh David Barker, An tOllamh le hEipidémeolaíocht, Ollscoil Southampton, a thug léacht dar teideal *The First 1000 Days: Policy Implications for Maternal and Child Health*, a d'eagraigh Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD

Coláiste na nEolaíochtaí Daonna

www.ucd.ie/humanosciences

An Plean Straitéiseach

Tá ról lárnach ag Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD i seachadadh uailmhianta Phlean Straitéiseach UCD go dtí 2014 *Intinní Domhanda a Chruthú*. Cuireann sé le hathnuachan rathúnais eacnamaíoch, forbraíonn eolas nua agus tugann dúshlán fírinne a bhfuil glacadh leo. Sa bhliain acadúil 2011/12, chuir an Coláiste lena chuid taighde ar aghaidh a thabhairt ar na dúshlán atá roimh Éirinn agus an domhan níos leithne amach trí dhírú ar shaincheisteanna criticiúla mar leasú struchtúr polaitíochta, an córas baincúireachta agus airgeadas náisiúnta a bhfuil géarchéim ann, inbhuanaitheacht, meabhairshláinte na hóige agus idirghabhálacha do leanáí faoi mhíbhuntáiste. Is féidir cur leis an saineolas agus leis an gceannaireacht a theastaíonn chun déileáil leis na dúshlán seo trí raon méadaithe na gclár máistreachta agus dochtúireachta, agus éiríonn go rímhaith i gcónaí le clárí fhochéimithe chun éagsúlacht mac léinn a mhealladh a chuireann le sprioc rannpháirtíochta fairsingithe na hOllscoile. Leanann an Coláiste le clár idirnáisiúnta na hOllscoile ag gach leibhéal, go háirithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus sa tSín.

Forbairtí go dtí seo

Dhírigh roinnt tionscnamh nua ar an gclár BA a chomhsheachadaítear le Coláiste Ealaíon agus Léann Ceilteach UCD, lena n-áirítear ceapadh Oifigeach Rannpháirtíochta Mac Léinn, seoladh na piarmheantóireachta, agus píolótú modúil nua chéad bhliana ar Fhoghlaim don Rathúlacht san Ollscoil. Ag leibhéal na gcéimithe forbraíodh Máistreacht nua tras-dhisciplíne i mBeartas Poiblí mar aon le roinnt clár múinte nua saindisciplín. Forbraíodh MSc cúig bliana sa Mhata, san Eolaíocht agus san Oideachas, cur chuige nua maidir le hullmhú múinteoirí iar-bhunscoile i gcomhar le Coláiste Eolaíochta UCD.

Cuireadh tús le raon de thionscail taighde nua spreagúla i rith na bliana. Tá maoiniú á dhéanamh ag Seachtú Creachlár

an Choimisiúin Eorpaigh ar mhórthionscadal comhoibríoch ar athléimneacht uirbeach agus ar cheann eile ar inbhuanaitheacht agus ar fheidhmiú taighde an éiceachórais, mar aon le maoiniú a chur ar fáil do scoláirí nua. Fuarthas maoiniú suntasach ón IRCHSS faoina scéimeanna 'New Ideas', Comhaltachta Taighde agus Comhaltachta Iardhochtúireachta, agus ó iliomad foinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile freisin ó na Ranna Gnóthaí Eachtracha agus Leanáí agus Gnóthaí Óige, go dtí Fondúireacht Taighde na Gearmáine agus Iontaobhas Leverhulme.

I rith na bliana d'eagraigh an Coláiste agus a chomhscoileanna roinnt seimíneár agus comhdhálacha ardghradaim. Thug Iar-Uachtarán na hÉireann, Mary Robinson, óráid ag céad Scoil Earraigh UCD Garret FitzGerald ar an téama *An Daonlathas sa 21ú Céad*, agus ar an dream a thug léacht bhí an tOllamh David Marquand (Oxford), an tOllamh Conor Gearty (LSE) agus an Banbharún Onora O'Neill (Cambridge). Ag comhdháil ar *Inequality and Poverty in Boom and Bust* áiríodh aoi-léacht ón Ollamh Sir Tony Atkinson ar 'Income Inequality and Financial Crises'. Reáchtáladh an *8ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Aeráid Uirbeach* i UCD, agus eagraíodh mór-chomhdhálacha ar théamaí lena n-áirítear: *Law, State and Religion* (in onóir an Bhuaiteora Nobel Iaránaigh, Dr Shirin Ebadi); an fealsúnaí Wilfrid Sellars; *Stigma and Youth Mental Health; The Geopolitics of Peace and Conflict in Colombia, Kurdistan, Northern Ireland and Sri Lanka; The Challenge of Cross-Border Cooperation in Healthcare Provision; Changing Universities: Changing Sociology; agus Health in Crisis?*

Toghadh na hOllúna John Coakley agus Richard Sinnott chun Acadamh Ríoga na hÉireann agus bhronn rialtas na Fraince Chevalier de l'Ordre des Palmes Académiques ar an Dr Joseph Cohen. Toghadh an tOllamh Alun ar Academia Europaea (Acadamh na hEorpa). Bhronn Cumann Staitistiúil agus Fiosrúcháin Sóisialta na hÉireann (SSIS) Duais Barrington ar an Dr Orla Doyle, agus bhain an tOllamh Maeve Cooke Dámhachtain Fulbright mar Scoláire Éireannach.

Tá Scoil na nEolaíochtaí Daonna UCD comhdhéanta de dheich scoil:

Príomhoide an Choláiste: An tOllamh Brian Nolan
Stiúrthóir Scoil na gCéimithe: An Dr Jos Elkink

An Leas-Príomhoide Teagaisc agus Foghlama: An Dr Barbara Dooley
An Leas-Príomhoide Taighde agus Nuálaíochta: An tOllamh Alun Jones

Scoil an Léinn Shóisialta Fheidhmeannaigh UCD
Ceann Scoile
An tOllamh Bryan Fanning

Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD
Ceann Scoile
An tOllamh Zorica Nedovic-Budic

Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD
Ceann Scoile
An tOllamh David Farrell

Scoil na Soceolaíochta UCD
Ceann Scoile
An tOllamh Sinisa Malesevic

Scoil na hEacnamaíochta UCD
Ceann Scoile
An tOllamh David Madden

Scoil an Léinn Eolais agus na Leabharlannaíochta UCD
Ceann Scoile
An tOllamh Diane Sonnenwald

Scoil na Síceolaíochta UCD
Ceann Scoile
An Dr Ellis Hennessy

Déan na nEalaíon
Dr Joe Brady

Scoil an Oideachais UCD
Ceann Scoile
An tOllamh Ciaran Sugrue

Scoil na Fealsúnachta UCD
Ceann Scoile
An tOllamh María Baghrmian

Scoil na Córa Sóisialta UCD
Ceann Scoile
An tOllamh Kathleen Lynch

Déan na hEolaíochta Sóisialta
An tOllamh Suzanne Quinn

*Amhail Meán Fómhair 2011



1



2



3

1. Ag an gcomhdháil *Poverty and Inequality in Boom and Bust* a d'eagraigh Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD, in Eanáir 2012, sheol an tAire Coimirce Sóisialaí, Joan Burton TD, *Poverty and Deprivation in Europe*, leis an Ollamh Brian Nolan, Príomhoide an Choláiste, agus an tOllamh Christopher T Whelan, Scoil na Socheolaíochta UCD

2. An tOllamh David Farrell, Ceann Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD, ag seoladh na tuarascála tionscnaimh *We the Citizens*, Nollaig 2011

3. Sa ghrianghraf tá toscaíri ag an Bú gComhdháil Idirnáisiúnta ar an Aeráid Uirbeach, Lúnasa 2012, leis an Dr Gerard Mills (ar chlé), Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus an Pholasáí Comhshaoil UCD, agus Uachtarán an *International Association for Urban Climates*

4. Bronnadh céim dochtúireachta oinnigh ar Olivia O'Leary, a dúradh fúithi ag an ócáid gur duine de na hiriseoirí is mó a bhfuil meas uirthi agus gur duine de na tráchtairí is mó a bhfuil cion uirthi sa tír, i UCD i mí na Nollag 2011



4

5. Farid Ouabdesselam, Uachtarán Ollscoil Joseph Fourier, Grenoble, ag bronnadh *Toga*, Gradam na Céime Dochtúireachta Oinnigh, ar an Ollamh Anne Buttimer, Ollamh Emerítus ag Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus an Pholasáí Comhshaoil UCD, Eanáir 2012. Is i an tOllamh Buttimer an chéad bhean agus an chéad eolaí daonna leis an ngradam seo a fháil ó Ollscoil Joseph Fourier

6. An Dr Amanda Fitzgerald agus An Dr Barbara Dooley, Scoil na Síceolaíochta UCD, ag seoladh an tsuirbhé *My World ar mheabhairshláinte* na hóige, a d'eagraigh an Scoil i gcomhar le Headstrong, an *National Centre for Youth Mental Health*



5



6

Coláiste na hEolaíochta UCD

An Plean Straitéiseach

Bunaíodh an Coláiste in 2011 agus clúdaíonn sé príomhdhisciplíní eolaíochta agus feidhmeacha. I dTeagasc agus Foghlaim is í an aidhm atá ann punann roghanna céime a chruthú atá oiriúnach don 21 haois a mheallfaidh na mic léinn is fearr. Tá an Coláiste tiomanta do shár-eispéireas ollscoile a sholáthar agus do rannpháirtíocht mac léinn ó chúirí neamhthraidisiúnta a leathnú. Is colún riachtanach den Choláiste í taighde eolaíoch, a fheidhmíonn mar éascaitheoir chun tacú lena scoileanna agus le hinstiúidí taighde idirdhisciplíneacha gaolmhara sa bhfionnachtain luath, sa nuálaíocht agus i bhfeidhmiú iarteachtach. Tá siad seo go léir chomh riachtanach céanna le tionchair todhchaí ionchasacha a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe an oideachais, na tionsclaíochta agus na sochaí.

Forbairtí go dtí seo

Rinne an Coláiste athstruchtúrú ar a churaclam fochéime BSc chun freagairt do riachtanais athraitheacha an oideachais eolaíochta. Tugann sé seo deis níos mó do mhic léinn triail a bhaint as roinnt ábhar sula socraíonn siad cad iad na cinn a gcoinneoidh siad leo. Bhí méadú suntasacha ar chéad roghanna do chomhlár iontrála Eolaíochta DN200 UCD, ó 234 (2008) go 602 (2012), méadú de bhreis ar 250%, agus ardú dá réir ar phointí CAO ó 300 (2008) go 500 (2012).

D'fhorbair an Coláiste na tionscnaimh seo a leanas chun cur le heispéireas mac léinn Eolaíochta fochéime: scéim Dámhachtainí Píarmheantóireachta a thugann aitheantas do na mic léinn sin a léiríonn sármhaitheas ina ról; Foghlaim le Cabhair Phiara (PAL), a thugann buntáiste oideachasúil do na mic léinn a dhéanann an mheantóireacht agus na mic léinn a ndéantar meantóireacht orthu araon; Clár Dámhachtainí faoi na catagóirí seo: gnóthachtáil acadúil, ceannaireacht, gnóthachtáil phearsanta agus píarmheantóireacht; Tráthnóna do Thuismitheoirí; agus Seirbhísí Comhairleacha feabhsaithe do Mhic Léinn.

Ag leibhéal na gcéimithe chuir an Coláiste béim mhéadaithe ar chláir mháistreacht múinte. IN 2011/12, thairg an Eolaíocht 44 príomhábhar múinte iarchéime agus 37 príomhábhar taighde iarchéime. Tá éileamh ar na cláir do Mháistreacht tríd an bhFoghlaim

Idirbheartach i gcónaí agus tá siad á dtairiscint anois san Eolaíocht Ríomhaireachta, i bhFisic agus sa Cheimic. Deimhníodh rathúlacht na gclár seo nuair a fógraíodh gur bhain an MSc in Eolaíocht Ríomhaireachta trí Fhoghlaim Idirbheartach Dámhachtain Chlár Iarchéime na Bliana GradIreland 2012 don IT, glan amach.

D'ainneoin go raibh tionchar diúltach ag an meath foriomlán ar an maoiniú a bhí ar fáil don taighde ar chláir taighde iarchéime agus ar dheiseanna iardhochtúireachta mhéadaigh líon foriomlán na mac léinn iarchéime (idir mhúinte agus thaighde) ó 938 in 2011, go 1,121 in 2012.

Mheall Príomhthighdeoirí sa Choláiste maoiniú náisiúnta ardghradaim. Chuimsigh sé seo Dámhachtainí PI Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) agus maoiniú Idirnáisiúnta ard-iomaíoch, lena n-áirítear Deontais na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC) agus maoiniú FP7. Ar an iomlán cláraíodh thart ar 180 deontas don Eolaíocht in 2011/12, a thiomsaigh breis agus €22 milliún.

Thug caidreamh rathúil leis an tionsclaíocht tacaíocht bhreise don Choláiste. Bhí idir staidéarachaí agus maoiniú iardhochtúireachtaí i gceist go comhaontú Tullow Oil maoiniú a chur ar fáil do dhá léachtóireacht agus ollúnacht amháin i nGeo-eolaíocht Peitriiliam. Tá maoiniú á dhéanamh freisin ag an gcuideachta biteicneolaíochta Elan, ar Ollúnacht i nGnó agus i mBiteicneolaíocht.

Léiríonn gnóthachtálacha dá leithéid gur rannchuidiú luachmhar iad taighde agus saineolas an Choláiste do mhórchéisteanna domhanda agus do riachtanais na tionsclaíochta. Bhí torthaí taighde an Choláiste ar fáil i mbreis agus 500 páipéar píar-athbhreithnithe a foilsíodh i rith na bliana, lena n-áirítear irisí ardghradaim mar *Nature agus Science*. Bhí lucht acadúil i gceist arís agus arís sna meáin Éireannacha agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear ailt san *The Irish Times* agus ar RTÉ. Measúnaíodh gurb ionann tionchar taighde Fisice UCD agus 3.3 uaire an meán domhanda sa réimse seo.

In 2011/12 cuireadh roinnt iarratas ar phaitinn chun cinn, cruthaíodh mac-chuideachta amháin agus cláraíodh seacht gcomhaontú ceadúnaithe le haonad aistriúe eolais na hOllscoile, Nova UCD. Rinneadh gné-alt ar dhá ghnólacht nuathionscanta de chuid CLARITY (Wattics agus Yokie) mar 'Start-Ups of the Day' sa *Daily Business Post*.

Tá Coláiste Eolaíochta UCD comhdhéanta de seacht scoil:

Príomhoide/Déan an Choláiste: An tOllamh Professor Joe Carthy
Stiúrthóir na Scoile Iarchéime: An Dr Mary Kelly-Quinn
An Leas-Príomhoide Teagaisc agus Foghlama: An Dr Kathy O'Boyle
An Leas-Príomhoide Taighde agus Nuálaíochta: An Dr Cormac Murphy

Déan Comhlach Eolaíochta: An tOllamh Peter Duffy
Déan Comhlach an Léinn Idirnáisiúnta: An tOllamh Jeremy Simpson
Déan Comhlach An Léinn Idirnáisiúnta (Meiriceá Thuaidh): An Dr Tadhg Ó Cróinín
Déan Comhlach don Rannpháirtíocht Leathnaithe: An Dr Francesca Paradisi

Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD

Ceann Scoile
An Dr Thomas Gallagher

Scoil na Ceimice agus na Ceimibitheolaíochta UCD

Ceann Scoile
An tOllamh Patrick Guiry

Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD

Ceann Scoile
An tOllamh Stephen Daly

Scoil na Fisice UCD

Ceann Scoile
An tOllamh Lorraine Hanlon

Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus Bithleigheis UCD

Ceann Scoile
An Dr Gethin McBean

Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD

Ceann Scoile
An tUasal John Dunnion

Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD

Ceann Scoile
An Dr Patrick Murphy

*Amhail Meán Fómhair 2011



1



2




3




4



5




6



7

1. An Taoiseach, an tUas. Enda Kenny TD, le mac léinn PhD Bairbre Woods ag oscailt chéim a haon den Ionad Eolaíochta
2. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag seoladh Stáisiún Taighde Comhshaoil Chnocán na Ros UCD i Meán Fómhair 2011 tá: Joanna Kacprzyk, mac léinn PhD i Scoil na Bitheagsúlachta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD; Simon Coveney TD, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara; agus Rosanna Hennessy, mac léinn PhD i Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD
3. I mbun taighde eolaíoch allamuigh ar Bholcán Hekla san Íoslainn bhí an tOllamh Chris Bean, Ollamh le Geofisic agus Stiúrthóir Institiúid Domhaneolaíochta UCD, ar saineolaí é ar ghruiseacha nádúrtha, brúchtaí bolcánacha agus timpeallachtaí contúirteacha
4. Sa ghrianghraf tá an Dr Andrew Phillips (ar dheis) agus a ghrúpa taighde i Scoil na Ceimice agus na Ceimbhítheolaíochta UCD, áit a ndéanann siad taighde ar cheimic ghlas
5. *Looking for SARS*, leis an Dr Sebastien Puechmaille, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, a bhuaigh an dara háit sa chomórtas Íomhánna Taighde UCD. Tógadh an ghrianghraf seo i bpluais gar do theampall Búdaíoch in Iarthar na Téalainne, agus léiríonn sé Rd Meriadeg Ar Gouilh, Institiúid Pasteur, Páras, agus an Dr Puechmaille ag socrú trealaimh chun ialtóga a scagthástáil do Choróinvíris-SARS (Géarshiondróm Trom Riospráide). Tugann na torthaí le tuiscint go bhfuil ialtóga frithsheasmhach in aghaidh Choróinvíris-SARS agus trí staidéar a dhéanamh ar an bhfrithsheasmhacht sin, cabhrófar le leigheasanna a fhorbairt do víreas atá in ann daoine a mharú
6. *Digital Organic*, a bhain an 3ú háit amach sa chomórtas Íomhánna Taighde UCD, leis an Dr Miguel Nicolau, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD, agus CASL UCD. Is réimse taighde é an Ríomh Éabhlóideach a úsáideann ríomhairí chun réitigh a chruthú, trí phrionsabail ón éabhlú nádúrtha a úsáid. Cruthaíodh an íomhá seo do chomórtas Iógónna i saotharlann CASL i UCD agus bhuaigh sí an comórtas
7. I láthair ag ócáid fógartha ghradamair Phríomhthaighdeora SFI, inar bronnadh 10 os 30 gradam ar thionscadail faoi cheannas thaighdeoirí ó UCD, bhí Richard Bruton TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus an tOllamh Patrick Guiry, Scoil na Ceimice agus na Ceimbhítheolaíochta UCD, agus an tIonad um Shintéis agus Bitheolaíocht Cheimiceach



2

OIDEACHAS

Mar thaca le Plean Straitéiseach UCD go 2014 *Intinní Domhanda a Chruthú*, cuireadh raon tionscnamh ar fud na hOllscoile i bhfeidhm chun freastal ar chuspóirí straitéiseacha uaillmhianacha UCD i réimse an teagaisc agus na foghlama. Ar na réimsí ina ndearnadh dul chun cinn suntasach áirítear: tionscnaimh chun rannpháirtíocht luath agus buan mac léinn a chothú; measúnú múnlaiteach agus suimitheach ar eispéireas mac léinn; agus rannpháirtíocht chun gnéithe a aithint a bhféadfaí feabhas a chur orthu laistigh agus lasmuigh den seomra ranga.

CLÁR

Próifil Mac Léinn	22
Rannpháirtíocht Luath agus Bhuan Mac Léinn a Chothú	22
Cláir agus Disciplíní Acadúla a Láidriú agus a Fheabhsú	24
Cruthaitheacht, Nuálaíocht, Fiontraíocht agus Saoránacht Ghníomhach a Spreagadh	24
Oideachas Iarchéime a Fhás agus a Fhorbairt	24
Eispéireas na Mac Léinn a Chur ar Bhonn Idirnáisiúnta	25
Rannpháirtíocht a Leathnú agus Tacú le Foghlaim ar Feadh an tSaoil	25
Teagasc, Nuálaíocht san Fhoghlaim agus Forbairt Acadúil	26
Cáilíocht	26

Próifíl Mac Léinn

In ainneoin cúinsí eacnamaíochta seachtracha a bhí deacair, tháinig méadú 1.3% ar dhaonra mac léinn iomlán UCD idir 2010/11 agus 2011/12. Baineadh méaduithe amach i bpríomhchóhóirt straitéiseacha daonra mac léinn lena n-áirítear mic léinn iarchéime (méadú 2.8%) agus mic léinn idirnáisiúnta (méadú 9%). Féach tábla 1.

Choinnigh UCD a háit mar ollscoil chéad rogha in Éirinn don iontráil in 2012, agus ardú breis agus 10% ag teacht ar chéad roghanna CAO go 2,231. Tháinig méadú freisin ar íospointí CAO don chuid is mó de bhealaí iontrála UCD, ardú breis agus 25 pointí ag teacht ar 17 cúrsa rud a léirigh an méadú ar chéad roghanna. Teastaíonn anailís mhionsonraithe ar thionchar na bpointí bónais don ardmhatamaitic ar an ardú seo.

Tábla 1: Próifíl Mac Léinn UCD 2011/12

	2011/2012			2011/2012			% Idirnáisiúnta	An tIomlán Bronnta 2010/2011
	Lán-aimseartha	Páirt-aimseartha	IOMLÁN	Éireannach	Neamh-Éireannach	IOMLÁN		
Céim Onóracha	14,793	278	15,071	13,370	1,701	15,071	11.3%	2,896
Teastas/Diplóma	138	937	1,075	1,014	61	1,075	5.7%	703
Ócáideach	611	89	700	88	612	700	87.4%	-
Malairtí	886	-	886	51	835	886	94.2%	-
Iomlán na bhFochéimithe	16,428	1,304	17,732	14,523	3,209	17,732	18.1%	3,599
Dochtúireacht	1,598	154	1,752	1,065	687	1,752	39.2%	234
Taighde Máistreacht	174	40	214	167	47	214	22.0%	45
Máistreacht Mhúinte	2,209	1,179	3,388	2,470	918	3,388	27.1%	2,150
Teastas/Diplóma	560	1,061	1,621	1,387	234	1,621	14.4%	1,088
Forbairt Ghairmiúil								
Leanúnach	-	226	226	205	21	226		
Iomlán na gCéimithe	4,541	2,660	7,201	5,294	1,907	7,201	26.5%	3,517
Iomlán UCD	20,969	3,964	24,933	19,817	5,116	24,933	20.5%	7,116

Rannpháirtíocht Luath agus Bhuan Mac Léinn a Chothú

Tar éis na hoibre a rinneadh le dhá bhliain anuas d'fhan an fócas do 2011/12 ar rannpháirtíocht luath agus bhuan mac léinn a bhaint amach. Cuireadh béim ar leith ar an gcéad bhliain de shaolré an mhic léinn. Rinneadh an chéad chuid de mhórhionscadal Measúnaithe Céad Bliana chun athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar straitéisí measúnaithe do mhic léinn céad bliana. Tagann an tionscadal seo i ndiaidh anailíse a rinneadh níos luaithe ar shonraí measúnaithe institiúide a chuir léargas ar fáil faoi mhéid, raon agus uainiú measúnaithe mac léinn. Rinne Leigheas Tréidliachta, Eolaíocht Shóisialta, Ailtireacht, Leigheas agus Eolaíocht an Leighis (Radagrafaíocht) agus Eolaíocht (Fisic), le tacaíocht ó Theagasc agus Foghlaim UCD, athbhreithniú ar a straitéisí measúnaithe chun iad a nascadh leis na torthaí agus na saintréithe foghlama foriomlána a mbítear ag súil leo ó na mic léinn. Chuidigh ceardlanna chun an chaoi is fearr le foghlaim ghníomhach mac léinn d'ardchaighdeán a aithint i modúil

chéad bliana agus rinne sruthlíniú ar obair foirne i ndearadh measúnaithe, i ngrádú agus i soláthar aiseolais. Cuirfear athruithe i bhfeidhm sna scoileanna agus sna cláir seo ó Mheán Fómhair 2012, agus leathnófar go dtí cláir bhreise ina dhiaidh sin iad.

Rinne Teagasc agus Foghlaim UCD athbhreithniú ar Ionduchtú 2011, sainscagadh á dhéanamh ar ionchuir ón bhfoireann acadúil agus tacaíochta bainteach le gníomhaíochtaí ionduchtaithe a pheleanáil agus a threorú do mhic léinn céad bliana nua, go lárnach agus laistigh de na cláir/na scoileanna. Beidh samplaí dea-chleachtas agus feabhsuithe molta san áireamh in Ionduchtú 2012/13.

Bunaíodh *Acadamh Ad Astra* UCD in 2011, chun scoth na mac léinn a mhealladh agus chun tacú leo. Cuireann an tAcadamh deiseanna uathúla agus tacaíocht ar fáil lena n-áirítear meantóireacht acadúil aonair. Scaoileadh seasca cúig scoláire isteach san Acadamh i Meán Fómhair 2011: 39 den Lucht Acadúil, 17 Lúthchleasaí den Scoth agus 9 ó na Taibh-Ealaíona.



1



2



3



4



5



6



7

1. Scoláirí Taibh-Ealaíona *Ad Astra* UCD roimh ceadal i Seomra John Field, An Ceoláras Náisiúnta, Feabhra 2012
2. Susan McAlinden, UCD Idirmáisiúnta, le Richard Burton TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, ag Aonach Earcaíochta Mac Léinn in Riyadh, an Araib Shádach, ag cur deiseanna staidéir i UCD chun cinn
3. Mic Léinn UCD ag glacadh páirte i gCuart Staidéar Airgeadais Chorporáidigh ar Londain, faoi stiúir Ionad Forbartha Gairmeacha UCD, i Márta 2012, le cuairt a thabhairt ar na príomh-chuideachtaí san earnáil
4. Tionscadail na bliana deiridh á dtabhairt ag mic léinn do lucht earcaíochta ag Lá Deiseanna Ríomheolaíochta 2012, Aibreán 2012, a d'óstaiigh Ionad Forbartha Gairmeacha UCD
5. Scoláire Acadúil *Ad Astra* UCD, Robyn De Brun, lena meantóir acadúil, an Dr Ellis Hennessey, Scoil na Síceolaíochta UCD
6. An Cláráitheoir, an tOllamh Mark Rogers, ag oscailt siompóisiam dar teideal *The Life Cycle of the Student - How It All Links Together*. Thug an ócáid, a d'eagraigh Clárann UCD i gcomhar le comhghleacaithe san Ollscoil, deis do na toscarí forbairtí nua a chur i láthair, samplaí dea-chleachtais a thabhairt agus ceisteanna maidir le faisnéis a bhaineann le riarachán a sholáthar do mhic léinn
7. Tugann an tsaoráid cuardaigh do chatalóg iomlán na leabharlainne, a d'fhorbair Seirbhísí TF i gcomhar le Leabharlann UCD trí aip fón póca UCD, deis do mhic léinn féachaint trí chatalóg na leabharlainne agus irisí a aimsiú ar a bhfóin chliste

Cláir agus Disciplíní Acadúla a Láidriú agus a Fheabhsú

Tríd a athbhreithniú bliantúil, leanann tacaíocht Teagasc agus Foghlaim UCD do scoileanna agus do chlár ag forbairt le hinfhaighteacht sonraí nua ar chlárú do chlár, ar dhul chun cinn agus ar dháileadh grád.

In 2011, neadaíodh córas UCD d'Aiseolas Mac Léinn ar Mhodúil go foirmiúil san athbhreithniú ar dhearadh agus ar sheachadadh modúil, agus fócas breise ar lúb 'an aiseolais a dhúnadh'. Is é an cuspóir modhanna éifeachtacha ach simplí a dhearadh chun mic léinn a chur ar an eolas faoi na gníomhartha a chuireann scoileanna agus coláistí i gcrích de thoradh ar aiseolas mac léinn ar mhodúil.

In 2011/12, cuireadh béim ar rátaí freagartha mac léinn ar chóras d'Aiseolas Mac Léinn ar Mhodúil a mhéadú. D'oibrigh mic léinn ó Chlár Forbartha agus Margaíochta UCD le comhlánú suirbhé a spreagadh agus le tuiscint ar fhreagracht roinnte leis an bhfoireann a fhorbairt chun tairiscintí oideachasúla UCD a fheabhsú. Rinne sé seo comhcheangal idir saineolas margaíochta agus peirspictíocht mac léinn. Foilsíodh na torthaí seo *Findings from Students of UCD with Regards to their Attitudes, Perceptions and Motivation for Participation in the Student Feedback on Modules Surveys* sa Tuarascáil Athbhrandála agus Margaíochta ar Aiseolas Mac Léinn ar Mhodúil.

Cruthaitheacht, Nuálaíocht, Fiontraíocht agus Saoránacht Ghníomhach a Spreagadh

Coinníonn UCD air ag cur oideachais ar cheannairí sóisialta, polaitiúla agus eacnamaíoch na hÉireann sa todhchaí, á n-ullmhú chun a bheith rannpháirteach i bhforbairtí idirnáisiúnta agus náisiúnta sa tionsclaíocht, sna healaíona agus i dtógáil pobal láidre comhtháite.

Bíonn caidreamh ag seirbhísí tacaíochta agus acadúla araon le mic léinn i réimsí mar Phleanáil Forbartha Gairme agus Pearsanta, Intéirneachtaí agus rannpháirtíocht tionscail-oideachais eile. Forbraíonn siad seo mic léinn a bhfuil féinmhuinín agus féinfheasacht acu a fheidhmeoidh dearthaí fiontraíochta agus nuálaíochta i leith féinhostaíochta nó le linn dóibh a bheith ag obair do dhaoine eile. In 2011/12, Chuir Lárionad Forbartha Gairme UCD raon d'idirghníomhaíochtaí forbarthacha ar fáil a chuimsigh seimineáir, ceardlanna agus imeachtaí a forbraíodh chun saintréithe céimithe a fheabhsú, lena n-áirítear, réiteach fadhbanna, smaointeoireacht chruthaitheach, éirim mhothúcháin, líonrú agus scileanna idirbheartaíochta.

Tairgtear oiliúint nuálaíochta agus fiontraíochta freisin, a

chothaíonn cruthaitheacht agus smaointeoireacht chriticiúil, trí *Acadamh Nuálaíochta* UCD le Comhtheastas Céimithe TCD/UCD do mhic léinn PhD, agus modúil eile do mhic léinn ar céimithe iad. Bronnadh maoiniú ar UCD le Teastas Céimithe Lingchlár a thairiscint do chéimithe dífhostaithe, agus tógadh 145 áit in dhá réimse cláir in 2011. Meastar go mbeidh 300 áit á dtairiscint thar cheithre réimse clár do 2012/13.

Leagann UCD tábhacht mhór ar fhorbairt a mhac léinn le bheith ina saoránaigh ghníomhacha. Bíonn mic léinn agus daoine den fhoireann rannpháirteach go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i ngníomhaíochtaí deonacha, i dtionscadail dhaonnúla agus i dtaighde a théann chun leasa daoine aonair agus na sochaí. In 2011/12, chuir UCD tús le comhoibriú ar fhorbairt chórais bhainistíochta dheonaigh chun obair dheonach agus rannpháirtíocht shibhialta i measc mac léinn Ollscoile a spreagadh, i bpáirt le Líonra Rannpháirtíochta an Champais agus Volunteer Ireland.

Oideachas Iarchéime a Fhás agus a Fhorbairt

In 2011/12, b'ionann mic léinn iarchéime agus 28.9% de dhaoine iomlán mac léinn UCD (féach tábla 2), agus roghnú suntasach sa Ríomheolaíocht a raibh an-éileamh air de bharr solúbthacht na Máistreachta tríd an bhFoghlaim Idirbheartach. Fuair an clár seo duais Cúrsa Iarchéime na Bliana ag dámhachtainí GradIreland 2012.

Tugadh faomhadh do 54 clár múinte iarchéime nua a gcuirfís tús leo i Meán Fómhair 2012, rud a thagann le cuspóir UCD oideachas iarchéime a fhás agus a fhorbairt. Tá an straitéis earcaíochta mac léinn iarchéime á feidmiú do 2012/13, a thacóidh le scoileanna

agus le cláir deiseanna láithreacha a uasmhéadú agus solúbthacht mhéadaithe a thairiscint laistigh de phunann múinte iarchéime UCD.

Tá Léinn Iarchéime UCD tar éis tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gClár Scileanna Inaistrithe a thairgtear do mhic léinn taighde iarchéime. Ar an mbreis a cuireadh leis an gclár áirítear ceardlanna ar Shláine Taighde, Foghlaim Mhachnamhach, Oibríú le Maoirseoirí, agus Oiread agus is Féidir a Bhaint Amach ó Phleanáil Forbartha Ghairme agus Taighde. Sa chlár ceardlann-bhunaithe seo feicfead seoladh comhéadain mhac léinn nua agus córas cláraithe ar líne do 2012/13.

Ba é comhoibriú UCD leis an Acadamh Náisiúnta um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama (NAIRTL), ar Fhorbairt agus ar Thacaíocht Maoirseora Taighde, ba chúis le seoladh an fhoilseacháin: *Developing an Institutional Framework for Supporting Supervisors of Research Students* i Meitheamh 2012. Cuireann an treoirleabhar praiticiúil seo síos ar thoradh tionscadail idir-institiúide uathúil a rinneadh idir 2008 agus 2012, le comhchreat náisiúnta a fhorbairt chun tacú le maoirseoirí mac léinn taighde iarchéime.

Faoi láthair tá UCD i mbun caidrimh lena ollscoileanna comphháirtíochta in Universitas 21 chun Comhdháil Thaighde Iarchéime U21 ar Fhuinneamh a eagrú, a bheidh á hóstáil ag UCD i Meitheamh 2013.

Tábla 2: Lion na mac léinn iarchéime

Spríoc an Phlean Straitéisigh: 33%

	2009/10	2010/11	2011/12
Iarchéim Mhúinte	4,792	5,051	5,235
Iarchéim Taighde	2,103	1,956	1,966
Iomlán UCD	24,225	24,625	24,933
% Céimithe	28.5%	28.5%	28.9%

Eispéireas an Mhic Léinn á chur ar Bhonn Idirnáisiúnta

Mhéadaigh pobal mac léinn idirnáisiúnta UCD go breis agus 5,000 in 2011/2012 (féach tábla 3), agus rolluithe méadaithe ó Cheanada (15%), SAM (17%) agus ón Rúis (28%). Cuireadh na hollscoileanna seo a leanas le liosta cinn scríbe malairte Ollscoil Iarthar na hAstráile, Université de Montréal, Universidad Panamericana, Ollscoil A&M Texas, Ollscoil Theicniúil an Mheán Oirthir, Ollscoil Iötvös Loránd agus Ollscoil na hEolaíochta Feidhmiúla Vín. Bhí méadú 7% ar mhic léinn UCD a ghlac páirt i malartuithe neamhEorpacha agus méadú 8% i rannpháirtíocht i gclár malartaithe Erasmus.

In 2011, bhunaigh UCD Oifig Mheiriceá Thuaidh de chuid UCD. Bhí na príomhthorthaí spreagúil agus áirítear orthu seo méadú 36% in iarratais ó fhochéimithe agus méadú 75% ar rollú. Tá timthriall earcaíochta dhá bhliana sna Stáit Aontaithe, mar sin ní bheidh tionchar iomlán an tionscnaimh soiléir go dtí 2013/14, ar a luaithe. Agus cláir nuálaíochta nua acu, tá an Ollscoil i gcaoi mhaith d'fhás leanúnach, go háirithe sa mhargadh fochéime do chéim iomlán. Tá raon de chláir nua forbartha ag an Ollscoil dírithe ar an margadh seo.

Thug daonra mac léinn UCD, idir Éireannach agus idirnáisiúnta, aghaidh go hiomlán ar Tholglann Domhanda UCD in 2011/2012, agus breis agus 10,000 cuairteoir ag baint úsáide as an acmhainn nua seo i gcéad bhliain a feidhmíte. Ar na himeachtaí a ceiliúradh sa Tolglann áirítear Bliain Nua na Síneach, LÁ na hAstráile, Bliain Nua na hIarláine agus Lá Náisiúnta na Spáinneach. Bhí imeachtaí seachtainiúla á gcur ar fáil ag an Tolglann freisin lena n-áirítear seisiúin le maidhc oscailte, oícheanta scannán le téama agus seimíneáir ghairme idirnáisiúnta á n-eagrú ag Lárionad Forbartha Gairme UCD.

Tábla 3: Mic léinn idirnáisiúnta

Spríoc an Phlean Straitéisigh: 25%

	2009/10	2010/11	2011/12
Mic Léinn Idirnáisiúnta	4,645	4,693	5,116
Náisiúntacht Neamh-AE	2,569	2,635	2,936
Iomlán UCD	24,225	24,625	24,933
% Idirnáisiúnta	19.2%	19.1%	20.5%

Rannpháirtíocht a Leathnú agus Tacú le Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Bhunaigh UCD Coiste um Rannpháirtíocht a Leathnú (WP) nua faoi chathaoirleacht an Ollaimh Brian Nolan, Príomhoide, Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD. Cuireann an Coiste comhairle ar fáil agus déanann monatóireacht ar dhul chun cinn i dtreo rannpháirtíochta leathnaithe a bhaint amach, mar aon le neadú tuilleadh na gníomhaíochta seo feadh gnó lárnach na hOllscoile. Aithneoidh an Coiste na saincheistean a bhaineann le beartais agus le nósanna imeachta na hOllscoile maidir le mic léinn a bhfuil tearc-ionadaíocht acu ó réamhiontráil go dtí críoch rathúil.

I Nollaig 2011, bhronn an HEA maoiniú breise suntasach do Shnáithe Rannpháirtíochta Leathnaithe Chomhghuaillíocht Ardoideachais Réigiúin Bhaile Átha Cliath (DRHEA). Is í Anna Kelly Uasal, Stiúrthóir, Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil UCD, atá ina cathaoirleach ar an Snáithe agus tabharfaidh an maoiniú seo tacaíocht do bhunú bealaí dul chun cinn soiléire trí, agus do bhealaí rochtana ar, ardoideachas ó bhreiseoideachas sa réigiún.

Fuair Lárionad Rochtana UCD maoiniú ó Fhondúireacht Citi chun an Tionscadal Meantóireachta *Future You* a fhorbairt a bhfuil fochéimithe agus daltaí scoile ón 5ú bliain ó Thamhlacht, Baile Formaid, Cluain Dolcáin agus Cromghlinn bainteach leis. Bunaíodh Clár Urraíochta Rannpháirtíochta Leathnaithe Oideachais Aosaigh UCD chun an deis a thabhairt d'fhoghlaimoirí aosacha a bheith rannpháirteach i gclár Rochtana Lánfhásta UCD in 2012/13. Cuirfidh an tionscnamh seo ar chumas líon méadaitheach mac léinn dul ag staidéar i UCD an bhliain seo chugainn.

D'fhorbair Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil, agus an tAonad Seirbhísí Bainistíochta Uirlis Tuairiscithe Rochtana san Ollscoil. Agus an córas tuairiscithe seo á fhorbairt, déantar sainmhíniú ar chatagóirí áirithe de ghrúpaí mac léinn a bhfuil tearc-ionadaíocht acu de réir beartais an HEA (i.e. *Mature Years*). Cuireann na tuairiscí sonraí luath ar fáil le rianú agus monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht, ar choinneáil agus ar dhul chun cinn mac léinn spriocdhírithé ó ghrúpaí a bhfuil tearc-ionadaíocht acu. Bhain an Ollscoil ráta rannpháirtíochta 23% amach ag leibhéal fochéime i gcomparáid lena sprioc rannpháirtíochta straitéiseach luaithe de 25%. Ina theannta tá méadú seasta sa rannpháirtíocht ag leibhéal fochéime bunchéime (féach tábla 4). Is ábhar imní é áfach an meath ar líon na mac léinn páirtaimseartha atá ag staidéar ag leibhéal teastais agus dioplóma fochéime (féach tábla 4).

Tábla 4: Iontrálaithe nua fochéime tearc-ionadaithe

Sprioc Rannpháirtíochta Straitéiseach: 25% ag an leibhéal fochéime	2009/10	2010/11	2011/12
	Mic Léinn na Scéime HEAR	104	127
Mic Léinn faoi Mhíchumas (lena n-áirítear DARE)	152	145	176
Mic Léinn Lánfhásta (+23, gan cháilíocht leibhéal 8 roimhe seo)	192	188	172
Mic Léinn Fochéime Bunchéime Páirtaimseartha	55	63	12
FETAC	35	49	44
Iomlán Iontrálaithe Nua Fochéime Bunchéime Tearc-ionadaithe	538	572	573
Mic Léinn Teastais & Dioplóma Páirtaimseartha	368	435	372
Mic Léinn Oideachais Aosaigh	389	348	173
Iomlán Páirtaimseartha	757	783	545
% de gach Iontrálaí Nua Fochéime	24.8%	26.8%	23%

Teagasc, Nuálaíocht san Fhoghlaim agus Forbairt Acadúil

In 2011, rinne Teagasc agus Foghlaim UCD leasú ar cháilíochtaí gairmiúla i dTeagasc agus i bhFoghlaim Ollscoile, mar aitheantas ar na héilimh ar am na foirne acadúla. Cuirfidh an Teastas Gairmiúil nua (15 creidiúint ECTS) agus an Dioplóma Gairmiúil (30 creidiúint ECTS) i dTeagasc agus i bhFoghlaim Ollscoile deiseanna ar fáil i gcónaí do lucht acadúil athbhreithniú a dhéanamh ar a scileanna teagaisc agus iad a fheabhsú mar aon lena dtuiscint ar chur chuige agus ar theoricí in ardoideachas éifeachtach.

Tugadh aitheantas d'fhoireann UCD i gcomórtais idirnáisiúnta agus náisiúnta mór le rá dá bhfeabhas i dteagasc agus i bhfoghlaim. Áirítear ar dhámhachtainí in 2011/12:

- An Dr Tara Cusack, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe, agus Eolaíocht an Daonra, UCD ar bronnadh ceann de Chomhaltachtaí Teagaisc tionscnaimh DRHEA uirthi. Tá an Dr. Cusack tar éis a bheith ag obair le ceathrar comhghleacaí eile

feadh an DRHEA ar thionscadal tras-institiúide chun eispéireas foghlama na chéad bliana a fheabhsú.

- An Dr Geraldine O'Neill, Teagasc agus Foghlaim UCD, ar bronnadh ceann de na céad Chomhaltachtaí Foirne Líonra Teagaisc agus Foghlama Universitas 21 uirthi. Tá an Dr O'Neill ag tógáil ar Thionscadal Athdheartha Measúnaithe straitéiseach de chuid UCD trí bhaint le tionscadal institiúide dá shamhail in Ollscoil Nottingham.
- An Dr Lorraine McGinty agus a comhghleacaithe i Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD, ar bronnadh deontas de chuid an Acadaimh Náisiúnta um Chomhtháthú Taighde, Teagasc agus Foghlaim (NAIRTL) orthu chun tacú le gníomhaíochta an MSc sa Ríomheolaíocht trí Fhoghlaim Idirbheartach.

Cáilíocht

Sheachaid UCD tuarascáil fhoirmiúil ar a phlean gníomh leantach, bliain ón athbhreithniú i Márta 2011 a rinne foireann de sheisear athbhreithnitheoir náisiúnta agus idirnáisiúnta neamhspleácha. Bhí an plean gníomh seo le haghaidh a thabhairt ar mholtáí na Tuarascála Athbhreithnithe chun soláthar na hinstiúide a fheabhsú. Ghlac Bord Bainistíochta Bhord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann (IUQB) leis i Márta 2012.

I mBealtaine 2012, d'óstáil UCD cruinniú le bainisteoirí sinsearach a ó Údarás nuabhunaithe Cáilíochtaí agus Dearbhaithe

Cáilíochta na hÉireann (QQAI) le raon saincheisteanna bainteach leis an gcáilíocht ag an leibhéal náisiúnta agus institiúide a phlé.

Mar chuid de thiomantas leanúnach UCD chun eispéireas mac léinn a fheabhsú, cláir acadúla den scoth a chur ar fáil agus tacú le teagasc agus le foghlaim trí sholáthar seirbhís tacaíochta mac léinn, acadúla agus riaracháin d'ardchaighdeán, iontaofa agus furasta le húsáid, chuaigh ocht n-aonad de chuid UCD faoi athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta a rinne Grúpaí Athbhreithnithe seachtracha i rith 2011/12.

3

TAIGHDE

Tá sé mar uailmhian i gcoílár straitéise taighde UCD aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a mhúnlóidh todhchaí na hÉireann agus ról na hOllscoile ar fud an domhain. Tá UCD tar éis a cheithre mhorthéama taighde idirdhisciplíne a neadú, téamaí atá ag teacht le riachtanais na hÉireann agus na dúshláin dhomhanda reatha.

Is ceannaire náisiúnta i maoiniú taighde é UCD, a mheallann infheistíocht ar ardchaidheán a chuidigh leis an Ollscoil cáil mar rogha ceann scríbe do lucht taighde ceannródaíoch a chruthú.

Leanann an Ollscoil uirthi agus comhpháirtíochtaí tráchtála, taighde agus oideachasúla spreagúla á gcruthú mar aon le comhoibriú le heagraíochtaí gairmiúla, gnó, pobail agus acadúla.

CLÁR

Maoiniú Taighde	28
Príomh-Mhéadrachtaí Taighde agus Táscairí Feidhmíochta	30
Forbairt Infreastruchtúir	30
Mór-Théama Taighde: Domhaneolaíochtaí, Fuinneamh agus an Comhshaol	31
Mór-Théama Taighde: Global Ireland	32
Mór-Théama Taighde: Sláinte agus Seachadadh Chúram Sláinte	34
Mór-Théama Taighde: Eolas, Ríomhaireacht agus Cumarsáid	36
Cláir, Lárionaid agus Institiúidí Mór-Thaighde UCD	38

Foilseacháin Taighde:

Tá mionsonraí na bhFoilseachán taighde do thréimhse na Tuarascála ar fáil ar líne ag: www.ucd.ie/research/publications

Maoiníú Taighde

B'fhiú €75.1 milliún conarthaí taighde a maoiníodh go seachtrach i rith na bliana (féach tábla 1). Tá laghdú ar an tsuim seo i gcomparáid le 2010/11, de bharr, go páirteach, gur áiríodh €25.7 milliún i dtionscadail PRTLÍ bronnta ag an

HEA sa bhliain roimhe. Áirítear maoiníú €14.1 milliún ón AE i bhfigiúr €75.1 milliún na tréimhse seo. B'ionann agus €9.5 milliún luach an rannchuidithe maidir le forchostais.

Tábla 1: Dámhachtainí Taighde

Dámhachtainí Taighde

Bliain	Luach Iomlán Conarthaí Sínte lena n-áirítear Ranniocaíochtaí d'Fhorchostais (€ milliún)	Iomlán Ranniocaíochtaí d'Fhorchostais (€ milliún)	Líon Iomlán na gConarthaí nua a Bronnadh	Líon na dTograí a Cuireadh Isteach
2005/2006	83.10	11.80	558	1,245
2006/2007	95.40	14.80	452	1,234
2007/2008	115.90	17.30	445	1,090
2008/2009	116.80	21.03	537	1,150
2009/2010	45.60	6.70	444	970
2010/2011	103.30	17.00	520	1,120
2011/2012	75.10	9.50	525	1,257

Foinse Maoinithe

Foinse Maoinithe	Líon na gConarthaí	Luach (€ milliún)
Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)	60	18.60
An Coimisiún Eorpach (EC)	40	14.10
Comhairlí Taighde hÉireann (IRCSET & IRCHSS)	99	6.10
Fiontar Éireann (EI)	85	5.10
Eile	241	31.20
Iomlán	525	75.10

Scéimeanna Inmheánacha chun Tacú le Taighde

Scéim Siolmhaoinithe UCD

Scaipeadh beagán faoi bhun €0.5 milliún tríd an scéim siolmhaoinithe, a chlúdaigh 24% de luach na n-iaratas a fuarthas. Deonaíodh céad agus a nócha dámhachtainí aonair i gceithre scéim: Scaipeadh agus Aschuir; Pobal Acadúil Beoga

a Fhorbairt; Nuálaíocht Luathchéime; agus Scanadh Léaslíne. Léirítear mionsonraí faoi luach agus líon na n-iaratas agus na ndámhachtainí a bhronn an Coláiste i dTábla 2.

Tábla 2: Siolmhaoiniú an Coláiste Iarrthach

Coláiste Iarrthach	Líon na nIaratas	Luach na nIaratas	Líon na nDámh.	Luach na nDámh.
Talmhaíocht, Eol. Chothaithe & Tréidliacht	58	€282,630	29	€65,475
Na hEalaíona & Léann Ceilteach	78	€226,056	32	€78,434
Gnó & Dí	30	€103,952	16	€23,138
Innealtóireacht agus Ailtireacht	53	€189,129	24	€75,226
Na hEolaíochtaí Sláinte	57	€400,943	18	€67,718
Na hEolaíochtaí Daonna	56	€298,196	25	€67,280
Eolaíocht	110	€516,416	43	€109,477
Institiúidí Taighde	13	€36,233	3	€2,593
An tIomlán Glan	455	€2,053,555	190	€489,341

Scéim Mhórhionscnaimh agus Straitéiseach UCD

Soláthraíonn an scéim mhórhionscnaimh agus straitéiseach tacaíocht d'fhorbairt mhórchlár idirdhisciplíne a chuireann an straitéis do thaighde i UCD chun cinn. Bronnadh 19 dámhachtain mhórhionscnaimh agus straitéiseacha i rith na bliana. Féach Tábla 3.

Dámhachtainí Seachtracha Piar-Bhreithniúnaithe Iomaíocha

Don bhliain féilire 2011, bhronn Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) 19% de dheontais taighde do UCD, de réir méide. Bhronn SFI breis agus €30.9 milliún ar UCD freisin in íocaíochtaí maoinithe, arbh ionann agus 20% de mhaoiniú taighde iomlán SFI (léiríonn tábla 4 líon na ndámhachtainí de réir institiúide).

Tábla 4: Dámhachtainí SFIN 2011 de réir Institiúide

Institiúid	Líon na nDeontas
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	71
Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Bhaile Átha Cliath	66
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	55
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	41
An Coláiste Ollscoile, Corcaigh	36
Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad	22
Ollscoil Luimnigh	19
Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	16
Institiúid Náisiúnta Tyndall	15
Institiúid Teicneolaíochta Baile Átha Cliath	9
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	7
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	5
An Bord Taighde Sláinte	5
Teagasc	5
Eile	10
Iomlán	382

Tábla 3: Dámhachtainí Mórhionscnamh agus Straitéiseacha

Úinéir an Tionscadail	Teideal an Tionscadail	Luach na Dámhachtana €
Na hOllúna Nolan, Conrick & Ó hÓgartaigh	Cur Chun Cinn Straitéiseach Taighde UCD HSS	105,000
An Dr Diane Payne	Iníúchadh ar Mheáin Shóisialta d'Fhoghlaim Fheabhsaithe, do Bhainistíú Cúraim Sláinte agus Idirghabháil i nGrúpaí Othar in Éirinn	97,994
An Dr John Howard	Thar Infreastruchtúr Foilseachán Amach	80,000
An tOllamh Walter Kolch	Ullmhú Tionscadail ITFoM (Todhchaí IT Leighis)	75,000
An tOllamh Barry Smyth	INSIGHT - Ciste Mórhionscnaimh Straitéisigh	65,000
An tOllamh Eoin Casey	Tionscnamh Straitéiseach	50,000
An tOllamh Gerardine Meaney	Treochtaí Nua sna Daonnachtaí: Forbairt Straitéiseach ar Acmhainn Taighde	50,000
An Dr Michael O'Neill	Straitéis ICT	50,000
An tOllamh Patrick Lonergan	Straitéis F & H	50,000
An Dr Brian Caulfield	Forbairt Straitéis Sláinte Bainteach le UCD	50,000
An tOllamh Gerardine Meaney	Ciclipéid Ceoil in Éirinn (EMIR)	20,000
An tOllamh Mark O'Malley	Athchóiriú Spáis do Chnuasach SEES	17,000
An tOllamh Gerardine Meaney	Líonra Domhanda don Léann Ceilteach	16,526
An tOllamh Geraldine Butler	Earcaíocht d'Ionfhabhtú Ríomhaireachta Bitheolaíochta	12,000
An tOllamh David Brayden	Tairiscint Lárionad CBB SFI - Comhairliúchán Seachtrach	10,000
An tOllamh Robert Gerwarth	Comhoibriú ar Theagmháil Chultúrtha	10,000
An tOllamh Thomas Brazil	Réamh-Thogra "Metro-Nova" Lárionaid SFI	5,000
An Dr Susi Geiger	Lárionaid Taighde Ilpháirtneirí: Samhlacha Gnó agus Tionchair	4,611
An tOllamh Donal MacElroy	Comhdháil Smart Surfaces	2,706

Príomh-Mhéadrachtaí Taighde agus Táscairí Feidhmíochta

Foilseacháin Phiarmheasúnaithe

B'ionann agus 2,054 líon na bhfoilseachán piarmheasúnaithe ó UCD i *Web of Science*, le linn 2011, nó meán de 2.2 foilseachán in aghaidh an duine den fhoireann acadúil (áirítear ar dhaoine den fhoireann daoine atá buan, buan páirtaimseartha agus iad sin a bhfuil conarthaí sealadacha níos mó ná trí bliana acu). Chuir UCD an méid is mó d'fhoilseacháin acadúla sa tír ar fáil ar bhonn seasta ó 2008 (féach tábla 5).

Líon na bhFoilseachán sna hIonaid is Airde

Mhéadaigh líon foilseachán UCD i roinnt de na hirisí piarmheasúnaithe is mó tionchair faoi thrí idir 2004 agus 2011. Tá tionchar foilseachán UCD 38% anois os cionn an mheáin dhomhanda (foinse Thomson Reuters InCites).

Céatadán den Fhoireann atá Gníomhach i mBun Taighde

In 2011, bhí 63% d'fhoireann acadúil UCD gníomhach i mbun taighde. Is éard atá i gceist le foireann atá gníomhach i mbun taighde ná iad sin a bhfuil conradh buan fostaíochta acu nó conradh sealadach de thrí bliana nó níos mó agus a chomhlíonann dhá cheann de na critéir seo a leanas: deontas gníomhach acu, maoirseacht á déanamh ar mhac léinn PHD (sa bhliain acadúil reatha), agus ar foilsíodh obair leo le dhá bhliain anuas.

[*Tabhair ar aird*: tá leasú déanta ar an sainmhíniú ar 'thaighde gníomhach' don bhliain acadúil seo.]

Tábla 5: Líon na bhfoilseachán de réir na bliana

Blianta Foilseacháin	Líon na bhFoilseachán	Líon na Leabhar
2007	1,355	114
2008	1,617	66
2009	1,782	73
2010	1,993	81
2011	2,054	62

Forbairt Infreastruchtúir

An Lárionad Eolaíochta - Céim a hAon

Is foirgneamh íocónach 67,000m² é Lárionad Eolaíochta nua UCD áit a mbeidh an pobal eolaíochta is mó in Éirinn lonnaithe. Tá an áis á seachadadh i dtrí chéim ar leithligh, a chuimsíonn foirgneamh nua uaillmhianach agus athchóiriú ar eastáit atá ann cheana.

D'oscail an Taoiseach Enda Kenny TD, céim a haon de Lárionad Eolaíochta UCD (Lárionad UCD don Nuálaíocht Mhóilíneach agus d'Fhionnachtain Drugaí) i Meán Fómhair 2011. Tá sé maoinithe trí thimthriall 4 den Chlár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal

(PRTL14), agus cuireann 6,300m² de spás do thaighde eolaíoch ar fáil do 300 taighdeoir atá ag obair in eolaíochtaí cógaisíochta, i mbia agus sláinte agus i nanaimhíochaine. Bhí gnáthsheilbh iomlán ar an bhfoirgneamh in 2012.

Cuirfidh céim a dó 32,000m² eile d'áiseanna eolaíochta nua agus athchóirithe ar fáil do 2,500 mac léinn iarchéime agus fochéime agus do 2,000 eolaí. Tabharfar an chéim seo chun críche in 2013.

Déanfar sainmhíniú ar chéim a trí i rith 2012.

Mórhéamaí Taighde: Domhaneolaíochtaí, Fuinneamh agus an Comhshaoil

Tá forbairt déanta ag UCD ar mhóracmhainn sa taighde ar fhuinneamh agus ar an gcomhshaoil, ag tarraingt ar dhisciplíní láidre in agraibhia, i mbitheolaíocht, i gceimic, in innealtóireacht, i ngeo-laíocht agus i bhfisic. Tá an mórhéama taighde seo bunaithe ar acmhainneacht UCD réitigh a fháil ar phríomhdhúshláin comhshaoil agus fuinnimh i gcomhar le gníomhaireachtaí náisiúnta agus le comhpháirtithe tionscail. Faoin téama seo áiríodh mór-réimsí fócais don taighde lena n-áirítear athrú aeráide, fuinneamh in-athnuaite, bithchórais, córais uirbeacha agus nuálaíocht fuinnimh. Tá léiriú tugtha thíos ar roinnt de na mórchláir agus na príomhghnóthachtálacha i rith 2011/12.

Institiúid Domhaneolaíochta UCD

www.ucd.ie/earth

Déanann Institiúid Domhaneolaíochta UCD, faoi stiúirtheacht an Ollaimh Chris Bean, iarracht teacht ar réitigh ar phríomhdhúshláin i bhfuinneamh in-athnuaite, in athrú aeráide, i nguaiseanna nádúrtha agus i gcaomhnú an nádúir, ag teacht le mór-réimse taighde straitéiseach na hOllscoile sna Domhaneolaíochtaí, sa bhFuinneamh agus sa Chomhshaoil.

- Tá Clár PhDhe PRTL15 PhD i nDomhaneolaíochtaí agus in Eolaíochtaí Nádúrtha, an clár dochtúireachta struchtúrtha is mó in Éirinn (€9.6 milliún) á threorú ag an Institiúid, tar éis a líon iomlán 56 mac léinn idirnáisiúnta agus náisiúnta den scoth a earcú.
- Tá urraíocht déanta ag an Institiúid ar dheich n-imeacht taighde, beartais agus for-rochtana, lena n-áirítear comhsheisiún de chuid na hInstitiúide agus na Comhairle Sóisialta agus Eacnamaíochta Náisiúnta (NESC) ar Athrú Aeráide agus Trádáil Charbóine, a d'oscail an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan TD.
- Tugadh dearadh spásanna saotharlanna agus scríofa na hInstitiúide chun críche i Lárionad Eolaíochta Thoir UCD agus tá breis agus €1.2 milliún tiomanta d'ardáin teicneolaíochta nua.
- Bronnadh deontais ardcháil Chomhairle Taighde na hEorpa ar thriúr comhalta ón Institiúid.

An Lárionad Taighde Leictreachais (ERC)

www.erc.ucd.ie

Tá an Lárionad Taighde Leictreachais, faoi stiúirtheacht an Ollaimh Mark O'Malley, ag obair i gcomhar leis na príomhthionscail san earnáil agus dírithe ar thabhairt faoi na ceisteanna taighde feidhmeacha agus bunúsacha atá mar bhonn taca le forbairt córas fuinnimh leictreachais inbhuanaithe. Tá an ERC comhdhéanta de 14 comhalta tionscail (amhail Lúnasa 2012) agus á reáchtáil ag bord tionscail. Tá ceithre shnáithe taighde laistigh den ERC: Pleanáil Córas, Oibríochtaí agus Rialú, agus Líonraí agus is cuid de Scoil na hInnealtóireachta Leictreachais agus Cumarsáide UCD iad go léir. Tá an ceathrú snáithe, Eacnamaíocht Fuinnimh, á threorú ag TCD.

- I mBealtaine 2012, reáchtáil an ERC agus Braisele Chóras Fuinnimh Leictreachais Inbhuanaithe (SEES) Siompóisiam Taighde

i UCD dar teideal *Shaping the Grid*, a mheall 140 lucht freastail a raibh 90 duine ón tionscal san áireamh ann.

- Déanann cláir SFI maoiniú ar ghníomhaíocht ERC in éineacht le mórfhoinsí maoinithe eile, lena n-áirítear ballraíocht tionscail, PRTL15 faoin gclár ERCGI, an Coimisiún Eorpach, IRCSET agus Teagasc.

Tiontú Grianfhuinnimh (SEC) UCD

www.seccluster.ie

Déanann Braisele Thaighde Straitéiseach Thiontú Grianfhuinnimh UCD, faoi stiúirtheacht an Ollaimh Don MacElroy, forbairt ar ábhair agus ar ghairis chun leas a bhaint as grianfhuinneamh do chumhacht agus do bhreoslaí atá díoraithe ón ngrian, atá bunaithe ar phrionsabail a dhéanann aithris ar na céimeanna i bhfótaisintéis nádúrtha.

- D'óstáil an Bhráiste an chomhdháil idirnáisiúnta ceithre lá *SmartSurfaces 2012* ar éirigh go rí-mhaith léi, a raibh cainteanna iomlána inti ón Ollamh Dan Nocera, Harvard (an 100 duine is mó tionchair *Time*) agus ón Ollamh Michael Graetzel, EPFL (duine den 10 ceimiceoir is mó a luaitear ar fud an domhain); agus fóram poiblí náisiúnta ar thodhchaí na heolaíochta, na hinnealtóireachta agus na nuálaíochta in Éirinn. IN 2011/12, áiríodh ar aschuir na Braisele dhá chomhdú paitinne, ceadúnas teicneolaíochta, agus foilseacháin ardchaighdeáin i bpríomhghairis *JACS*, *ACS Nano* agus na trí foilseacháin is mó ar ardliosta i gcatalú (*ChemSusChem*).
- Ghiaráil an Bhráiste maoiniú sa bhreis ar €2.5 milliún in 2011/12 ó fhoinsí Stáitchiste agus neamh-Stáitchiste, lena n-áirítear cláir ó AE FP7, ERC, SFI, Fiontraíocht Éireann agus IRCSET.

Braisele Thaighde Bitheolaíochta Atáirgthe UCD (RBRC)

www.ucd.ie/reproduction

Is comhpháirtí taighde í Braisele Thaighde Bitheolaíochta Atáirgthe UCD, faoi stiúirtheacht an Ollaimh Alexander Evans, idir UCD agus Teagasc, a dhéanann iniúchadh ar réitigh ar fhadhbanna atáirgthe in eallach.

- D'fhoilsigh an bhráiste 28 foilseachán piarmheasúnaithe, ceithre léirmheas agus 45 imeachtaí comhdhála in 2011/12. Tá foilseacháin eile á gcoinneáil go dtabharfar staidéar breise atá riachtanach d'iarratas láidir ar phaitinn chun críche.
- Ba iad an tOllamh Pat Lonergan, an tOllamh Alex Evans agus an Dr Trudee Fair comhiarrthóirí rathúla Gníomh Costais AE nua (FA1201, Timpeallacht Eipigéineolaíochta agus Peirighiniúna), arbh fhiú €1 milliún é.
- Fuair an tOllamh Pat Lonergan maoiniú €600K mar chuid de dheontas FECUND AE (maoiniú iomlán de €3.2 milliún) in Aibreán 2012.
- D'óstáil an bhráiste an 16ú Comhdháil den Chumann Eorpach um Atáirgeadh Ainmhí Clóis agus Comhdháil AI-Tréidlianna AE i UCD.

Mórtéamaí Taighde: Global Ireland

Tá sé mar aidhm ag téama taighde *Global Ireland* athrú ó bhonn a chur ar an staidéar ar Éirinn agus ar dhiaspóra na hÉireann. Trí úsáid a bhaint as cumas seanbhunaithe agus éagsúil na hÉireann sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta, tá sé mar aidhm ag téama *Global Ireland* UCD mórchláir taighde a bhunú thar speictream leathan fiosrúcháin, ón seandálaíocht go heolaíochtaí iompraíochta sóisialta. Tá cur síos ar chláir agus ar phríomhghnóthachtálacha *Global Ireland* le linn 2011/12 anseo thíos.

Institiúid Uí Ghadhra UCD

www.ucd.ie/geary

Coinníonn Institiúid Uí Ghadhra UCD uirthi ag cur lena cáil in Éirinn agus san Eoraip mar lárionad sármhaitheasa i micreacnamaíocht fheidhmeach agus iompraíoch, sna heolaíochtaí sóisialta cainníochtúla, i sláinte phoiblí agus anailís ar líonra sóisialta.

- Is í an Institiúid an institiúid taighde eacnamaíochta is mó a luaitear in Éirinn, arna thomhas ag an Líonra Taighde Eolaíochta Sóisialta, agus is í an t-aon institiúid taighde Éireannach a rangaitear sa 5% is airde ar domhan i measc institiúidí taighde.
- Treoraíonn an Buaiteoir Dhuais Nobel san Eacnamaíocht, an tOllamh James Heckman, ardhchlár de chuid Comhairle Taighde na hEorpa (ERC) a nascann taighde eacnamaíochta, síceolaíochta agus sláinte le chéile le hiniúchadh a dhéanamh ar bhunús agus teacht chun cinn éagothróimí sláinte thar shaolréanna agus trasna na nglún.
- Díríonn an saotharlann Dinimice, tionscnamh nua atá bunaithe in Institiúid Geary le háiseanna taighde ag Saotharlann Córas Oiriúnaitheach agus Coimpléacsúil UCD (CASL), ar iompar coimpléacsúil agus dinimic i líonraí sóisialta agus i bpróisis ghrúpa. Treoraíonn Diane Payne an clár agus is í an príomhPI sa chlár nua PhD ar ionsamhlú sna heolaíochtaí sóisialta.

Institiúid Daonnachtaí na hÉireann UCD (HII)

www.ucd.ie/hii

Is ardán eiseamláireach dinimiciúil do thaighde ceannródaíoch sna daonnachtaí í Institiúid Daonnachtaí UCD, faoi stiúirtheacht an Ollaimh Gerardine Meaney. Is é a fócas straitéiseach reatha

láidreachtaí traidisiúnta na ndaonnachtaí a nascadh le forbairt tionscadail agus scileanna taighde idirdhisciplíne, comhoibríocha faoin téama uileghabhálach de Chultúr, Sochaí agus Athrú.

Ar na buaicphointí airítear:

- D'oscail an tUachtarán Michael D Higgins comhdháil Chumann Idirnáisiúnta Shaw, G.B. Shaw: *Back in Town*.
- Comhdháil Beckett agus *State of Ireland* agus taispeántas le tacaíocht UNESCO.
- Aoi-léacht oirirc ón Ollamh Lorenz Welker, Ollamh le Ceoleolaíocht, Ollscoil Ludwig Maximilian, Munich, ar Cheol agus Reiligiún. D'fhoilsigh UCD Press, Comhchuid de HII, 10 dteideal i rith na tréimhse lena n-áirítear:
- *Something to Chew On: Challenging Controversies in Food and Health* leis an Ollamh Mike Gibney, UCD.
- *An Irish Century: Studies 1912–2012* a foilsíodh le céad bliain na hirise Studies a chomóradh, á chur in eagar ag Bryan Fanning.

Institiúid John Hume UCD don Léann Domhanda Éireannach

www.ucd.ie/johnhume

Is clár téamach é Institiúid John Hume UCD don Léann Domhanda Éireannach, faoi stiúirtheacht an Ollaimh Gerardine Meaney, a bunaíodh faoi PRTL14 a bhfuil d'aidhm aige léann na hÉireann agus a diaspóra a athrú trí chlár taighde idirdhisciplíne, for-rochtain pobail agus comhar idirnáisiúnta.


- Reáchtáladh *Over the Irish Sea: A Symposium of the Atlantic Archipelagos Research Project* i gcomhar le hInstitiúid Moore, NUIG, le heochairithisc ón Ollamh Margaret Cohen (Ollscoil Stanford) agus ón Ollamh Claire Connolly (Ollscoil Cardiff).
- Ar na cainteoirí ag Léachtaí Shakespeare Amharclann na Mainistreach/UCD bhí an tOllamh Frank McGuinness (UCD), an tOllamh Kiernan Ryan (Royal Holloway, Ollscoil Londain) agus an tOllamh Mark Thornton Burnett (Ollscoil na Ríona, Béal Feirste).



1



2



3



4



5



6

1. Bronnadh bonn óir Taighde agus Nuálaíochta Institiúid Mhic Con Mí UCD 2011 ar an Dr Mark Pickering (ar dheis), atá le feiceáil in éineacht le hUachtarán UCD, an Dr Hugh Brady, as ucht a chuid taighde chun gníomhaire a d'fhéadfaí a úsáid go teiripeach i neamhoird miailínithe, mar scléaróis iolrach. Is taighdeoir iardhochtúireachta é an Dr Pickering sa Ghrúpa Taighde Néar-Teiripe, faoi cheannas Chomhalta Institiúid Mhic Con Mí UCD, an Dr Keith Murphy
2. Sa ghrianghraf in éineacht leis an Ollamh Des Fitzgerald, Leas-Uachtarán Taighde, tá buaiteoirí Chomórtas Íomhánna Taighde UCD 2011: an Dr Ian Reid (ar bun), Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí & Bithphróisis UCD, buaiteoir foriomlán; an Dr Sebastien Peuchmaille (ar dheis), Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, 2ú háit; agus an Dr Miguel Nicolau (barr), Scoil Ríomheolaíochta agus Faisnéisíochta UCD, agus CASL UCD, 3ú háit
3. Buaiteoir an chomórtais Íomhánna Taighde, *Makes You Think*, leis an Dr Ian Reid, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí & Bithphróisis UCD. Is éard atá san íomhá Micreascópachta Leictreoin Scanta seo ná píosa den inchinn tar éis gur baineadh amach samplaí sorcóireacha ón mbánábhair sna plánaí saighdeacha, corónacha agus trasnacha. Baineann an tionscadal taighde le múnú agus ionsamhlú ar dhíobháil inchinne thrámach de bharr bualadh maol ar an gcloigeann. Tógadh an ghrianghraf san Ionad Anailíse Ábhair agus Nana-Íomháihte (NIMAC), atá bunaithe i UCD
4. Chuir Féile Scannán UCD *Imagine Science*, a tionóladh i mí Iúil 2012, an eolaíocht i láthair an phobail trí scannán agus na meán dhigíteacha. Tionóladh an Fhéile i rith Bhaile Átha Cliath, Cathair na hEolaíochta 2012, agus mheall sí lucht féachana 5,000 duine chuig láithreacha éagsúla ar fud Bhaile Átha Cliath
5. An gearrscannán *Invisible*, faoi stiúir Evin O'Neill, IADT, le cúnamh eolaíochta ón Dr Emmanuel Reynaud, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, a bhí mar buaiteoir foriomlán sa chéad Chomórtas *Science Expression*, a bhí mar chuid d'Fhéile Scannán UCD, *Imagine Science*. Dhírigh an comórtas, a bhí faoi cheannas Thaighde UCD agus an Scoil Scannán Náisiúnta, IADT, agus á thacú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, ar nasc a chruthú idir eolaíthe agus deantóirí scannán ar mic léinn iad, d'fhonn scannáin eolaíochta Éireannacha nua a dhéanamh
6. Sa ghrianghraf (clé go deas) i Meán Fómhair 2011, tá: an tUas. John Travlers, iar-Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann; An tOllamh Jennifer McElwain, UCD; Máire Geoghegan-Quinn, Coimisinéir AE do Thaighde, nuálaíocht agus Eolaíocht; agus an tOllamh Eoin Casey, UCD. Fuair an tOllamh McElwain agus an tOllamh Casey 'Deontas Tosaigh' ó Chomhairle Taighde na hEorpa agus bhí siad i measc ghrúpa de sheisear taighdeoirí rathúil lonnaithe in Éirinn a fuair maoiniú faoin gclár maoinithe cáiliúil seo
7. Sa ghrianghraf (clé go deas) tá an Dr Brian Caulfield, Stiúrthóir, Ionad TRIL, agus Príomh-Imscrúdaitheoir ag Ionad CLARITY do Theicneolaíochtaí Braiteora Gréasáin, le Matt Patterson, taighdeoir iardhochtúireachta ag CLARITY. Tá an Dr Caulfield i gceannas ar thástáil ar theicneolaíocht aciaíochta spreagtha matán leictirigh néarmhatánaigh nua ar fheachtas éitilte parabóilí os cionn Bordeaux, an Fhrainc

7



Mórhéama Taighde: Sláinte agus Seachadadh Cúraim Sláinte

Faoin mórhéama taighde Sláinte agus Seachadadh Cúraim Sláinte, déanann UCD iniúchadh ar thuiscint bhunaidh meicníochtaí galair agus aistríonn na torthaí sin ar mhaithe le leas na sochaí agus an gheilleagair. Dírionn UCD ar mhórdhúshláin atá ag dul i gciann ar shláinte, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, mar dhiaibéiteas, ionfhabhtú, galar craicinn agus bitheolaíocht atáirgthe. Tá réitigh á gcur ar fáil ag UCD a chumasaíonn maireachtáil fholláin agus neamhspleách. Anuas ar an struchtúr comhtháite trasdhisciplíneach a spreagann comhoibriú, tá UCD tar éis naisc taighde aistrithe láidir a chruthú trína chuid ospidéal teagaisc cleamhnaithe agus Leigheas Móilíneach Éireann. Tá cur síos anseo thíos ar phríomhchlár agus gnóthachtálacha 2011/12.

Institiúid Mhic Con Mí an Taighde Bhithleigheis agus Bhithmhóilínigh UCD

www.ucd.ie/conway

Tá Institiúid Mhic Con Mí UCD, a hosclaíodh 10 mbliana ó shin, á treorú ag an Ollamh Walter Kolch. Is pobal taighdeoirí atá inti i mbun taighde nua sa bhithleigheas agus na torthaí á n-aistriú ina bhfeidhmeanna tráchtála, tionsclaíocha agus cliniciúla chun leasa na sochaí.

- I mbliana, bhí 10% de na foilseacháin in irisí a raibh fachtóir tionchair níos mó ná 8.0 (JCR 2011) acu, lena n-áirítear *Chemical Reviews* (Dawson); *Nature* (Cagney); *Nature Nanotechnology* (Dawson); *Nature Cell Biology* (Simpson); *Lancet Neurology* (Lynch); *Leukemia* (Kolch); agus *Molecular Cell* (Kolch agus Kholodenko).
- Áirítear ar an rathúlacht i maoiniú seachtrach suntasach a fhoinsí agus a mhealladh, mar a léiríonn dámhachtainí a fuarthas le deireanaí faoin gclár AE FP7, *FAST*, *NutriTech*, *Solving CKD*, *PRIMES* agus *CRYPTOVACC* mar aon leis an gcéad Chomhaltacht Forbartha Gairme Taighde de chuid SFI-HRB-Wellcome.
- Bhí 11 iarratas ar phaitinn, naoi nochtadh aireagáin, agus ceithre chomhaontú ceadúnais sa tréimhse seo.

Institiúid Bia agus Sláinte UCD

www.ucd.ie/foodandhealth

Tá Institiúid Bia agus Sláinte UCD, faoi stiúirtheacht an Ollaimh Mike Gibney, ina lárionad domhanda do thaighde bia agus sláinte. Tugann sé foirne taighde agus acadúla le chéile ó UCD trí chéile i ngnéithe bainteach le sláinte ar thaighde bia, agus aillíonn sé iarrachtaí taighde le clár thaighde idirnáisiúnta, náisiúnta agus tionscal.

- In 2011/12 thuill an Institiúid breis agus €6 milliún i maoiniú taighde a bronnadh go hiomaíoch agus lean a rathúlacht sa chlár FP7.
- Choinnigh an Institiúid uirthi lena sraith de sheimineáir bheartais, ceann á óstáil aice ar ábhar tráthúil cánach siúcra agus geire i Meitheamh 2012. Agus é á reáchtáil i gcomhar le hInstitiúid Geary UCD, mheall an seimineár: *Fat and sugar taxes: Will they solve the problem?* lucht éisteachta leathan ón tionscal, ó lucht acadúil, ó chomhlachtaí neamhrialtais agus ó shláinte phoiblí.
- Bhí an Institiúid bainteach le cleachtadh rannpháirtíochta tionscail forleathan i rith 2011/12, as ar eascair leibhéil shuntasacha suime agus dialóg leantach, lena n-áirítear mór-chomhpháirtíocht ionchasach le cuideachta mór ilnáisiúnta bia agus dí. Faoi láthair, gintear breis agus 25% de theacht isteach na hInstitiúide trí thionscadail atá á dtreorú ag an tionscal.

Bitheolaíocht Córas Éireann (SBI)

www.ucd.ie/sbi

Déanann Bitheolaíocht Córas Éireann, faoi stiúirtheacht an Ollaimh Walter Kolch, cuir chuige teiripeacha nua a dhearadh i leith ailse, agus galar athlastacha agus meathlúcháin bunaithe ar thuiscint mheicníoch, ar leibhéal córas, ar líonraí trasduchtaithe comharthaí ceallacha.

- Tá comhordú á dhéanamh ag an Ollamh Kolch faoi láthair ar dhá chlár Sláinte AE-FP7 agus is iad sin ASSET (€12 milliún - luach €1.7 milliún do UCD) agus PRIMES (€15 milliún - luach €2.2 milliún do UCD) chomh maith le páirtnéireacht ar chlár Míochaine Córas Gníomh Comhordaithe AE-FP7 (CASyM) agus clár AE-FP7 ar Infreasturctúr do Bitheolaíocht Córas - an Eoraip (ISBE), a bhfuil idirbheartaíocht do na comhaontuithe ar siúl faoi láthair.
- D'éirigh le taighdeoirí SBI dámhachtainí aonair a bhaint amach freisin mar an Dámhachtain don Phríomhthaighdeoir SFI, Dámhachtain Cuairteora Walton, deontas SFI SIRG, Comhaltacht DFG, comhaltachtaí mac léinn PRTLÍ agus IRCSET, etc.
- Tá SBI tar éis 149 foilseachán piarmheasúnaithe a chur ar fáil ó bunaíodh é in 2009 (bhí 29 díobh seo ann sa chéad leath de 2012). Áirítear anseo páipéir in irisí den scoth ar Chill Mhóilíneach, Comharthaíocht Eolaíochta, Taighde ar Ailse, Gaschealla, etc.
- Tá SBI ag dul i gciann ar lucht éisteachta níos leithne ná an saol acadúil agus tionscail trí thionscnaimh oideachais agus for-rochtana éagsúla, lena n-áirítear sraith RTÉ *Science Squad* agus *Elev8*, chomh maith leis an imeacht Thesis in 3 (Tin3), a reáchtáladh i Samhain mar chuid de *Innovation Dublin*.

Líonra Seachadta Drugaí Éireann (IDDN)

www.ucd.ie/iddn

Nascann Líonra Seachadta Drugaí Éireann, faoi stiúirtheacht an Ollaimh David Brayden, na trí scoil chógaisíochta in Éirinn, mar aon le UCD, Genzyme Ireland, Sigmoid Pharma, Arch Therapeutics agus Aerogen PLC le lárionad sármhaitheasa do thaighde i seachadadh drugaí a chur ar fáil. Is pointe fócasach é IDDN do thaighde ar sheachadadh drugaí in Éirinn agus pointe teagmhála don saol acadúil agus tionscail. Foilsíodh sé pháipéar de chuid IDDN agus bhain triúr taighdeoir iardhochtúireachta poist nua amach sa saol acadúil agus tionscail.

Lárionad d'Idirghníomhú BithNainea (CBNI)

www.ucd.ie/cbni

Is é an tIonad Idirghníomhaíochta BithNainea, faoi stiúirtheacht an Ollaimh Kenneth Dawson, ardán náisiúnta na hÉireann le haghaidh eolaíochta idirghníomhaíochta bithnainea de réir mar a fheidhmítear iad i réimsí nanashabháilteachta, nanaibhitheolaíochta agus nanaimhíochaine. Tá sé d'acmhainn ag an naineolaíocht athrú ó bhonn a chur ar roinnt mhaith gnéithe den tsochaí daonna agus dul chun leasa dóibh, go háirithe i réimsí teicneolaíocht an eolais agus leighis, má bhaintear leas go freagrach astu.

- Bhí bliain rathúil thosaigh ag an tionscadal AE-FP7, *Research Infrastructure for NanoSafety Assessment (QNano)*, á chomhordú ag CBNI, a chomhdháil bhliantúil tionscnaimh á reáchtáil i mBaile Átha Cliath i bhFeabhra 2012. Thacaigh an chéad bhabhta de Mhaoiniú Trasnáisiúnta le 21 den 40 iarratas ó thaighdeoirí chun rochtain a fháil ar na háiseanna tréithithe den scoth i 12 de na saotharlanna comhpháirtithe.
- Léirigh foilseachán de chuid CBNI i *Nature Nanotechnology* éifeacht an timthrialla cille ar iontógáil agus dáileog nanacháithnín i gcealla.
- Tugadh aitheantas i gcónaí do thaighdeoirí CBNI dá sármhaitheas, agus an tOllamh Kenneth Dawson á cheapadh mar *Australian Regulatory Fellow in 2012*.

Lárionad Nanaimhíochaine UCD (NMC)

www.ucd.ie/nanomedicine

I Samhain 2011, thosaigh an Lárionad Nanaimhíochaine ag cur saineolas 16 PríomhThaighdeoir le chéile chun clár ildhisciplíneacha ardriosca, le dea-thoradh ard a chur le chéile i: teicnící diagnóisithe nua a fhorbairt; nanashabháilteacht agus rioscaí agus cúrsaí rialála agus eitice nanacháithníní agus nana-ábhair a thuiscint; agus modhanna agus éifeachtúlacht seachadta drugaí a fheabhsú. Áirítear ar na príomhthorthaí in 2011/2012:

- 91 tairiscint á gcur isteach ar tugadh maoiniú do 38 ar bhreisluach níos mó ná €8.1 milliún.

- Áiseanna uathúla UCD i dteicneolaíochtaí ar nanascála a fhorbairt lena n-áirítear ionsamhlú agus samhaltú, íomháu *in vitro* agus *in vivo*, agus bithbhraiteacht.
- Clár rannpháirtíochta tionscail agus ardán tráchtáilithe.
- Ballraíocht UCD san Ardán Teicneolaíochta Eorpach i Nanaimhíochaine (ETPN).

Taighde Teicneolaíochta do Mhaireachtáil Neamhspleách (TRIL)

www.trilcentre.org

Is Ionad taighde idirnáisiúnta é an tIonad Taighde Teicneolaíochta do Mhaireachtáil Neamhspleách, faoi stiúirtheacht an Dr Brian Caulfield, atá ar thús cadhnaíochta in úsáid gaireas le teicneolaíocht braiteora nua agus algartaim. Coinníonn sé seo le bealaí cúraim nuálacha nua chun mairachtáil neamhspleách a chur chun cinn sa phobal atá ag dul in aois agus cianbhainistiú galair ainsealaigh a éascú. Is comhoibriú acadúil tionscail é an tIonad idir UCD, TCD agus ilpháirtithe tionscail lena n-áirítear Intel agus GE-Healthcare.

- Tá maoiniú €220K ó Fhiontraíocht Éireann faighte ag Comhpháirtíocht Nuálaíochta TRIL-Janssen chun iniúchadh a dhéanamh ar réitigh teicneolaíochta ionchasacha chun monatóireacht agus bainistiú othair a bhfuil an galar Alzheimer orthu a fheabhsú, sa bhaile, le linn dóibh tacaíocht bhreise a thabhairt dá gcúramóirí. Tá sé seo bainteach le hobair atá ar siúl faoi láthair i gcomhar le Pfizer.
- Sheol an tAire Taighde agus Nuálaíochta, Sean Sherlock TD, svuít nua teicneolaíochtaí Chlinic TRIL, a bhfuil an acmhainn acu cruinneas i measúnú riosca títime i ndaoine scothaosta a mhéadú.
- Chuir TRIL tús le comhoibriú leis An Garda Síochána chun ardán cumarsáide a fhorbairt do shlándaíl fheabhsaithe i measc daoine scothaosta atá ina gcónaí i gceantair thuaithe. Tacaíonn Fondúireacht Réiteach Motorola leis an obair seo.

Lárionad Taighde Cliniciúil UCD (CRC)

www.ucd.ie/crc

Tá Lárionad Taighde Cliniciúil UCD, faoi stiúirtheacht an Dr Peter Doran, ina cheannaire náisiúnta i dtaighde aistrithe agus cliniciúil. Déanann sé iarracht bealaí a aimsiú chun cúram liachta a fheabhsú agus cóireálacha nua a bhunú a fheabhsóidh cáilíocht na beatha dóibh siúd a bhfuil galair ghéara agus ainsealacha acu.

- Tugadh breis agus 240 tionscadal chun críche, nó tá siad fós ar siúl a bhfuil baint ag breis agus 280 úsáideoir CRC leo.
- Is mórfháirtneir é CRC in Iontaobhas Wellcome agus Lárionad Bhaile Átha Cliath don Taighde Cliniciúil, maoinithe ag an mBord Taighde Sláinte.
- Rinne Bord Leigheasra Éireann iniúchadh ar CRC agus thug faomhadh dó.
- Is páirtneir é CRC in Ionad HRB/ Iontaobhas Wellcome Bhaile Átha Cliath do Líonra Taighde Cliniciúil.

Leigheas Móilíneach Éireann (MMI)

www.molecularmedicineireland.ie

Is comhpháirtíocht í Leigheas Móilíneach Éireann, faoi stiúirtheacht an Dr Ruth Barrington, idir UCD, NUIG, RCSI, TCD agus UCC. Is é a mhisean dlús a chur le haistriú taighde bithleighis i ndiagnóisic agus i dteiripí feabhsaithe d'othair.

- Sheol an tAire Taighde agus Nuálaíochta, Séan Sherlock TD, Clár Scoláirí Taighde Aistrithe agus Chliniciúil i nDeireadh Fómhair. D'fhorbair MMI, UCD, NUIG, TCD agus UCC, an clár PhD struchtúrtha ceithre bliana seo le maoiniú PRTL15, agus le hionchur ón tionscal agus ó Bhord Leigheasra Éireann.
- Tá 14 staidéar taighde cliniciúil ar siúl faoi láthair thar Líonra Ionad Bhaile Átha Cliath um Thaighde Cliniciúil (DCCR), a raibh earcú 3,567 othar i réimsí mar riospráide, néarasiciatracht agus ailse phróstatach i gceist ann.
- Bhronn Cumann Ailse na hÉireann maoiniú ar MMI chun ról an chomhordaitheora taighde don Ghrúpa Taighde Náisiúnta um Ailse Phróstatach a óstáil.
- Sheol Líonra Infreastruchtúr Taighde Chliniciúil Éireann (ICRIN) tairseach gréasáin um thaighde cliniciúil: acmhainn ar líne aonair ina bhfuil uirlisí agus eolas ar thaighde cliniciúil in Éirinn.

Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála (NIBRT)

www.nibr.ie

Is institiúid den scoth í an Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála, faoi stiúirtheacht eatramhach an Ollaimh Ian Marison, a chuireann réitigh thaighde agus oiliúna ar fáil don tionscal bithphróiseála i saoráidí ardchaighdeán i bPáirc Nuálaíochta Belfield. Tá NIBRT bunaithe ar chomhoibriú nuálaíoch idir UCD, TCD, DCU agus Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach, agus tá sé páirtmhaoinithe ag Údarás Forbartha Tionscail Éireann. Tá sé d'aidhm aici tacú le forbairt an tionscail bhithphróiseála reatha in Éirinn agus chun cuideachtaí bithphróiseála breise a mhealladh go hÉirinn.

- In Eanáir 2012, bhain NIBRT an Duais Aitheantais Speisialta i gclár Dámhachtainí Idirnáisiúnta Saoráide na Bliana (FOYA) 2012. Is é seo príomhchlár dámhachtainí an tionscail chógaisíochta atá tiomanta do nuálaíocht agus do ghnóthachtálacha i ndearadh, i dtógáil agus i bhfeidhmiú saoráide.
- I Márta 2012, bronnadh an Dámhachtain Ardghradaim um Ionad Nuálaíochta ó Chorporáid Waters ar NIBRT.
- I Lúnasa 2012, fógraíodh go raibh NIBRT san iomaíocht i mbabhta ceannais de chuid Bioprocess International: Collaboration of the Decade Awards.

Lárionad Taighde Feidhmigh (ARC)

Is Lárionad Sármhaitheasa é Lárionad Taighde Feidhmigh UCD RTI a d'eascair as comhiarraicteáí UCD agus RTI Idirnáisiúnta bunaithe sna SA. Bhunaigh láidreachtaí comhnasctha UCD agus RTE ARC i bhFeabhra 2012. Seachadann an Lárionad acmhainn ardeicniúil i ndearadh agus i ndéanamh mórstaidéar casta, agus i suirbhé ceannródaíoch staitistiúil, measúnú agus modhanna taighde feidhmeacha eile a fhorbraítear ag RTI. Cuireann siad seo leis an taighde acadúil ardchaighdeán a dhéantar i UCD.

- D'óstáil ARC seimineár rSláinte Idirnáisiúnta i UCD i mBealtaine 2012. Chuir príomhnuálaithe ó UCD, RTI agus NUIG taighde ceannródaíoch i láthair ag an gcomhdháil. Bhí freastal maith ag eolaithe taighde, comhpháirtithe tionscail agus comhoibrithe idirnáisiúnta air. Reáchtáladh é chun tacú le *Tuarascáil Tosaíochta Taighde, Limistéar D: Sláinte Nasctha*, a d'fhoilsigh an Roinn Poist, Fiontraíochta agus Fostaíochta.
- Bhunaigh ARC líonra ildisciplíneach náisiúnta, Eorpach agus tras-atlantach de thaighdeoirí feidhmeacha, comhpháirtithe tionscail, lucht déanta beartas agus comhoibrithe bunaithe thart ar a lárionad i UCD.

Mórtéamaí Taighde: Faisnéis, Ríomhaireacht agus Cumarsáid

Aithníodh tábhacht straitéiseach réimse na Faisnéise, na Ríomhaireachta agus na Cumarsáide d'uailmhian na hÉireann geilleagar faisnéise a chruthú. I gcás láidreachtaí UCD i réimsí taighde leathana mar na heolaíochtaí beatha, an eacnamaíocht, na heolaíochtaí sóisialta, aeráid agus múnlaí timpeallachta, tá gá le hanailís ar thacair shonraí ar mhórscaála, tuiscint dhomhain ar chórais agus ar ionsamhlú trí shamhaltú casta. Laistigh de UCD, tógann an mórtéama taighde seo ar na cláir chomhoibríocha uathúla a bhfuil cur síos orthu thíos.

CLARITY - Ionad na dTeicneolaíochtaí Braiteora Gréasáin

www.clarity-centre.org

Is comhpháirtíocht í CLARITY, faoi stiúirtheacht an Ollaimh Barry Smyth, idir UCD, DCU agus Institiúid Náisiúnta Tyndall, Corcaigh. Dírionn an tIonad ar an idirnascaid idir braiteacht oiriúnaitheach agus fionachtain faisnéise chun teicneolaíochtaí nua nuálaíochta a fhorbairt agus cur le feabhas ar cháilíocht na beatha i réimsí mar shláinte phearsanta, na meáin dhigiteacha agus bainistiú na timpeallachta.

- Is ionann bunmhaoiníú CLARITY agus €33.3 milliún. Sa bhreis ar an €12 milliún ó SFI, tá breis agus €13 milliún faighte ó fhoinsí AE agus tionscail agus tacaíonn anois le breis 130 taighdeoir.
- Sháraigh aschur eolaíoch CLARITY 190 páipéar irise agus 460 páipéar comhdhála. Chinn athbhreithniú SFI a rinne painéal idirnáisiúnta gur Lárionad Ardchaighdeáin Domhanda é CLARITY, agus dúirt: “Tá sé de cheart ag SFI leanúint lena mhaoiníú agus dámhachtain leantach a bhreithniú”.
- Go dáta, bhain taighde CLARITY, le tacaíocht Fiontraíocht Éireann, 12 dámhachtain paitinne, 13 comhaontú ceadúnais agus trí mhac-chuideachta. Tá CLARITY ag comhoibriú le breis agus 60 cuideachta.

Saotharlann UCD do Chórais Chasta agus Oiriúnaitheacha (CASL)

www.ucd.ie/casl

Tá Saotharlann UCD do Chórais Chasta agus Oiriúnaitheacha, faoi stiúirthóireacht an Ollaimh David Coker, tar éis ceithre bhraisle sárthaighde a chruthú. Cuireann siad seo go mór le láidreachtaí iomaíochta na hInstitiúide, le gearráil taighde idirdhisciplínigh chun na ‘mórdhúshláin’ san eolaíocht agus sa tsochaí a réiteach. Chun na críche seo tagann na fearainn feidhmiúcháin a bhfuiltear sa tóir orthu le riachtanais shochoaíoch dhomhanda agus cuireann fíordheiseanna ar fáil chun tógáil ar shármhaitheas agus tionchar taighde CASL a mhéadú.

Clique - An Bhraisle Anailíse Graif agus Líonra

www.cliquecluster.org

Tugann an bhraisle taighde Clique, faoi stiúirthóireacht an Ollaimh Pádraig Cunningham, aghaidh ar fhorbairt teicnící ríomhaireachta d’anailís agus d’amharcléiriú sonraí líonra.

- Bhain Clique Deontas Lárionad Teicneolaíochta Anailísíochta Sonraí de chuid Fiontraíochta Éireann, ar fiú €921,349 é, i gcomhar le DIT agus UCC.
- Lean Príomhthaighdeoir Clique, Conor Hayes, agus an Taighdeoir Iardhochtúireachta Sinsearach, Derek Greene, orthu ag cur taighde Clique chun cinn ag imeachtaí idirnáisiúnta. Bhí siad ina gcathaoirligh áitiúla don Chomhdháil Idirnáisiúnta ar Loga Gréasáin agus Meáin Shóisialta (ICWSM) a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath i mBealtaine 2012. Bhí Clique sa chathaoir freisin ar Cheardlann ar Amharcléiriú Meán Sóisialta (SocMedVis) ag an gcomhdháil.
- Rinneadh clúdach leathan ar ghníomhaíochtaí taighde Clique sna meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear *The Science Squad* de chuid RTÉ, *Wired* (UK), *Time Opinion*, *The Guardian* (UK), CBS, MSNBC agus *The Irish Times*.

FMC² - An Bhraisle Mhatamaitice agus Ríomhaireachta

www.fmc-cluster.org

Is comhoibriú é FMC², faoi stiúirthóireacht an Ollaimh John Cotter, idir UCD, DCU, NUI Maigh Nuad agus comhpháirtithe tionscail. Tugann sé saineolas comhlántach sa mhatamaitice airgeadais, in eacnamaíocht airgeadais agus i ríomheolaíocht le chéile chun clár taighde iomlánaíoch i mbainistiú sócmhainne agus riosca a chruthú.

- Chuaigh an tOllamh John Cotter i gcomharbacht ar an Ollamh Anthony Brabazon mar Stiúirthóir ar FMC² i Meitheamh 2012.
- I mBealtaine 2012, rinneadh athbhreithniú meántearma ar FMC² agus d’éirigh leis maoiníú a fháil ó SFI chun a ghníomhaíochtaí taighde a leathnú thar an chéad dá bhliain go leith eile.
- D’eagraigh FMC² scoil shamhraidh trí lá ar Shamhaltacha Struchtúir Caipitil Dhinimice, i mBealtaine 2012, a sheachaid Semyon Malamud (EPFL, an Eilbhéis).
- D’fhoilsigh an bhraisle ailt in dhá mhóiris airgeadais idirnáisiúnta, *Econometrica* agus an *Journal of Financial Economics*, agus leanann uirthi ag cur lena leibhéal foilseachán agus gníomhaíochtaí for-rochtana.

An Lárionad Náisiúnta don Taighde Digiteach (NDRC)

www.ndrc.ie

Is fiontar neamhspleách é an Lárionad Náisiúnta don Taighde Digiteach, faoi stiúirthóireacht Ben Hurley, atá tiomanta don taighde a bhrostú ó uair a cheaptha go dtí ioncam. Bunaithe ag cuibhreannas institiúidí tríú leibhéal (UCD, DCU, IADT Dhún Laoghaire agus NCAD) cothaíonn cur chuige comhoibrioch NDRC le nuálaithe gnó agus teicneolaíochta comhrathúlacht níos mó le linn dó dearthaí níos dána i leith aireagáin agus infheistíochta a shaothrú.

- In 2011/12, tá 70 gnó nuathionscanta tar éis teacht chun cinn ó phunann NDRC, agus chruthaigh na fiontair 221 post nua.
- Bhain 55% de chuideachtaí punainn NDRC infheistíocht tráchtála arbh fhiú €9.6 milliún í.
- D’éirigh le Loga Iontrálacha iarchéime NDRC \$1.1 milliún a bhailiú i mbabhta maoinithe á threorú ag Polaris Ventures.
- Vótáil an IVCA/ISA go raibh an mhac-chuideachta NDRC SilverCloud Health ar an gCuideachta Nuathionscanta is Mó a Chuirfí Infheistíocht ann in Éirinn.
- Bronnadh an Spark of Genius ar Redeem& Get, iarracht iarchéime NDRC, ag Cruinniú Mullaigh Gréasáin Bhaile Átha Cliath.
- Chuaigh NDRC i bpáirt leis *The Irish Times* chun mionluasaire a sheachadadh do ghnólachtaí nuathionscanta agus le EirGrid chun an Mol Nuálaíochta SmartGrid a thosú.

Mór-Chláir, Mór-Ionaid agus Mór-Institiúidí Taighde UCD

Mór-Institiúidí agus Institiúidí Ildisciplíneacha Taighde UCD

Institiúid Mhic Con Mí UCD	www.ucd.ie/conway
Institiúid Uí Ghadhra UCD	www.ucd.ie/geary
Saotharlann UCD do Chórais Chasta agus Oiriúnaitheacha	www.ucd.ie/casl
Institiúid Bia agus Sláinte UCD	www.ucd.ie/foodandhealth
Institiúid Daonnachtaí na hÉireann, UCD	www.ucd.ie/hii
Ionad um Shintéis agus Bitheolaíocht Cheimiceach	www.ucd.ie/cscb
Institiúid Domhaneolaíochta UCD	www.ucd.ie/earth

Ionaid SFI don Eolaíocht, don Innealtóireacht agus don Teicneolaíocht (CSETanna)

CLARITY - Lárionad na dTeicneolaíochtaí Braiteora Gréasáin	www.clarity-centre.org
Bitheolaíocht Chóras Éireann	www.ucd.ie/sbi

Braislí Taighde Straitéisigh SFI á dtreorú ag UCD (SRCanna)

Lárionad d'Idirghníomhaíocht BithNano	www.ucd.ie/cbni
Líonra Seachadta Drugaí na hÉireann	www.ucd.ie/iddn
Bitheolaíocht Atáirgthe UCD	www.ucd.ie/reproduction
Tiontú Fuinneamh Gréine UCD	www.seccluster.ie
Ríomhaireacht Matamaitice Airgeadais (FMC ²)	www.fmc-cluster.org
Clique	www.cliquecluster.org

Mór-Chláir Chomhoibríochacha Idir-Institiúide

Leigheas Móilíneach Éireann (MMI)	www.molecularmedicineireland.ie
Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bithphróiseála (NIBRT)	www.nibr.ie
Taighde Teicneolaíochta do Mhaireachtáil Neamhspleách (TRIL)	www.trilcentre.org
An tIonad Náisiúnta don Taighde Digiteach (NDRC)	www.ndrc.ie

Lárionaid Taighde UCD

Lárionad Taighde Bithacmhainní UCD	www.ucd.ie/bioresources
Lárionad Taighde Leictreachais	www.erc.ucd.ie
Lárionad Nanaimhíochaine UCD	www.ucd.ie/nanomedicine
Lárionad Taighde Cliniciúil UCD (CRC)	www.ucd.ie/crc
Lárionad Liachta Acadúil Bhaile Átha Cliath (DAMC)	www.ucd.ie/medicine/lifewithus/ourcampus/dublinacademicmedicalcentre
An tSaotharlann Náisiúnta Tarchurtha Víreas	www.ucd.ie/nvrl

Institiúidí agus Cartlanna Téamacha UCD

Institiúid Charles	www.ucd.ie/medicine/ourresearch/researchcentres/ucdcharlesinstituteofdermatology
Institiúid Claude Shannon	www.shannoninstitute.ie
Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD	www.ucd.ie/instituteforsportandhealth
Institiúid John Hume don Léann Éireannach Domhanda UCD	www.ucd.ie/johnhume
Institiúid Mhíchíl Uí Chléirigh UCD	www.ucd.ie/mocleirigh
Institiúid Clinton don Léann Meiriceánach UCD	www.ucd.ie/clinton
An Institiúid do Léann na hÉireann-na Breataine UCD	www.ucd.ie/ibis
Institiúid na hÉireann don Léann Síneach (Institiúid Confucius UCD)	www.ucd.ie/china
Leabharlann Digiteach UCD (IVRLA roimhe seo)	www.digital.ucd.ie
Cartlann Sonraí Eolaíochta Sóisialta na hÉireann (ISSDA)	www.ucd.ie/issda

4

NUÁLAÍOCHT AGUS COMHPHÁIRTÍOCHT

Is í an nuálaíocht an tríú colún i gcroí-mhisean UCD, lámh leis an oideachas agus le taighde. I UCD, is coincheap leathan í an nuálaíocht a chlúdaíonn ní hamháin nuálaíocht teicneolaíochta ach réimsí ar nós nuálaíochta beartais, sóisialta agus cultúrtha.

CLÁR

Uasmhéadú ar Thionchar Faisnéise agus Saineolais UCD	40
Nuálaíocht agus Fiontraíocht a Chothú ag an Tríú agus ag an gCeathrú Leibhéal	42
Nuálaíocht a Chothú i Measc Fhoireann UCD	42

Uasmhéadú ar Thionchar Faisnéise agus Saineolais UCD

Ar 1 Meán Fómhair 2011, ceapadh an tOllamh Peter Clinch ina Leas-Uachtarán Nuálaíochta ar UCD, agus is eisean a threoraíonn Oifig an Leas-Uachtaráin Nuálaíochta anois.

Is é misean na hOifige luach agus cáilíocht ghníomhaíochtaí nuálaíochta UCD a fheabhsú chun an t-uasthionchar don Ollscoil, dá comhpháirtithe agus do shaol sóisialta agus eacnamaíochta in Éirinn agus sa domhan níos leithne a bhaint amach.

Leis an misean seo a chur chun cinn tacaíonn Nuálaíocht UCD le gníomhaíochtaí nuálaíochta ar fud an chórais ar fud na hOllscoile trí cheithre phríomhthéama nuálaíochta:

Céimithe Cruthaitheacha a Spreagadh

Cinntíonn UCD, trí chláir cheannródaíoch, go bhfuil céimithe ardoilte, nuálaíoch agus fiontraíoch, agus gur féidir leo dul in iomaíocht go héifeachtach le haghaidh fostaíochta idirnáisiúnta. Trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil, forbairt ghairme leantach agus oideachas feidhmiúcháin, rannchuidíonn an Ollscoil chun scileanna agus buanna an phobail, ar chuisle an gheilleagair agus na sochaí iad, a choinneáil agus a fheabhsú.

An tEolas a Chur ag Obair

Teastaíonn réitigh chomhtháite ildisciplíneacha ó fhadhbanna móra an domhain. Is é UCD an ollscoil is idirnáisiúnta in Éirinn agus tá cuid mhór d'fhócas an taighde dírithe ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda. Ag an am céanna, cuireann taighdeoirí, mic léinn agus céimithe UCD le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha ar scála leathan.

Comhpháirtíocht le Tionscal

Tá cáil idirnáisiúnta ar UCD faoi bheith ar thús cadhnaíochta i dtaighde nuálaíoch agus i bhfionnachtain chruthaitheach. Tá an Ollscoil tiomanta do leibhéal chomhoibríochta agus comhpháirtíochta le tionscal idirnáisiúnta a mhéadú, rud atá á bhaint amach trí thaighde chomhoibríoch, comhsúí ar an láthair le bonn taighde ardchaighdeáin UCD, agus ceadúnú teicneolaíochta do raon éagsúil earnálacha. Oibríonn UCD le rialtais agus le heagraíochtaí poiblí i nuálaíocht agus aistriú beartais, mar aon le rannpháirtíocht leis an earnáil dheonach trí chomhpháirtíochtaí nuálaíochta cultúrtha agus sóisialta.

Fiontair Nua Gnó a Fhás agus Tacú leo

I NovaUCD, an mol d'fhiontair agus d'fhiontraithe nua i UCD, cuireann an Ollscoil saoráidí cothaithe úrscothacha, saintógtha ar fáil do chuideachtaí dian-eolais, le taobh clár tacaíochta gnó cuimsitheach dár gcuideachtaí cliant.

I rith na bliana seoladh láithreán gréasáin nua Nuálaíochta UCD (www.ucd.ie/innovation) le béim a chur ar an nuálaíocht mar thríú colún de ghníomhaíocht na hOllscoile.

Áirítear ar bhuaicphointí nuálaíochta:

- Bhain breis agus 8,700 mac léinn, ar cuireadh oideachas orthu i dtimpeallacht fiontraíoch, nuálaíoch agus taighde, céim amach i UCD.

- Shínigh UCD conradh chun Coláiste Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath-Beijing a bhunú i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta Beijing. Díreoidh an coláiste nua ar cheithre réimse atá bainteach le forbairt fiontair rathúil sa tSín agus in Éirinn, lena n-airítear nuálaíocht agus fiontraíocht.
- D'fhógair UCD agus Elan Corporation plc dhá scoláireacht agus sraith léachtaí bhliantúil i UCD dár teideal: Gnó na Biteicneolaíochta. Is cuid de thabhartas €3.17 milliún de chuid Elan é seo chun acmhainn a thógáil ag an gcomhéadan idir disciplíní eolaíochta agus gnó. Bunóidh an tabhartas seo freisin Cathaoir nua Elan i nGnó na Biteicneolaíochta, chun ceannaireacht acadúil a chur ar fáil sa réimse tábhachtach straitéiseach seo.
- Tá ResMed Inc., ceannaire domhanda i bhforbairt, i ndéanamh agus i margaíocht táirgí leighis chun galair codlata agus riospráide a chomhrac, lena saoráid R&D agus Nuálaíochta i UCD a leathnú as seo go ceann trí bliana.
- Lean UCD lena chomhpháirtíocht le BT Ireland i seachadadh Grodchúrsa Gnó Eolaí Óg BT 2012 ag NovaUCD.
- Tá breis agus 200 duine fostaithe ag cuideachtaí atá lonnaithe ag NovaUCD, a bhfuil sa bhreis ar €40 milliún in infheistíocht cothromais cruinnithe acu. Cruthaíodh ochtó post in 2011, agus tá coinne le 300 eile.
- Cruthaíodh daichead is a hocht comhpháirtíocht nua le lucht tionscail.
- Tuairiscíodh daichead is a dó nochtadh aireagáin.
- Cláraíodh tríocha is a naoi n-iarratas paitinne thar réimsí uile na n-eolaíochtaí beatha, na hinnealtóireachta agus na teicneolaíochta cumarsáide eolais.
- Tugadh ceithre chomhaontú ceadúnais déag chun críche le raon de chuideachtaí idirnáisiúnta agus dúchasacha.
- Chríochnaigh cúig cinn déag d'fhiontair nua an Clár Forbartha Cuideachta Campais 2011 NovaUCD.
- Roghnaíodh HeyStaks, an mhac-chuideachta cuardach gréasáin sóisialta de chuid UCD, a bhfuil oifig aici i NovaUCD agus i San Francisco, le hionadaíocht a dhéanamh thar ceann na hÉireann ag craobhchomórtas Eorpach Vodafone Mobile Clicks 2011.
- Bhain LogEntries, mac-chuideachta UCD a bhfuil réiteach bainistithe comhad loga cuardach agus anailíse fíor-ama, néal-bhunaithe forbartha aici, maoiniú de bhreis ar \$1 milliún, treoraithe ag Polaris Venture Partners le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann.
- Fuair Biosensia, cuideachta diagnóisice cúraim pointe le ceannáras ag NovaUCD, €1.2 milliún de mhaoiniú nua, á threorú ag ACT Venture Capital.
- Bhain LogScreen, cuideachta réiteach slándála IT le ceannáras ag NovaUCD, Dámhachtain 2011 don Ghnó Tionscanta is Mó a bhfuil Gealladh Faoi ag Dámhachtainí Fiontair Chontae Dhún Laoghaire-Rath an Dúin.



1



2




3



4



5



6



7

1. Machnamh ar an Nuálaíocht. Sa ghrianghraf ag NovaUCD tá an tOllamh Christopher Tucci, Cathaoirleach ar Straitéis agus nuálaíocht Chorpáraídeach, École Polytechnique Fédérale de Lausanne, an Eilvéis, sular thug sé Léacht InterTradelreland 2012 ar nuálaíocht ag UCD, dar teideal *Managing Technological Change Through Innovation: What's an Incumbent to Do?*
2. Cuireann Tethras Technology, a bhfuil a cheanncheathrú ag NovaUCD, agus a bhunaigh (clé go deas) Brian Farrell agus Brendan Clavin, seirbhísí logánaithe ó cheann go ceann ar fáil d'fhorbróirí feidhmchlár soghluaiste agus ainmníodh é mar an Chuideachta Ardfháis is Fearr, i gcaobhchomórtas réigiúnach Bhaile Átha Cliath sa Chomórtas Gnó Uile-Oileáin Seedcorn de chuid InterTradelreland 2011.
3. Sa ghrianghraf (clé go deas) tá an tOllamh Brian Glennon agus an Dr Mark Barrett, comhbhunaitheoirí APC Ltd, seach-chuideachta taighde cógaisíochta agus teicneolaíochta ó Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí & Bithphróisis UCD. APC Ltd a bhí mar bhuaiteoir foriomlán Chlár Forbartha Cuideachtaí Campais NovaUCD 2011.
4. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag ócáid fógartha an leathnú ar shaoráidí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (RD&I) do ResMed Inc ag UCD, a chruthóidh suas le 50 post nua RD&I, tá: Barry O'Leary, Príomhfheidhmeannach, IDA; an tOllamh Peter Clinch, Leas-Uachtarán Nuálaíochta UCD; an Dr Peter Farrell, bunaitheoir, CEO agus Cathaoirleach, ResMed Inc; John Perry TD, an tAire Stáit, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta; agus an Dr Conor Hanley, MD, ResMed Ireland
5. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag seoladh an Phrótaicail nua maidir le Maoin Intleachtúil, *Putting Public Research to Work for Ireland*, in Nova UCD, tá: An tOllamh Peter Clinch, Leas-Uachtarán Nuálaíochta UCD; Sean Sherlock TD, an tAire Taighde agus Nuálaíochta; Richard Bruton TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta; agus Uachtarán UCD, an Dr Hugh Brady
6. Sa ghrianghraf ag NovaUCD tá an t-údar, an Dr John P McManus, ag seoladh a leabhair nua dar teideal *Intellectual Property: From Creation to Commercialisation*
7. Bhuail cúigear daltaí meánscoile a rinne tionscadal ceardlainne dar teideal *Smart Pipe: An Automated Water Circulation Anti-freezing System* an grúpa foriomlán is fearr ag Grodchúrsa Gnó Eolaí Óg na Bliana BT 2012, a tionóladh i UCD. Sa ghrianghraf (clé go deas) tá Matt Murtagh White (17) ó Choláiste Chill Chainnigh, Cill Chainnigh; Emer Creedon (16) ó Choláiste Regina Mundi College, Corcaigh; Adam Torrens (19) ó South Eastern Regional College, Beannchar; Deirdre Harford (17) ó Mheánscoil Loreto, Baile Brigín, Baile Átha Cliath; agus Megan Doyle (16) ó Coláiste Pobail na Sceirí, Baile Átha Cliath

Nuálaíocht agus Fiontraíocht a Chothú ag an Tríú agus ag an gCeathrú Leibhéal

D'fháiltigh *Acadamh Nuálaíochta TCD-UCD*, comhoibríocht oideachais idir Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Coláiste na Tríonóide, roimh 200 mac léinn in 2011/12, lena n-áirítear PhDanna, máistreachtaí múinte, gairmithe tionscail, céimithe nua agus céimithe dífhostaithe tríd an gclár Lingchlár de chuid an HEA. Áirítear anseo mic léinn ó Choláiste na Ríona, Béal Feirste, an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh, agus Ollscoil Lancaster.

Choinnigh an *tAcadamh Nuálaíochta* air ag obair go fairsing le heagraíochtaí lasmuigh den Ollscoil, a raibh 40 tionscadal ildisciplíneacha i gceist leis in 2011/12. D'eascair clúdach ó na meáin dá bharr seo ar thorthaí tionscadail áirithe lena n-áirítear clár faisnéise le BBC3 ar an tionscnamh Hireland.

Chuidigh ceardlann Oideachas Fiontraíochta Gníomhbhunaithe de chuid an *Acadaimh Nuálaíochta*, ag an bhFóram Oscailte Euro-eolaíochta 2012, chun feabhas a chur ar a phróifíl idirnáisiúnta. Áiríodh anseo rannpháirtíocht i bpainéal plé idirnáisiúnta inar tógadh argóintí suimiúla agus éagsúla maidir leis na modhanna oideachais fiontraíochta do mhic léinn Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Eolaíochta a bhí ag teacht chun cinn.

Ghlac Stiúrthóir an *Acadaimh Nuálaíochta*, an tOllamh Suzi Jarvis, mar aon le comhghleacaithe ó Thuaisceart Éireann, páirt i gcuairt go Boston agus San Diego maoinithe ag Roinn Stáit na SA chun iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí le ceannairí gnó óga a fhorbairt agus a chothú.

Nuálaíocht a Chothú i measc Fhoireann UCD

Mar chuid den tiomáint chun cultúr nuálaíochta agus fiontraíochta a chruthú, bhí Oifig an Leas-Uachtaráin um Nuálaíocht rannpháirteach i roinnt clár agus tionscnamh ar fud na hOllscoile i rith na bliana, lena n-áirítear seachadadh cainteanna gearra agus seimineáir. Ar na hábhair a áiríodh bhí: léargas ginearálta ar an bpróiseas tráchtálaithe; réamheolas ar mhaoin intleachtúil; réamheolas ar smaointeoireacht dearaidh; agus an chaoi a bhfuil an nuálaíocht bainteach le taighdeoirí iardhochtúireachta agus cuardach paitinne.

Lean foireann UCD orthu ag tráchtáil a dtaighde go rathúil. Mar shampla, bronnadh an Dámhachtain 'One to Watch' 2012 de chuid Fiontraíocht Éireann ar an nDr Barbara Murphy, taighdeoir

i Scoil Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD mar aitheantas ar a cuid oibre chun a haireagán, masc éadrom teiripeach do chapaill, a fhorbairt ina tháirge indíolta. D'fhorbair an Dr Murphy an masc i gcomhar leis an Ollamh John Sheridan, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD.

Seoladh an *Malartán Nuálaíochta* a oibríonn ar chóras babhtála. Is í an aidhm atá aige tuiscint ar phobal a chothú agus éiceachóras fiontraíochta agus nuálaíochta a fhorbairt ar fud UCD. IN 2012, rinneadh roinnt socrúithe iasachta, lena n-áirítear Lego ó Stiúideo Nuálaíochta Lego á thabhairt d'Oifigí Fhorrochtana agus Oideachais i CLARITY agus SBI, agus iPads á gcur ar fáil d'fhoireann UCD.

5

EISPÉIREAS MAC LÉINN UCD

Cuireann UCD roinnt seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil chun a chinntiú go dtagann mic léinn chun a bheith ina ndaoine aonair ildánacha le linn a dtréimhse ag an Ollscoil. Is cuid riachtanach dá n-oideachas é seo agus ceann a sheasfaidh dóibh i bhfad tar éis dóibh céim a bhaint amach. Tá UCD tiomanta timpeallacht a chruthú áit a mbainfidh mic léinn leas agus taitneamh as eispéireas iomlánaíoch atá chomh dúshlánach, chomh sásúil agus chomh spreagúil agus is féidir.

CLÁR

Seirbhísí Tacaíochta agus Riaracháin do Mhic Léinn	44
Spóirt, Cumainn agus Gníomhaíochtaí Eile	46

Seirbhísí Tacaíochta agus Riaracháin do Mhic Léinn

Tugadh Beartas nua ar Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh isteach chun tacú le cláir acadúla na hOllscoile. Cuireann sé seo tacaíocht láidir agus treoirilínte ar fáil do chláir, lena n-áirítear tréimhsí foghlama ó thaithí agus oiliúna praiticiúla, a éilíonn go n-oibríonn mic léinn i suíomhanna gairmiúla agus cuireann i dteagmháil dhíreach iad leis an bpobal.

Bunaíodh struchtúr rialachais acadúil freisin a bhí ceaptha gníomhaíocht Forbartha Gairmiúil Leantach (CPD) a bhainistiú agus a chur chun cinn. Tar éis athbhreithnithe fhairsing, tugadh faomhadh d'fheabhsuithe ar an mBeartas ar Réamhfhoghlaim, comhdhlúthú á dhéanamh leis sin ar roinnt beartas reatha maidir le creidiúnú réamhfhoghlama agus aistriú cláir.

Agus é ag leanúint lena thiomantas seirbhísí tacaíochta den scoth a chur ar fáil do mhic léinn, chuir Clárann UCD doiciméid nua lena Thionscnamh Féin-fhoilsithe Doiciméad Ar Líne. Tugann an tseirbhís rochtain láithreach do mhic léinn ar dhoiciméid Ollscoile, mar Theastais Freastail, Tras-scríbhinní, Ráiteas Torthaí agus Ráitis Acadúla, ar féidir le tríú páirtithe a fhíorú ar líne ar nós Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce.

Anuas ar úsáid a bhaint as rphost agus as ábhar ar líne chun eolas tábhachtach a chur in iúl do mhic léinn, bhí éileamh mór ar úsáid líonraí sóisialta ag Clárann UCD, mar Twitter agus Facebook mar bhealach le heolas bainteach le riarachán a scaipeadh.

In Aibreán 2012, ghlac 160 den fhoireann páirt i siompóisiam dar teideal: *Saolré an Mhic Léinn - An Chaoi a Nascann Sé go Léir le Chéile*. Thug an imeacht, a d'eagraigh Clárann UCD i gcomhar le comhghleacaithe ar fud na hOllscoile, deis aird a tharraingt ar fhorbairtí nua, béim a chur ar shamplaí dea-chleachtais agus saincheisteanna faoi sholáthar eolais bainteach le riaracháin do mhic léinn a iniúchadh.

Coinníonn Comhairleoirí Mac Léinn UCD, seirbhísí comhairliúcháin, seirbhísí sláinte agus Séiplínigh UCD orthu ag tairiscint raon leathan de thacaíochtaí rí-thábhachtacha do mhic léinn ar chúrsaí airgeadais, ar shláinte liachta, ar mheabhairshláinte agus ar shaincheisteanna eile.

Oifig an Leas-Uachtaráin do Mhic Léinn

Thug an Coiste Cur Chun Cinn Sláinte faoi roinnt tionscnamh i rith 2011/12, lena n-áirítear: Comórtas Bia Shláintiúil; Feasacht ar Ailse; agus clár Get in Gear. Chuir an Coiste Leabhar Cócaireachta ar Bhia Sláintiúil ar fáil a scaipeadh ar na mic léinn nua go léir.

Thug Ionduchtú 2011 breis agus 4,500 mac léinn nua isteach san Ollscoil i Meán Fómhair; d'fhreastail na mic léinn ar raon gníomhaíochtaí ionduchtaithe chomh maith le hócáid Fáilte an Uachtaráin i Halla Uí Raghallaigh.

Tháinig Coiste Comhairleach Straitéiseach Eispéireas an Mhic Léinn le chéile i rith 2012 chun saincheisteanna lena n-áirítear Ionduchtú, árais chónaithe, Lárionad nua do Mhic Léinn agus Ciste Leasa Mac Léinn a phlé.

Comhairleoirí Mac Léinn

In 2011/12 cuireadh tuilleadh le Clár Piarhmeantóireachta UCD trí thabhairt isteach an chláir Foghlama le Cúnamh Piar agus tionscnamh BA Linkedup. Tairgeann piarmheantóireacht, a eagraítear den chuid is mó trí Chomhairleoirí Mac Léinn, an deis do mhic léinn reatha a dtaithe de shaol an mhic léinn a roinnt le mic léinn céad bliana ag teacht isteach dóibh.

Cuireann an Ollscoil obair dheonach laistigh den phobal mac léinn chun cinn go gníomhach trí thacú le thionscnaimh mar Oibríthe Deonacha UCD Thar Lear (UCDVO) agus Cumainn Mhac Léinn. Tugtar tacaíocht freisin don fheachtas meabhairshláinte tríú leibhéal náisiúnta *Please Talk*, a bunaíodh i UCD cúig bliana ón dtaca seo.

Sláinte agus Comhairliúchán Mac Léinn

D'óstáil Sláinte Mac Léinn UCD Comhdháil Chomhlachas Mac Léinn Éireann an-rathúil in 2012. Choinnigh an tseirbhís a huaireanta oscailte méadaithe rud a thug tacaíocht bhreise do mhic léinn i rith na bliana. Bhí baint ag foireann Chomhairliúcháin UCD le heagrú cruinníú de chomhghleacaithe i seirbhísí comhairliúcháin ó institiúidí tríú leibhéal eile, chun cleachtais agus nósanna imeachta do bhainistiú liostaí feithimh agus saincheisteanna mac léinn a athbhreithniú.

Séiplínigh

Leag tuarascáil bhliantúil na Séiplíneach: *Global Minds: New and Open Hearts*, béim ar na himeachtaí éagsúla a eagraíonn an Séiplíneacht mar aon leis an for-rochtain ar mhic léinn idirnáisiúnta i mbunú fóram idir-reiligiún i measc mac léinn. I mbliana freisin bhí na Séiplínigh bainteach le léachtaí, siompóisiamáí agus cainteanna do mhic léinn chomh maith leis an deichiú siúlóid go Compostela na Spáinne a eagrú.



1



2




4



3



5



6



7



8

1. Scoláirí Córula UCD ag gabháil fhoinn ag Dinnéar Lá Bunaithe 2011 UCD, faoi stiúir Desmond Earley, a Stiúrthóir Ealaíonta
2. Corn Corcoran á bhuanach ag foireann Iomraimh Sínsir na mBan UCD, i rith Rás bliantúil Colours i gcoinne Choláiste na Tríonóide, ar an Life
3. Captaen UCD, Laura Wilson, agus a foireann, ag ceiliúradh an ceann is fearr a fháil ar Loreto i gcluiche ceannais Chorn Sínsir Mhná na hÉireann Electric Ireland ag an Staid Náisiúnta Haca, Belfield
4. Barry Daly, UCD, ag imirt in aghaidh James Kearns, Old Belvedere, i gcluiche ceannais Chorn Fraser McMullen Faoi 21 Uile Éireann, ag Páirc Lakelands, a bhuaigh UCD
5. Ciara Everard, Mac Léinn Fisiteiripe i UCD, ag buachan an Chraobhchomórtais Náisiúnta Lúthchleasa Laisigh, a tionóladh san Odyssey Arena, Béal Feirste i Feabhra 2012. Bhuaigh sí Craobhchomórtais Idir-Ollscoile na hÉireann IUAA an tseachtain roimhe sin, nuair a sháraigh sí curiarracht Sonia O'Sullivan i 1991 sa rás Faoi 23 800 méadar laistigh
6. Póstaer ag fógaírt taibhíú Cheolfhoireann Shiansach UCD de *Shostakovich Symphony No. 10*, sa Cheoláras Náisiúnta, Márta 2012
7. Bhronn Cumann Litríochta agus Staire UCD Gradam James Joyce ar Phadraig Harrington, as ucht an méid ollmhór a bhain sé amach i spórt, a spreagann go leor leor daoine óga. Feictear é sa ghrianghraf seo in éineacht le Christine Simpson, Reachtair Chumann L&H UCD
8. Mic léinn ag fanacht ar an aisteoir ón mBreatain Mhór, Sir Christopher Lee, a fuair comhaltacht oinnigh ar feadh an tsaol i gCumann Díl UCD

Spórt, Cumainn agus Gníomhaíochtaí Eile

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht a sholáthar ina dtugtar gach spreagadh agus tacaíocht is féidir do mhic léinn chun a lánachmhainneacht, i réimsí acadúla agus pearsanta araon, a bhaint amach. Cuireann Clubanna Spóirt agus Cumainn UCD an timpeallacht sin ar fáil.

Cuireann oscailt an Lárionaid nua do Mhic Léinn bunús ar fáil ónar féidir 'Eispéireas UCD' a fhorbairt tuilleadh. Spreagfaidh an linn snámha 50 méadar agus saoráidí nua spóirt mic léinn chun nósanna sláintiúla a fhorbairt agus chun tabhairt faoi ghníomhaíocht fhisiciúil. Beidh na saoráidí nua seo rí-thábhachtach chun a chinntiú go mbaineann UCD an sprioc amach a bhfuil cur síos air i bPlean Straitéiseach UCD go 2014 *Intinní Domhanda a Chruthú*, a éilíonn go mbeidh 60% de mhic léinn gafa le clubanna agus le cumainn.

Is bliain shonrach a bhí ann do chlubanna agus do chumainn na hOllscoile. Bhí ionadaithe ann thar ceann na mball ag an leibhéal contae, náisiúnta agus idirnáisiúnta, mar aon leis na Cluichí Oilimpeacha i Londain agus an Chraobh Díospóireachta Domhanda.

Spórt UCD

- Bhog traenáil agus riarachán Rugbaí Laighean go UCD i Meitheamh 2012.
- Rinne dhá Scoláire ó *Acadamh Ad Astra*: Annalise Murphy agus Arthur Lanigan O'Keeffe ionadaíocht thar ceann UCD san Cluichí Oilimpeacha i Londain 2012.
- D'óstáil UCD foirne Pheil Mheiriceá Notre Dame agus an Chabhlaigh, lena n-áirítear 12 ardscoil agus Coláiste roinn a trí, maraon lena mbannaí agus a mbuionta gáir mholta, do sheisiún traenála aon lae.
- D'óstáil Spórt UCD, i gcomhar le Comhlachas Haca na hÉireann, an cluiche cáilíochta Haca Oilimpeach d'fhoirne na bhfear.
- Ag an leibhéal U21 bhain an Club Rugbaí gach teideal Coirn agus Sraithe. Roghnaíodh seachtar mac léinn UCD ar imreoirí Faoi 20 don Chraobh Domhanda Sóisearach san Afraic Theas i Meitheamh.
- Bhain an Club Sacair Corn Collingwood.
- Thug céad fhoireann Haca na mBan Craobh Chorn Sinsearach na Seaimpíní Electric Ireland leo.
- Bhain Novice 4 na bhFear an Chraobhchomórtas Iomraibh Ollscoile.
- Bhuaigh clubanna bád na bhFear agus na mBan trí cinn de na ceithre ghradam ag Rásaí na nDathanna, Coirn Gannon agus Corcoran agus Sciath Dan Quinn Shield á dtabhairt leo.
- Bhain foireann Eitpheile Príomhshraithe na bhFear craobh na Sraithe.
- Thug foireann Snámha UCD an chraobh fhoriomlán leo ag na Craobhchomórtais Ollscoile.
- Ainmníodh an scoláire spóirt Ciara Mageean mar Lúthchleasaí Sóisearach na Bliana ag na Dámhachtainí Lúthchleasaithe Náisiúnta.
- Bhain an scoláire spóirt Ciara Everard Craobhchomórtais Idir-ollscoile na hÉireann IUAA.
- Bhuaigh foireann Leadóige Boird na bhFear an Craobhchomórtas Idir-ollscoile.
- Ghlac níos mó ná 85 d'fhoireann UCD páirt i gclár aclaíochta agus sláinte UCD, *Get in Gear Be Active*. Is í aidhm an chláir cuidiú le sláinte agus folláine fostaithe a fheabhsú trí oideachas sláinte agus gníomhaíochtaí aclaíochta.

Cumainn

- D'óstáil UCD Féile Chomhlachas Dráma Mac Léinn na hÉireann (ISDA), áit ar choinnigh an Ollscoil an gradam don Léiriú Foriomlán is Fearr agus fuair cúig ghradam in iomlán.
- Díoladh amach léiriú an Chumainn Ceoil de *Cabaret*, i Halla Astra.
- D'éirigh thar barr arís le léiriú bliantúil Ard Teiste an Dramsoc, léiriú na bliana seo de *Hamlet* díolta amach. Thug sé sárthaispeántas ar an gcuid is fearr de shaol Cumann UCD do bhreis agus 2,000 mac léinn Ard Teistiméireachta ó scoileanna áitiúla.
- Bhuaigh Cumann L&H UCD Craobh Irish Mace, Craobh Idirnáisiúnta Mace, Craobhanna Idir-ollscoile Choláiste na Tríonóide, Maigh Nuad agus DCU, agus Craobhchomórtas na Stát Aontaithe. Tháinig siad sa dara áit i gCraobh an *Irish Times* agus Craobh na hEorpa, agus chuaigh chomh fada leis na babhtaí leathcheannais de Chraobhchomórtas Díospóireachta na nOllscoileanna Domhanda.
- D'éirigh le Cumann Damhsa UCD, ina chéad bhliain iomlán, duais an Choláiste is Fearr ag an gCraobh Idir-ollscoile Damhsa i NUIG a bhaint.
- Ainmníodh Cumann Damhsa UCD mar Chumann na Bliana 2012, agus thóg Cumann Tréidliachta UCD agus LGBT UCD an teideal don *Small Society of the Year*.



6

FONDÚIREACHTAÍ CUMASÚCHÁIN

Teastaíonn córas tacaíochta láidir ó champas ollscoile faoi bhláth a dhéanfaidh straitéisí UCD a threisiú agus a chur chun cinn, a sholáthróidh mar sin saibhreas deiseanna do mhic léinn, don fhoireann agus don phobal níos leithne.

Faoi Fhondúireachtaí Cumasúcháin tá rannchuidiú Cumarsáide, Forbartha agus Caidreamh Alumni rí-thábhachtach do sprioc UCD chun ‘mol eolais’ úrscothach a chruthú don 21ú haois. Cuireann siad an domhan ar an eolas faoin méid atá bainte amach ag UCD, agus spreagann siad alumni chun a bheith rannpháirteach i gcultúr daonchairdis a thacaíonn le spriocanna straitéiseacha UCD.

CLÁR

Airgeadas	48
Acmhainní Daonna	49
An Leabharlann, Bainistíú Faisnéise agus Eolais	50
Caidreamh Ollscoile	51
Forbairt agus Caidreamh Alumni	52
Forbairt Chaipitil	54
Dámhachtainí agus Gradaim	55

Airgeadas

Tá súil ag an Ollscoil barrachas €3.3 milliún a chruthú don bhliain airgeadais dar críoch 30 Meán Fómhair 2012, maidir lena gníomhaíochtaí a fhaigheann croímhaoiniú ón HEA. Laghdóidh se seo a heasnamh carnach go €3.2 milliún.

Is í seo an ceathrú bliain as a chéile ar chruthaigh an Ollscoil barrachas agus tá sí ar an mbealach ceart lena heasnamh carntha a dhíchur ar fad. Baineadh an laghdú seo ar an easnamh carntha amach d'ainneoin an mheatha leanúnaigh ar leibhéal an mhaoinithe ón Stát.

Mar fhreagra ar laghduithe leantacha ar mhaoiniú Stáit agus ar cheanglais an Chreat Rialaithe Fostaíochta (ERC), choinnigh Coiste Athbhreithnithe Buiséid na hOllscoile air lena ról rí-thábhachtach maidir le hathbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil chaiteachais thar aonaid uile na hOllscoile.

Chuir cruthú ioncaim tráchtála go mór i gcónaí le hairgeadas na hOllscoile. Lean méadú ag teacht ar ioncam ó ghníomhaíochtaí coimhdeacha freisin i rith na bliana agus chonaic 2011/12 fás suntasach arís ar ghnó lóistín samhraidh, a bhíodh curtha amach ar cheadúnas chuig oibrítheoir neamhspleách roimhe seo. Chuir an Oifig Tráchtála a sprioc chun feabhas a chur ar chóras áirithinte lóistín chun cinn chun gnó breise an tsamhraidh a éascú. Áiríodh anseo uaireanta fada oscailte san oifig le freastal ar an margadh idirnáisiúnta. Chuir roinnt conarthaí bainteach le soláthar seirbhísí lónadóireachta freisin le maoiniú oibríochtaí na hOllscoile.

Baineadh coigilteas suntasach amach i gcaiteachas neamh-phárolla i gcompháirtíocht le soláthraithe, trí úsáid níos leithne tairisceana agus idirbheartaíocht faoi phraghsanna le soláthraithe. Bhí ról tábhachtach ag Oifig Soláthair UCD i mbronnadh tairiscintí agus d'fheidhmigh sí mar phríomh-chomhpháirtí i roinnt conarthaí comhoibríocha le hollscoileanna eile.

Tugadh próisis sonraisc ceannaigh nua le mórsholáthraithe isteach chun cur isteach sonraisc go leictreonach go díreach i gcórais airgeadais UCD a chumasú. Cuirfidh sé seo deireadh leis an ngá próiseáil de láimh a dhéanamh ar shonraisc agus laghdóidh sé an sreabhadh substaintiúil páipéar. Tá córais cheannaigh leictreonacha in úsáid ar fud na hOllscoile trí úsáid a bhaint as cóid tráchtearraí soláthraithe.

Tá comhdhlúthú á dhéanamh ag an Ollscoil anois ar a feidhmeanna ceannaigh chun cur ar chumas aonad san Ollscoil sochair a bhaint as cleachtais sholáthair níos éifeachtúla.

I rith 2011/12, fuair an Ollscoil maoiniú €90 milliún ar iasacht ó Bhanc Infheistíochta na hEorpa, chun cuid den mhaoiniú a theastaíonn le clár caiteachais chaipitil na hOllscoile thar na chéad trí bliana eile a mhaoiniú. Áirítear anseo maoiniú don Lárionad Mac Léinn nua, agus maoiniú d'árais chónaithe mac léinn agus do roinnt tionscadal caipitiúla níos lú.

Tá UCD tar éis €110 milliún a leithdháileadh do chéim 2 d'fhorbairt Lárionaid Eolaíochta UCD i rith na bliana, lena n-áirítear maoiniú caipitil Stáit, daonchairdeas agus rannchuidiú ó UCD.

Tá dúshlán airgeadais ollmhóra roimh an Ollscoil amach sa bhliain atá romhainn agus beidh sé thar a bheith deacair tuilleadh laghduithe a bhaint amach ina heasnamh carntha. Toisc go laghdóidh maoiniú Stáit tuilleadh in 2012/13, beidh baint amach barrachas buiséid ag brath go príomha ar acmhainn na hOllscoile costais oibríochta a laghdú, tuilleadh mac léinn a mhealladh agus maoiniú breise a chruthú ó chion tairbhe na mac léinn agus ó tháillí teagaisc mac léinn, go háirithe ioncam ó tháillí thar lear. Maidir leis sin, lean UCD air ag infheistiú i ngníomhaíochtaí mac léinn idirnáisiúnta agus i máistreachtaí múinte, ar fhoinsé luachmhar ioncaim neamh-Stáitchiste iad.

Acmhainní Daonna

Forbraíodh straitéis Acmhainní Daonna (HR) na hOllscoile do 2012-2015 agus tugadh chun críche í in 2011. Bhí sé bunaithe ar phróiseas comhairliúcháin fairsing le bainistíocht na hOllscoile, leis an bhfoireann agus le príomhúsáideoirí na seirbhísí a chuireann HR UCD ar fáil. D'ionchorpraigh an straitéis freisin na príomh-mholtaí a tháinig chun cinn as Athbhreithniú Cáilíochta HR 2011. Mar aon le haiseolas ó gach catagóir foirne, rinneadh athbhreithniú ar chleachtais HR go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus rinneadh tagarmharcáil ar chleachtais HR le roinnt ollscoileanna idirnáisiúnta ceannródaíocha agus eagraíochtaí comparáide.

Dá thoradh seo d'aithin straitéis HR na hOllscoile na cúig réimse seo a leanas d'fhócas agus do thomhas HR straitéiseach:

1. Cuidiú leis an bhFoireann Bainistíochta Ollscoile (UMT) tosaíochtaí na foirne a aithint agus an clár HR earnálach a mhúnlú;
2. Tacú le hathrú san Ollscoil;
3. Bainistiú a dhéanamh don rathúlacht agus d'fheidhmíocht, na buntáistí a bhaineann le bheith ag obair i UCD a chur chun cinn agus cion tairbhe na foirne a aithint;
4. Leanúint le feabhas ar sheachadadh seirbhíse;
5. Cultúr agus forbairt foireann HR a chur chun cinn tuilleadh.

Tá dhá aidhm leis an straitéis: an deis a thabhairt don Ollscoil tosaíochtaí na foirne a leagan amach go soiléir; agus an Ollscoil a chur i riocht in ar féidir léi a bheith i gceannas ar fhorbairt agus ar thosaíochtaí earnálacha HR. Ba chóir dó sin, ar a sheal, ligean do UCD réitigh a cheapadh ar shaincheisteanna bainteach le beartas casta HR.

Tá tús curtha le clár oibre sna cúig réimse seo. Áirítear anseo cuidiú leis an UMT tosaíochtaí foirne a aithint agus clár HR na hearnála a mhúnlú. Bunaíodh an grúpa HR UMT agus tá sé i mbun oibre anois ag cur príomh-shaincheisteanna HR in ord tosaíochta, mar réimse caidrimh agus cion tairbhe foirne.

Ceapacháin Nua

Ceapacháin Ollúna

Leagann an tábla thíos amach na ceapacháin acadúla sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2011 go 31 Lúnasa 2012, do phoist Ollaimh, agus áirítear anseo daoine a earcaíodh isteach go UCD agus daoine d'fhoireann UCD a fuair ardú céime.

Ainm	Seasamh	Coláiste/Scoile UCD
An tOllamh Maeve Conrick	Ollamh agus Príomhoide Coláiste	Coláiste Ealaíon agus Léann Ceilteach UCD
An tOllamh Joe Carthy	Ollamh agus Príomhoide Coláiste	Coláiste Eolaíochta UCD
An tOllamh Sinisa Malesevic	Ollamh le Socheolaíocht	Scoil na Socheolaíochta UCD
An tOllamh James Jones	Ollamh le hAnatamaíocht	Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD
An tOllamh Carel Le Roux	Ollamh le Paiteolaíocht	Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD
An tOllamh Rosa Chun	Cathaoir i gCeannaireacht Dhomhanda, i bhFreagracht agus i gCáil	An Scoil Ghnó UCD
An tOllamh Mark Pagell	Cathaoir i gCeannaireacht Dhomhanda, i mBainistiú Slabhra Soláthair Inbhuanaithe	An Scoil Ghnó UCD
An tOllamh John Cotter	Ollamh le hAirgeadas Cainníochtúil	An Scoil Ghnó UCD
An tOllamh Donal Bredin	Ollamh le hAirgeadas	An Scoil Ghnó UCD

An Leabharlann, Bainistiú Faisnéise agus Eolais

Seirbhísí TF

Is é Seirbhísí TF an mol a chumasaíonn agus a thacaíonn le gníomhaíochtaí na hOllscoile, an sreabhadh eolais agus eagrú agus slánstóráil sonraí.

Ba é an fócas do 2011/12 córais agus seirbhísí reatha a sheachadann ábhar leictreonach do phobal UCD a fhorbairt agus a fheabhsú. Mar shampla, trí dhul ag obair le Leabharlann UCD chun saoráid chuardaigh catalóige iomlán Leabharlainne a chur ar fáil, trí fheidhmchlár UCD Mobile, féadfaidh mic léinn anois an t-eolaire a bhrabhsáil agus irisí a aimsiú ar a gcuid fón cliste. Áirítear freisin sa dara eisiúint de UCD Mobile feabhsuithe ar an mapa campais idirghníomhach, lena n-áirítear uaireanta oscailte agus uimhreacha teagmhála do shaoráidí campais. Tá turas Nuálaíochta san áireamh ann freisin a chuireann príomhshuíomhanna Taighde agus Nuálaíochta ar champas chun cinn.

Tugadh leagan nua áisiúil don úsáideoir de InfoHub isteach a dhéanann sruthlíniú ar phróiseas seachadta agus anailíse eolais chuig aonaid chun tacú lena gcinnteoireacht. Tá comhoibriú laistigh de phobal ardoideachais dírithe i gcónaí ar sheirbhísí roinnte agus ar ghlacadh le teicneolaíochtaí nuálaíocha. Tá Blackboard Collaborate ar cheann de na teicneolaíochtaí sin, agus tá an uirlis ghréasán-chomhdháil seo, ar malairt áisiúil í ar chruinnithe aghaidh ar aghaidh, ar fáil anois don fhoireann trí UCD Connect. I rith na bliana ghlac foireann UCD páirt i dtrialacha gairis úsáideora chun an acmhainn teagaisc agus foghlama atá á tairiscint ag teicneolaíocht nua a chur chun cinn.

Tá cothú cáilíochta an Infreastruchtúir TF lárnach do rathúlacht campais dhigítigh a réachtáil. Tháinig méadú beagnach dhá oiread 2009 ar líon na ngaireas ar líonra campais UCD, agus tá úsáid fón cliste ag dul i méid.

D'oibrigh Seirbhísí TF UCD freisin le HEAnet chun a seirbhís chomhstórála, ar a tugtar EduStorage, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Déantar an stóráil sonraí ceannródaíoch seo a óstáil ina Láirionaid Sonraí i mBaile Átha Cliath agus déantar é a sheachadadh thar an líonra chuig custaiméirí i UCD agus in institiúidí eile.

Leabharlann UCD

Rinne Leabharlann UCD dul chun cinn suntasach i mbaint amach cuspóirí Phlean Straitéisigh UCD. Thug sí faoi atheagrú mór ar struchtúr agus ar sheirbhísí chun dul in oiriúint do chúinsí atá ag athrú agus feabhsuithe móra á ndéanamh ag an am céanna ar phróisis mheasúnaithe, ar sheirbhísí digiteacha agus ar shaoráidí.

Tá Teagasc agus Foghlaim lárnach d'fhís na seirbhíse Leabharlainne, agus fócas ar chomhpháirtíocht le haonaid acadúla agus le r-foghlaim. Thairg Leabharlann UCD clár rathúil le fáilte a chur roimh mic léinn nua, agus d'fhreastail 2,500 ar thurais agus bhain 1,200 leas as deasc nua mac léinn. Seachadadh thart ar 645 ceardlann ar scileanna eolais a mheall 13,700 duine. Bhain an grúpa r-foghlama Dámhachtain do Thacú le Foghlaim Mac Léinn arís (dá svuít nuálach de ranganna teagaisc agus físteipeanna a chuidigh le fochéimithe céad bliana tuiscint a fháil ar riachtanais fionnachtain acmhainne acadúla). Thacaigh Leabharlann UCD freisin leis an gClár BA ina dtriail rathúil ar mhodúl ar scileanna staidéir ar líne.

Cuireadh struchtúr nua Leabharlainne i bhfeidhm agus atheagraíodh an fhoireann laistigh de chreat seirbhíse nua níos solúbtha. Cuireadh foirne nua leabharlainne in áit chun freastal ar ionchais úsáideoirí a bhíonn ag dul i méid i gconaí agus ghlac formhór foireann na leabharlainne le punáin oibre athraithe.

Rinneadh uasghrádú suntasach ar thrí mhórchóras Leabharlainne: cuireann catalóg nua ar líne eispéireas cuardaigh comhaimseartha ar fáil agus ceadaíonn do chomhathú níos fearr feidhmeanna gnó leabharlainne le córais riaracháin UCD; cuireadh tús le Leabharlann Dhitigeach, rud a chuir comharba ar fáil d'ardán IVRLA do bhainistiú ábhar oidhreachtach cultúrtha digiteach mar aon le sonraí taighde agus eolas; agus rinneadh uasghrádú ar Stór Taighde UCD, agus i gcomhar le Taighde UCD, comhtháthaíodh é leis an gcóras Bainistithe Taighde.

Léirítear fócas nua ar sheirbhísí taighde freisin i mbunú aonaid Taighde agus Nuálaíochta laistigh den Leabharlann, a chuireann seirbhísí tacaíochta speisialaithe ar fáil do scoláireacht dhigiteach, do mheasúnú acadúil agus do sheirbhísí sonraí speisialaithe. Tacaíonn an t-aonad seo freisin le Cartlann Sonraí Eolaíochta Sóisialta na hÉireann (ISSDA), a bhog a feidhmeanna riaracháin go Leabharlann UCD in 2012.

Caidreamh Ollscoile

Déanann Caidreamh Ollscoile bainistiú ar an straitéis chumarsáide lárnach don Ollscoil agus tá freagracht ar leith air as bainistiú branda agus margaíocht, agus as cumarsáid sheachtrach agus inmheánach chomh maith. Tar éis dóibh feachtas bhranda UCD a mhéadú tríd an tionscadal ionannais, feachtais UCD *Horizons* agus caidreamh seachtrach réamhghníomhach, tá Caidreamh Ollscoile ag iarraidh gníomhaíochtaí agus gnóthachtálacha na foirne agus na mac léinn a chur chun cinn le cáil na hOllscoile a fheabhsú tuilleadh.

Branda UCD

Tá 'branda' UCD i gcoflár straitéise cumarsáide seachtraí na hOllscoile. Léiríonn sé tionchar agus uaimhian láidir UCD. Déanann Caidreamh Ollscoile bolscaireacht ar bhranda UCD chun mórtas a mhúscailt i mic léinn agus i mbaill foirne.

I mbliana, mar chuid den iarracht chun feachtas ar oidhreacht UCD a threisiú, cuireadh scoláireacht Joyce chun cinn i gcomhar le Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta. Mar chuid den tionscadal seo foilsíodh mór-fholíonadh ar Joyce san *The Irish Times* ar 2 Feabhra 2012 - lá breithe Joyce agus comóradh lá foilsithe *Ulysses*.

Margaíocht Straitéiseach

Tá Caidreamh Ollscoile freagrach as príomhstraitéis margaíochta na hOllscoile. Forbraíodh í seo le roinnt blianta anuas agus leagann sí amach teachtaireachtaí agus láidreachtaí treoirlíne UCD chun go leanfadh na coláistí agus na haonaid uile í.

Margaíocht Idirnáisiúnta

Chun tacú le straitéis idirnáisiúnaithe na hOllscoile agus í a chomhlánú, seoladh mórfeachtas margaíochta clú sa láthair acadúil idirnáisiúnta. Cuireann an feachtas seo eolas ar fáil faoi phríomhthréithe gradaim UCD agus tá d'aidhm aige feachtas faoi ghnóthachtálacha na hOllscoile a mhéadú go hidirnáisiúnta.

Margaíocht Iarchéime

Rinneadh taighde margaidh domhain agus anailís ar mhargadh céimithe na hÉireann agus forbraíodh plean cumarsáide uileghabhálach do mhargaíocht lárnach staidéar iarchéime. Tógadh ar an bhfeachtas margaíochta samhraidh a seoladh anuraidh agus bhí comhoibriú fairsing le coláistí agus le scoileanna chun tacú lena bpróiseas pleanála.

Margaíocht Fochéime

Tiomáineann Caidreamh Ollscoil an straitéis mhargaíochta náisiúnta d'earcú mac léinn fochéime na hÉireann. Ní hamháin go ndéanann sé bainistiú ar fheachtais bolscaireachta agus ar léiriú físe ach treoraíonn sé straitéis meáin shóisialta UCD trí úsáid a bhaint as líonraí mar Facebook agus Twitter.

Meallann balla físe *UCD Life* na mílte mac léinn ionchasach i gcónaí agus cuireadh píosaí físe nua leis ar bhonn rialta.

Cruthaíodh ábhar go seasta do na meáin náisiúnta dírithe ar lucht fágála scoile agus a dtuismitheoirí. Áiríodh anseo anailís agus míniú ar an CAO agus ar phatrúin pointí.

I mbliana, i gcomhthráth le Baile Átha Cliath, Cathair na hEolaíochta, foilsíodh raon leathan gné-altanna i bhforlíontaí *The Irish Independent 'Science for Life'*. Chuir siad seo béim ar an obair atá á déanamh ag eolaithe UCD.

Caidreamh leis na Meáin

Cuireann Caidreamh Ollscoile seirbhís chuimsitheach 24/7 ar fáil d'iriseoirí sa chaoi gur féidir sreabhadh beacht, pras agus soiléir a chur ar fáil ar shaincheisteanna leasa poiblí bainteach leis an Ollscoil.

Le comhoibriú an lucht acadúil, ullmhaíodh agus eisíodh scéalta nuachta agus agallaimh ar aschuir taighde shuntasacha. Ar shamplaí i rith 2011/12 áirítear: aimsiú béile deiridh Veileasaraptair a tógadh ó iarsmaí iontaiseacha ársa; agus rianú bunús na 'géine luais' i gcapaill ráis an lae inniu.

Tá Caidreamh Ollscoile freagrach as bainistiú mórfhógraí Ollscoile sna meáin mar bhunú coláiste idirnáisiúnta i mBeijing i gcomhar le hOllscoil Theicniúil Beijing.

Cumarsáid Inmheánach

Forbraíodh ríomhíris foirne chomhdhlúite chun an sreabhadh eolais laistigh de UCD a fheabhsú, agus, ag obair le HR UCD, forbraíodh córas seicliosta cumarsáide inmheánaí nua chun cuidiú le bainisteoirí sinsearach a cinntí ó UMT agus ó fhóiraim eile a chur in iúl.

I mBealtaine, reáchtáladh an dara *UCD Staff Open House* i gcomhar le Seirbhísí agus Foirgnimh UCD. Eagraíodh turais ar thithe seanré agus ar fhoirgnimh nua chun iarracht a dhéanamh cur le braistint phobail agus le meas ar oidhreacht shaibhir UCD. Seoladh mapa agus treoir nua ag an imeacht, *Origins of the Belfield Campus and UCD's Period Houses*, a léiríodh le Scoil Seandálaíochta UCD, agus Foirgnimh agus Seirbhísí.

Cumarsáid ar an nGréasán

Tá Caidreamh Ollscoile freagrach as an ábhar ar leathanach baile UCD, ar leathanaigh ghréasáin ardleibhéal, agus ar shuíomhanna oifigiúla Facebook agus Twitter na hOllscoile. Ar shamplaí den ábhar a léiríodh áirítear: tweet an lae de chuid Joyce, a bhí ag dul ar aghaidh ó mhí Feabhra go 16 Meitheamh (Bloomsday), agus na hagallaimh agus na gné-ailt bronnta céime.

Foilseacháin

Cuireann Caidreamh Ollscoile *UCD Today* amach – iris oifigiúil na hOllscoile, mar aon le *Tuarascáil an Uachtaráin*.

Forbairt agus Caidreamh Alumni

Múnlaíonn *Feachtas UCD – Intinní Domhanda a Chruthú* gníomhaíochta uile na hOifige Forbartha agus Caidreamh Alumni, ó thacaíocht alumni ar fud an domhain a eagrú go tabhartais a fháil ó dhaonchairde. Chuir na hacmhainní a bhronn alumni agus deontóirí UCD go fial, le forbairt agus leathnú infreastruchtúir agus caipitil intleachtúil, rud a chumasaigh UCD a phlean straitéiseach a bhaint amach.

Forbairt

Ba bhliain mhaighdeogach í 2011/12 d'obair tiomsaithe airgid UCD. A bhuíochas do fhlaithiúlacht ollmhór phríomhchéimithe UCD, comhpháirtithe corparáideacha agus daonchairde eile, tugadh €28 milliún i dtabhartais agus i ngealltanais. Ar na hinfheistíochtaí príobháideacha seo áiríodh bronntanas ocht bhfigiúr amháin agus deich mbronntanas ag an leibhéal seacht figiúr, rud a leag tagarmharcanna nua amach ní don daonchairdeas i UCD amháin, ach d'Éirinn chomh maith.

Ar na ceithre tosaíocht don Ollscoil ar leagadh béim orthu anuraidh (Dlí, Eolaíocht, Gnó agus Spóirt) tugadh an feachtas do Chéim II den Eolaíocht chun críche ag €25.8 milliún agus tá an obair thógála ag dul ar aghaidh go maith. Tá an feachtas €10.9 milliún do Scoil Dlí Sutherland UCD beagnach tugtha chun críche, a mheall bonn leathan de bhronntóirí gníomhacha. Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhFeachtas don Spóirt le hoscailt an Lárionaid Mac Léinn nua, i samhradh 2012, agus seoladh Comhpháirtíocht Rugbaí UCD-Laighean. Tá measúnú ar riachtanais an fheachtais don Scoil Ghnó UCD go maith chun cinn.

Tá obair ag dul ar aghaidh le scoileanna feadh na hOllscoile le tosaíochtaí agus deiseanna nua a aithint laistigh de Phlean Straitéiseach UCD a dteastaíonn tacaíocht daonchairdis uathu. Is acmhainn bhunathraithe do thaighde agus d'fhorbairt fuinnimh in Éirinn a bheidh san Institiúid Fuinnimh nua, cuid de Choláiste Innealtóireachta agus Ailtireachta UCD. Tá daonchairdeas príobháideach tar éis an deis a chur ar fáil maoiniú tionscail agus rialtais a ghíaráil don tionscnamh tábhachtach seo.

Tá cláir Scoláireachta agus Comhaltachta UCD ag dul i méid i gcónaí. Meallann Clár Comhaltachta Newman na scoláirí is fearr ar fad chun fanacht sa saol acadúil, saoirse á gcur ar fáil dóibh tabhairt faoi réimse ar leith taighde. I mbliana, bhí 20 Comhalta iardhochtúireachta Newman ag obair i ndisciplíní ar

fud na hOllscoile. Déantar an clár seo a mhaoiniú ó thacaíocht fhial na hearnála corparáidí agus daonchairdis amháin. Chláraigh *Acadamh Ad Astra UCD*, ciste scoláireachta a bunaíodh leis na mic léinn agus na céimithe is mó tallainn in Éirinn a choinneáil agus a fhorbairt, 75 mac léinn i rith na bliana: 39 scoláire acadúla; 27 lúthchleasaí den scoth; agus 9 scoláire sna taibh-ealaíona. Ar deireadh, trí thabhartais don Chiste Alumni, thacaigh céimithe le cuid mhaith clár tábhachtacha mar Scoláireachtaí New ERA, Scoláireachtaí Spóirt, Scoláirí Córúla UCD, Ceolfhoireann Shiansach UCD agus Cúrsaí Togthacha Samhraidh.

Caidreamh Alumni

Ba thosaíocht i gcónaí é i rith na bliana alumni a choinneáil i dteagmháil le himeachtaí ar an gcampas agus lasmuigh de. Cuireann an iris alumni bhliantúil, *UCD Connections*, béim ar ghnóthachtálacha alumni UCD ó gach gné den saol. Eisítear sé feasachán dhémhíosúla chuig breis agus 38,000 alumni via rphost. Áirítear ar cheann de chuspóirí na bliana atá ag teacht rochtain na gcumarsáidí seo a mhéadú tríd an gclár cumarsáide agus imeachtaí, rannpháirtíocht mhéadaithe trí chainéil na meán sóisialta agus trácht méadaithe ar láithreán gréasáin an Alumni.

Bhailigh Alumni le chéile ag imeachtaí ar fud an domhain le bualadh leis an Uachtarán, le déin agus le baill foirne leis an nuacht is deireanaí ó UCD a fháil. Chuir imeachtaí na Scoile Gnó i Hong Kong, Singapore, Nua Eabhrach agus ar champas ar chumas na gcéadta alumni dul i dteagmháil agus líonrú. Mheall an lá oscailte alumni don láthair nua Spóirt agus Folláine UCD 800 alumni, cairde agus a dteaghlai. Agus d'fhreastail breis agus 500 alumni agus a gcairde ar *Characters in Conversation*, Bloomsday, leis an nDr Brenda Fricker, an Dr Jim Sheridan agus an t-óstach Ryan Tubridy. Bhí an teacht le chéile ranga agus bliana faoi bhláth arís agus d'éirigh go rí-mhaith le seoladh Siúlóidí Coillearnaí Alumni UCD. Reáchtáladh dhá cheolchoirm Nollag d'alumni a raibh Scoláirí Córúla UCD páirteach iontu, a díoladh amach.



1. Sa ghrianghraf (clé go deas) ag an ócáid *Bloomsday Characters in Conversation*, ar fheastail os cionn 500 alumni agus cairde uirthi, tá: alumnus UCD, An Dr Jim Sheridan; Áine Gibbons, Leas-Uachtarán Forbartha agus Caidrimh Alumni; An Dr Brenda Fricker; agus alumnus UCD, Ryan Tubridy
2. Déanann Oifig Caidrimh Ollscoile UCD teagmháil ghníomhach leis na meáin chun gníomhaíochtaí agus gnóthachtálacha na hollscoile a chur chun cinn chuig lucht éisteachta náisiúnta agus idirnáisiúnta
3. John Murray, Craoltóir RTÉ, ag treorú grúpaí siúlóirí ag seoladh Siúlóidí Coillearnáí Alumni UCD 2011. Tá na siúlóidí comhdhéanta de chuid de na cosáin choillearnáí a forbraíodh mar áis do lucht UCD agus don phobal áitiúil
4. Láronad nua Mac Léinn UCD, ag an dealbh *Joie de Vivre* leis an dealbhóir Jill Pitko. Oireann an píosa mór seo, atá 4.5 méadar ar fhad agus déanta as cré-umha agus cruach dhosmálta, d'aithreacht nua-aimseartha an Láronaid
5. Sampla de chumarsáid lánpháirtithe lucht acaúil UCD ina gceannairí smaointeoireachta domhanda



nature COMMUNICATIONS

ARTICLE

Received 27 Jul 2011 | Accepted 14 Dec 2011 | Published 24 Jan 2012

The genetic origin and history of speed in the Thoroughbred racehorse

Nina A. Bonini¹, Patricia A. McGinnis², Michael S. Compton³, Jingping Gu⁴, Lisa S. Anderson⁵, Elizabeth Brent⁶, Catherine K. Davis⁷, Sofia Mikhal⁸, Isabelle Stoop⁹, Václav Vondráček¹⁰, Daniel G. Brannan¹¹, Alan D. Hahn¹², Susanna Lindgren¹³, David E. MacHugh¹⁴, Galina Subramo¹⁵ & Ewenorah W. Ross¹⁶

Selective breeding for speed in the racehorse has resulted in an unusually high frequency of the C-variant (g.6649373C/T) at the myostatin gene (MSTN) in embryos of the Thoroughbred horse population that are best suited to sprint racing. Here we show using a combination of molecular and pedigree-based approaches in 1011 horses from 23 European and North American horse populations, museum specimens from 12 historically important Thoroughbred stallions (1764–1930), 330 elite-performing modern Thoroughbreds and 42 samples from three other elite species that the T-allele was ancestral and there was a single introduction of the C-allele at the foundation stage of the Thoroughbred from a British-native mare. Furthermore, we show that although the C-allele was rare among the colonized stallions of the 18th and 19th centuries, it has proliferated recently in the population via the stallion Herkules (b.1924), the sire of the most influential stallion of modern time, Northern Dancer (b.1961)

abc NEWS **msnbc**

Dr EMMELINE HILL
UCD/Equinome Ltd.

RTÉ NEWS **RTÉ**

UPI.com **my FOX NEW YORK**

5

There's more to speed than meets the eye

Hidden in at the heart of the world's fastest breeding industry, is where else would you expect to find...
On average, this population also identified and traced the "speed gene" for Thoroughbred racehorses?
And where else would you expect to find the university that focused a spin-out company, Equinome, that is the world leader in the use of genomic technologies for test for speed and performance in the bloodstock industry across the UK, US, Ireland, France, Australia, New Zealand, Singapore, Russia, China and Hong Kong?

At University College Dublin, we believe in the power of scientific research to deliver commercial opportunities with international potential. Through Equinome, the university's innovative and technology transfer centre, UCD offers support to spin-out and joint-ventures from Ireland and abroad.

Discover more about innovation and commercialisation at ucd.ie/industry

TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN
Extraordinary Possibilities

UCD **THE**

53

Forbairt Chaipitil

Bunaíodh airmheán nua gníomhaíochtaí spóirt, cruthaitheacha agus sóisialta ar Champas Belfield nuair a tugadh an Lárionad Mac Léinn nua chun críche, tionscnamh suaitheanta idirnáisiúnta don earnáil ollscolaíochta. I measc saoráidí eile tá linn snámha 50 méadar de réir sonraíochtaí Oilimpeacha ar fáil sa Lárionad Mac Léinn nuálaíoch seo, mar aon le stiúideonna aclaíochta agus damhsa, saoráidí scannán agus drámaíochta, agus Seomra Díospóireachta nua Mhic Gearailt.

Léirítear tiomantas na hOllscoile saoráidí a sholáthar a chinntíonn bainistiú fuinnimh agus acmhainne freagrach sa tsaoráid nua a mbeidh sprioc de laghdú 40% ar a laghad ar ídiú fuinnimh agus astaíochtaí CO₂ i gceist, i gcomparáid le dearaidh thraidisiúnta.

I gcomhar le UCD, tá Rugbaí Laighean tar éis bonn riaracháin agus traenála a bhunú lámh le hInstitiúid Spóirt agus Sláinte UCD, ag Newstead. Cuirfidh an chomhpháirtíocht comhoibríochtaí teagaisc agus taighde chun cinn thar eolaíocht ardfheidhmíochta, teicneolaíocht bhraiteora, bithinnealtóireacht agus fiseolaíocht spóirt.

Ba léir infheistíocht i dtodhchaí an oideachais in Éirinn trí thacaíocht leanúnach na hOllscoile, an rialtais, daonchairdis agus tionscail do Lárionad Eolaíochta UCD, a chuirfidh saoráidí ceannródaíoch ar fáil don phobal eolaíochta agus a thabharfar chun críche é faoi dheireadh 2013.

Go luath in 2012, d'fhreastail an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, agus an Dr Peter Sutherland, an príomhdheontóir, ar shíniú oifigiúil na gconarthaí d'Fhoirgneamh Scoil Díl Sutherland UCD. Tá sé sceidealaithe go mbeidh daoine istigh sa bhfoirgneamh nua i 2013 agus cuirfidh sé timpeallacht ardfhoghlama ar fáil, idirghníomhaíocht shóisialta agus cóiríocht oiliúna in oideachas dlí cliniciúil.

D'fhreastail Foirgnimh Leabharlainne Newman agus James Joyce go maith ar na pobail riaracháin, taighde agus teagasc fochéimithe, foirgnimh a coimisiúnaíodh sna luath 1970idí. Tá an dá fhoirgneamh tar éis a bheith ag obair faoi lánacmhainneacht le roinnt mhaith bliana agus teastaíonn athchóiriú suntasach uathu. Tá tús curtha le soláthar foireann dearaidh chomhtháite do mháistirphlean cheantar Newman Joyce. Agus prionsabail inbhuanaitheachta á nglacadh chucu, cuirfidh an fhorbairt seo le húsáid talún agus déanfaidh sé lorg carbóin UCD a íosmhéadú trí chur chun cinn fuinneamh in-athnuaite agus teicneolaíochtaí éifeachtúla fuinnimh. Tógfaidh an fhorbairt bheartaithe seo ar chlár athchóirithe an champais níos leithne a sheachadann spásanna feabhsaithe teagaisc, cónaithe, leabharlainne agus sóisialta gach bliain.

Anuas ar oibreacha athchóirithe forleathana agus mar chuid de mháistirphlean do Cheantar Newman Joyce, tá sé i gceist go bhféadfadh go ndéanfaidh UCD foirgneamh suaitheanta nua a fhorbairt a bheadh mar 'Áit Chruinnithe' do na Dána agus do na Daonnachtaí, d'fhoireann na hOllscoile agus do na mic léinn, agus don phobal níos leithne.

D'fheidhmigh UCD sraith de staidéir ar an gceantar chun roghanna a aithint do chur chun cinn céime tosaigh don Cheantar Iontrála N11. Chuir an Ollscoil na próisis sholáthair do Lárionad nua Confucius UCD chun cinn freisin. Feidhmeoidh sé seo mar acmhainn náisiúnta uathúil agus mar lárionad sármhaitheasa i dteanga agus i gcultúr na Síne. Cothóidh sé agus cuirfidh sé le naisc chultúrtha, acadúla agus gnó ar bhealach a chuimsíonn institiúidí, eagraíochtaí, gníomhaireachtaí agus an pobal gnó ar fud na hÉireann.

Campas Inbhuanaithe

Is sprioc thábhachtach i gcónaí í bainistíocht éifeachtach ar ídiú fuinnimh do UCD. Is é an príomhchampas i mBelfield is cúis le 90% d'ídiú fuinnimh iomlán na hOllscoile, 9.0 GWh den leictreachas agus 10.0 GWh den teas á nginiúint ag an Fearas Teasa agus Cumhachta Cónasctha (CHP) gás-chumhachtaithe ar an láthair in 2011/12. Tá an t-ídiú gáis CHP san áireamh sa bhfigiúr don ghás nádúrtha i dtábla 1 thíos.

I rith na bliana tháinig méadú 1% ar an ídiú fuinnimh, ach, nuair a chuirtear saoráidí nua na hOllscoile (Lárionad Eolaíochta UCD, Lárionad Mac Léinn UCD agus foirgnimh Institiúid Charles UCD) san áireamh, seachadadh laghdú foriomlán 5%. Baineadh é seo amach de bharr cláir leanúnaigh feabhsúcháin, lena n-áirítear coirí ardéifeachtúla sa Lárionad Fuinnimh. Ar na gníomhartha atá beartaithe do 2012/13 áirítear soláthar teasmhalartóirí nua chun cur tuilleadh le héifeacht chóras téimh cheantar an champais. Ar thionscnaimh champais chliste áireofar freisin comhtháthú córas bainistithe foirgneamh, rialú rochtana, córais áirithe seomra, agus úsáid mhéadaithe mhéadraithe in-athnuaite agus cliste.

Tábla 1: Ídiú Fuinnimh UCD

Ídiú Fuinnimh UCD	2011/12
Leictreachas	25.4 GWh
Gás Nádúrtha	60.0 GWh
Teas Bithmhaise	2.0 GWh
Breosláí Iompair	0.6 GWh
Ola Gáis	0.8 GWh
Ídiú Iomlán	88.8 GWh

Dámhachtainí agus Gradaim

Bonn Ulysses UCD

Bronntar an gradam is airde atá ag UCD ar dhaoine ar chuir a gcuid oibre go hollmhór leis an domhan mór.



An Ollamh Peter Doherty

22 Meán Fómhair 2011, mar aitheantas ar a thaighde ceannródaíoch mar eolaí tréidliachta.



An Dr Tony Scott

16 Meitheamh 2012, mar aitheantas ar a shárchion tairbhe i leith teagasc na fisice agus rannpháirtíocht an phobail san eolaíocht.

Bonn Lá Bunaithe UCD

Bronntar an bonn seo ar alumnus gach bliain ag Dinnéar Lá Bunaithe UCD mar aitheantas ar a b(h)uaicghnóthachtálacha.



Bill Whelan

4 Samhain 2011, cumadóir, mar aitheantas ar a bhuaicghnóthachtálacha agus a chion tairbhe i leith ceoil na hÉireann ar fud an domhain.

Dámhachtainí agus Gradaim

Céimeanna Oinigh



Emma Donoghue
1 Meán Fómhair 2011,
úrscéalaí agus gearrscéalaí
- Céim Oinigh Dochtúir
Litríochta



Garry Hynes
1 Meán Fómhair 2011,
stiúrthóir ealaíne Chompántas
Amharclainne Druid - Céim
Oinigh Dochtúir Litríochta



Shirin Ebadi
16 Meán Fómhair 2011,
dlíodóir, iar-bhreitheamh
agus údar - Céim Oinigh
Dochtúir le Dlí



Andrea Camilleri
5 Nollaig 2011, scríbhneoir
agus stiúrthóir stáitse - Céim
Oinigh Dochtúir Litríochta



Mary Gordon
5 Nollaig 2011, scríbhneoir
cruthaitheach agus scoláire
- Céim Oinigh Dochtúir
Litríochta




Joseph O'Connor
5 Nollaig 2011, scríbhneoir
cruthaitheach - Céim Oinigh
Dochtúir Litríochta



Olivia O'Leary
5 Nollaig 2011, gradam
i gcaoladh agus i
dtráchtairacht pholaitiúil
- Céim Oinigh Dochtúir
Litríochta



Joan Bergin
16 Meitheamh 2012,
príomhealaíontóir na hÉireann
i ndearadh feistis do scannán
agus don amharclann - Céim
Oinigh Dochtúir Litríochta



Daniel Day-Lewis
16 Meitheamh 2012, aisteoir
- Céim Oinigh Dochtúir
Litríochta



Brenda Fricker
16 Meitheamh 2012, aisteoir
- Céim Oinigh Dochtúir
Litríochta



Laura Mulvey
16 Meitheamh 2012, teoiricí,
múinteoir agus scannánóir
- Céim Oinigh Dochtúir
Litríochta



Jim Sheridan
16 Meitheamh 2012,
stiúrthóir, scríbhneoir agus
léiritheoir scannán - Céim
Oinigh Dochtúir Litríochta